Ba as Baile na Finne í. Múinteoir an-mhaith a bhí inti agus bhí bua na haisteoireachta aici. Bhí sí ina ceoltóir agus bhíodh sí ar Raidió Éireann blianta ó shin.

Dfhág sí Scoil na gCruach agus fuair sí post i nDoire Luacháin.

Garmhac di an t-aisteoir aitheanta Sean Mc Ginley.

GRÁINNE NÍ EAGHRAIN (GRACIE AN TÁILLIÚRA) 1926-1929

Rugadh agus tógadh Gráinne Ní Eaghraín i Mín a Dubháin, Baile na Finne bunús 100 bliain ó shin, iníon an táilliúra Proinsias Ó hEaghraín, an duine ab óige do dheich gcloigne teaghlaigh, cúigear girseach agus cúigear gasúr.

Ba í Gráinne croitheadh an phocáin agus cuireadh ise ar coláiste i mBaile Átha Cliath ar feadh seal; fuair sí scairt go Coláiste Oideachais Bhantiarna na Trócaire agus ba ansin a cáilíodh í mar bhunmhúinteoir.

Ach chaith sí dhá bhliain ag teagasc i Scoil na gCruach sular cáilíodh í ar chor ar bith.

Bhí buanna faoi leith aici mar mhúinteoir nó bhí sí feidhmiúil ag gabháil cheoil, ag aisteoireacht, ag damhsa agus roinn sí na buanna sin lena cuid scoláirí agus leis an phobal go fial fairsing, díreach mar a rinne sí leis an Ghaeilge a raibh an oiread grá aici di agus leoga spreag sí mórán daoine leis an teanga a úsáid agus í a choinneáil beo.



*Gráinne Ní
Eaghraín*

Nuair a cáilíodh í chuaigh sí mar phríomhoide go Scoil an Éadáin Anfa san áit ar chaith sí sé bliana agus ina dhiaidh sin chuaigh sí go Scoil Ghleann Léithín i gceantar Bhaile na Finne.

Pósadh í ar Pheadar Mac Aoidh as ceantar Bhaile na Finne, bhí post aigesean mar iascaire ar abhainn na Feabhaile thíos i gceantar an Lagáin agus chuaigh sí a' theagasc i gceantar Bhaile Shuingeáin. D'fhan siad i mBaile Shuingeáin ar feadh seal de bhlianta go dtí go dtáinig sí mar phríomhoide go Scoil Mhín an Bhealaigh i gceantar Ard an Rátha.

CÁIT NÍ CHNÁIMHSÍ

Ba as an Bhrocaigh do Cháit Ní Chnáimhsí

Rinne sí ionadaíocht do Ghráinne Ní Eaghraín a fhad is a bhí sise ar coláiste oiliúna i nDún Chéirigh. Bhí sí an-deas leis na páistí agus oide an-mhaith a bhí inti.

MISS GIBBONS (MAIRÉAD NÍ GHIOBÚIN) (1929 - 1934)

(Máire Uí Cheallaigh a scríobh)

Bhí Scoil Náisiúnta na gCruach druidte mar gur fhág an t-oide Gráinne Ní Eaghraín í (Bn Mhic Aoidh níos deireanaí) roimh laethanta saoire an tSamhraidh sa bhliain 1929 agus chuaigh sí a theagasc i scoil Náisiúnta an Éadáin Anfa.

Bhí an t-íomrá ann go raibh Scoil na gCruach le druid agus go mbeadh na scoláirí le tabhairt go scoil eile a bhí seacht nó ocht de mhílte uainn. Ní raibh muintir na háite sásta agus chuir siad ina éadán go láidir. Ansin tháinig an dara scéal ó shagart paróiste go raibh múinteoir eile ag teacht.

Maidin Dé Luain amháin i dtús mhí Mheán an Fhómhair fosclaíodh an scoil arís. Bhí iontas mór ar na scoláirí nuair a chonaic siad an bhean mheánaosta seo ina suí ag an tábla mar bhí siad cleachtaithe le múinteoirí óga.

Dúirt sí leofa i mBéarla choimhthíoch "is mise Máighréad, Iníon Uí Ghiobúin as Co na hIarmhí"

Ba as Collinstown, Co na hIarmhí di.

I dtrátha triúr déag scoláire a bhí ag freastal ar an scoil agus ní raibh focal amháin Béarla ag aon duine acu! Bhí cúpla duine a raibh tuigbheáil acu ar an teanga agus abalta Béarla a léamh agus a scríobh ach b'shin an méid. Bhí an múinteoir an-chineálta agus ar a dícheall ag foghlaim na Gaeilge. D'inis sí dona páistí go ndearna sí cúrsa Gaeilge thiar i dTeileann ach bhí difear idir Gaeilge na gCruach



Mairéad Ní Ghiobúin agus Máire Ní Gheibhinn i mBÁC nuair a bronnadh duais ar Mháire as aiste a scríobh sí fá Eoghan Rua Ó Néill.

agus Gaeilge Theileann, mar sin bhí achrann againn ar feadh tamaill.

Ní raibh sí cleachtaithe le scoláirí óga ó theaghlach bochta cosúil le páistí na gCruach. Bhíodh leabhair ranga úra le fáil gach bliain agus 'sén plean a bhí aici leabhair, pinn luaidhe &rl a cheannacht uair amháin sa bhliain. Bhí sinne cleachtaithe le "hand me downs". Is cuimhin liom gur chosain mo chuid leabhar cúig scillinge! Am bocht leatromach a bhí ann agus ba doiligh cúig scillinge a fháil. Bhí an cogadh eacnamaíoch ar siúl agus ní raibh ach cúpla punt le fáil ar ghamhain agus cúpla scilling ar chaora.

Bhí aithne ag Miss Gibbons ar mhórán daoine tábhachtacha, bhí aithne phearsanta aici ar Lord Longford (Francis Pakenham, 7ú iarla Longfoirt) agus bhíodh sí ag insint dó faoin áit iargúlta a raibh sí ag teagasc inti. Thug seisean deontas di le

leabharlann bhreá a cheannach don scoil, rud a rinne sí, agus is cosúil nach raibh a leithéid in aon scoil eile sa chontae ag an am.

Bhí Miss Gibbons an-chineálta agus an-mhaith do dhuine ar bith, sean nó óg, a bheadh tinn nó i ngéibheann ar bith. Bhí sí an-chráifeach mar chaith sí deich mbliana ina bean rialta nó gur bhris a sláinte uirthi. Deirtí paidreacha trí nó ceithre huaire sa lá agus ba mhaith léi go rachadh sinn chun an Aifrinn ach an Domhnach. Ba doiligh sin a dhéanamh mar bhí an teach pobail cúig nó sé de mhílte uainn.

Scríbhneoir cumasach ab ea í agus scríobh sí na scórtha leabhar Béarla, leabhair cosúil le "Little Nellie of Holy God" agus "The Life of Blessed Margaret Aylward" agus "Shifting Sands" agus "The Rose of Glenconnell". Thagadh scríbhneoirí eile ar cuairt chuici go minic, leithéidí Shéamuis Mhic Mánuis.

Bhí gramafón aici agus ceirníní go leor. Bhíodh na daltaí ag ceol agus ag damhsa agus bhíodh siad abalta Highlands, Germans, An Staicín Eorna agus an Military Two Step a dhéanamh.

I ndiaidh na Cásca 1934 d'fhág Miss Gibbons an scoil.

Lean sí uirthi ag scríobh ina dhiaidh sin agus chaith sí seal san Ind.

Fuair sí bás sa bhliain 1969.

MÁIRE NÍ CHINNÉIDE UÍ CHUIRC 1934-1952

Tháinig sí as Cill Riaghain, taobh amuigh dena Gleanntaí.

Ní raibh ach beagán scoláirí ar an scoil agus bhí sí an-deas leis na páistí.

D'fhanadh sí tigh Mhic Fhionnghaile ar an Fhál Gharbh. Rothar a bhí aici i dtús báire ach ansin fuair sí carr, ceann dena chéad charranna a bhí sa cheantar agus ba mhór an t-iontas é.

Bhí sí ina colceathrar ag an gCairdinéal Ó Domhnaill. (B'eisean an t-easpag ar labhair Séamus Ó Gallchobhair leis i 1906 faoi scoil a fháil dona Cruacha)

B'ise a bhí sa scoil nuair a bhí béaloideas á bhailiú faoi Scéim na Scol 1937 agus thug sí ar na páistí scéalta agus seanchas a chruinniú óna muintir agus cuireadh ar aghaidh chuig Choimisiún Bhealoideas Éireann é.

Bhí Máire pósta ar Hugh Kirke agus bhí beirt chlainne acu, Michael agus an tSiúr Máire.

Fuair sí bás i 1979.



*Máire Uí Chuiric agus Máire agus Bridie Ní Ghiobúin
ar lá a gCéad Chomaoineach.*

MÁIRE NÍ GHEIBHINN UÍ CHEALLAIGH 1952- 1971

Is as Mín na Sróna sna Cruacha do Mháire ach tá sí ina cónaí ar an Choimín ó 1954. Is í an t-aon duine dena múinteoirí ata beo go fóill. Bhí cúig cloigne déag de bunadh na gCruach sa scoil nuair a chuaigh sí ann i 1952 ach chuaigh na huimhreacha síos sna seascaidí. Ba as an taobh amuigh den cheantar de mhórán dena scoláirí sna seascaidí agus bhíodh siad siar le Máire sa charr, macsamhail chlann Uí Dhomhnaill agus clann Uí Earcain.

Bhí carr mór den déanamh Wolesley aici sna seascaidí agus bhíodh sé lán go béal ag dul siar bealach an Chlochair ag tarraingt ar an scoil (ní raibh iomrá ar bith ar chriosanna sábhála nó ar na “people carriers” san am sin!)

Bhí spéis faoi leith aici sa stair agus mhúineadh sí í i bhfoirm scéalaíochta agus bhíodh na daltaí faoi dhraíocht agus eachtraí mhacasamhail Fhiaich Mhic Aoidh Uí Bhroin nó Strongbow á n-insint aici. Is minic a ndearnadh taifeadadh ar na daltaí agus muid ag ceol nó ag insint scéaltaí!

I 1971 dúradh go mbeadh an scoil á druid. Ní raibh ach teaghlach amháin ón cheantar le páistí óga san am (teaghlach Uí Ghiobúin ón Deargchruach) agus ní raibh iontu ach leanaí san am.

Bhí Máire pósta ar John Kelly agus thóg siad Éamon Ó Díoraí agus Áine Ní Dhíoraí.



*Máire Ní Gheibhinn
Uí Cheallaigh*

AN SCOIL OÍCHE

Reachtáileadh ranganna oíche i Scoil na gCruach idir mí na Samhna 1910 agus Márta 1911.

Mar a fheictear óna rollaí “Elementary Evening National School” a tugadh ar an scoil oíche.

Ba é an Máistir Ó Colla a bhí ina bhun.

Cuireadh an scoil ar bun le beagán léinn a theagasc do dhaoine nach bhfuair aon oideachas roimhe seo (ní raibh scoil ar bith ar na Cruacha roimh 1907)

B'iad na hábhair a múineadh; Léamh Béarla & Gaeilge, Scríobh agus Uimhríocht.


Bhíodh ranganna ar chúrsaí sláinte (health and habits) uair sa tseachtain.

Bhíodh siad ar bun ceithre oíche sa tseachtain ón Mháirt go dtí an Aoine idir 6.00pm agus 8.00pm

Bhí tinreamh maith ar na ranganna. De réir na rollaí fir uilig a bhí ar an scoil oíche agus bhí an duine ab óige 14 bl d'aois agus an duine ba shine 51 bl d'aois, agus iad rangaithe ó rang na naíonán go rang a 2, ag brath ar an léann a bhí orthu.

Thagadh sagart an Éadáin ar cuairt uair sa mhí. Tá na rollaí sínithe ag an Ath. Art Ó Frighil faoi thrí ar a laghad.

LEABHAR ROLLA NA SCOILE OÍCHE 1910-1911



COPY OF TIME TABLE.

Juniors Infants		Seniors II & IV Standards	
From - To	Writing		Arithmetic
6 - 6.10			
6.10 - 6.15		Roll Call	
6.15 - 6.30	Writing		Arithmetic
6.30 - 7	Reading		Writing, Dict (Tu) Comp (Wed)
7 - 7.30	Arith		Reading
7.30 - 8	Read (Irish)	Mon, Wed, Writing Irish (Tu)	Health & Habits Thursday

From 1st Feb. 1911 until end of session school work begins at 6.30. Rolls marked at 6.45

Time Table the same for corresponding half term as during the rest of term

Register No. of Pupil.	Fees Received, if any Paid.	NAME OF PUPIL ELIGIBLE IN POINT OF AGE †	Age.	Date of Meeting	Dates on which the Evening School was in operation,															
					Week ending 20/10/10	27/10/10	3/11/10	10/11/10	17/11/10	24/11/10	1/12/10	8/12/10	15/12/10	22/12/10						
				Time of Meeting Roll	From 6.10 To 6.15															
11		James Doherty (Inft)	51		A	O	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
12		Cornelius Doherty "	33		A	O	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
13		Bonnell Moore "	22		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
14		John Moore (B)	22		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
15		John Ward (John)	25		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
16		Peter Moore (Bun. B)	20		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
17		Patrick McDermott "	26		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
18		Michael Moore (B)	18		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
19		John Moore (Pete. ad)	28		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
21		Thomas Ward (John)	27		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
22		Patrick Moore (Pete)	26		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
23		John Moore (Bun. B)	26		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
26		Daniel Gibbons "	30		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
28		Michael Moore (Patrick)	22		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
30		John Moore (Patrick)	28		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
32		Edward Quinn "	22		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
34		Patrick Moore (B. B)	24		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
36		Michael Moore "	22		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
37		James Moore (Pete)	22		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
38		Hugh Moore "	26		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
41		Bonnell Quinn "	19		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
44		Patrick Moore O.P.	24		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
45		Hugh Conaghan "	30		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
46		James McDermott "	19		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
27		James Moore (First)	16		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
30		Joseph Moore (First)	14		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
31		James McKinley (II)	16		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
32		Ambrose Quinn II	36		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
33		William Ward (Jun) II	8		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
34		Patrick Kelly II	14		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
35		Peter Moore (B.P.) II	15		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
36		Hugh McKinley II	18		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
24		Patrick McKinley (Jr) II	27		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
25		John Ward (William) II	30		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
29		Patrick Scanlan II	23		A	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/	/
TOTALS,				(Present,	1721	2316	2929	89	59	32	29									
				(Absent,	-	3	2	1	2	4	1	2	11	17	21	27	25	26		

*No entry should be made in the column of fees until the fee in each case has been actually paid.
The presence of a pupil is to be indicated by a diagonal line (X)

and his n

CROAGHS ELEMENTARY EVENING NATIONAL SCHOOL

There was no national school in the Croaghs district until 1907. Most of the older generation never got an opportunity to get education as the nearest school was in Commeen, at least six miles from Croaghs.

Master Charles Coll from Gweedore who was the first teacher in the Croaghs National school suggested that a night school would be very beneficial to the senior members of the community. The curate in Edeninfagh, Fr Art O’Friel, heartily agreed and the people were delighted at the opportunity of getting some education.

Permission was granted from the Board of Education and the evening school was started in October 1910.

The men of the area from the age of 15 yrs to 60 yrs attended the night school four nights a week from 6.00pm until 8.00pm

The master was very patient as most of them didn’t even know the alphabet. Reading (Irish and English), Writing and Arithmetic were the subjects taught. Attention was paid also to some health education under the heading “Health and Habits”

The night school was for the long Winter nights as the men had to attend to their farm duties from early Spring.

Although the night school ended in 1911 it was never forgotten by those who attended and many a funny story was told and re-told about the happenings of the eager students of the Croaghs Elementary Evening National School.

TUAIRISC CHIGIREACHTA 1910

County Donegal

I.O. 171, (a.)

School GoaghsRoll No. 15984Post Town CommeenStrabane**CONFIDENTIAL**

For the information of Manager, Teacher, and Board's Officers, and to be preserved amongst the School Records.

Extracts from the General Report on the above-named National School, dated the 21st Novr. 1910 by Mr. Little Inspector.

Office of National Education,

P. E. LEMASS,

Dublin, 9th Jan'y 1911

W. J. DILWORTH, } Secretaries.

I.—General Condition of School.

(Opinion of Inspector expressed by one of the following words:—"Excellent," "Very Good," "Good," "Fair," "Middling," "Bad.")

Fair

II.—Inspector's remarks upon the result of the Inspection of the School.

Oral teaching is now on intelligent lines, but pupils are not sufficiently bright and lively in giving answers. Their articulation is very indistinct.

Written exercises ought to be more orderly in arrangement, and more careful in execution.

Generally the school is in fair condition, and bilingualism is duly practised.

The passage to one of the out-offices has not been properly constructed yet.

The dates of birth of pupils are not entered in Registers.

E.T.C.

Checked W.C.

This Document is issued in Duplicate—one copy for the Manager—the other for the Teacher.

MÓRTHUAIRISC CHIGIREACHTA

M.T.O. 2.

An Príomh Oide,
 Croagh's N.S.,
 Corrimkeen,
 Cloghan, Co. Donegal

MÓRTHUAIRISC

(GENERAL REPORT)

FAOI RÚN (CONFIDENTIAL)

Contae
County

Dún na nGall

Uimhir
Number

15984

Scoil
School

Croagh's

Oide
Teacher

Máire Bean Mí-Chathóir

Post sa scoil
Position in school

Pr. Oide

Tá na sleachta thall as mórtuairisc an chigire ar obair an oide seo á gcur ag triall ort mar eolas duit.
 The extracts overleaf from the Inspector's General Report on this teacher's work are forwarded for your information.

TARLACH Ó RAIFEARTAIGH,

Rúnaí.

An Roinn Oideachais,
(Department of Education)Brainse an Bhunoideachais,
(Primary Branch)Balle Átha Cliath 1.
(Dublin 1)

Eanáir 1966

Cuirtear sleachta chuig an mbainisteoir, chuig an bpríomhoide agus chuig an oide a ndearnadh mórtuairisc ar a chuid oibre. An chóip a chuirtear chuig an bpríomhoide ba cheart í a choimeád le croidicé na scoile.

Extracts are furnished to the manager, to the principal teacher and to the teacher reported on. The copy sent to the principal teacher should be retained in the school records.

MÓRTHUAIRISC CHIGIREACHTA (ar lean)

Contae (County) *Sao Bhríde*

Uimhir (Number) *15984*



Obair an oide in olltúint na ndaltaí

(Work of teacher in training pupils)

Ábhar (Subject)

Eifeacht an Teagaisc (Efficiency of Teaching)

Tá an t-oide ag obair go dílchrachtach, coinsiasach agus cuiriann sí oiliúint mhór ar na daltaí ó thaobh blas agus forlaint intleachtá.

Tá cuimhne air a dhéanamh de na hollchais leinn uilig; ceartaíonn sí an t-ábhar go maí agus leibhéal na ndaltaí go breoitear forlaint ar leinn an teagaisc. Bainear leibhéal airde amach sa Ghraic agus sa Bhíola agus ceartaíonn sí na ceartaíochtaí sa dhá theanga san ordú. Tá an t-éifeacht a thagairt go maí i gcoitinne cé go bhfeidhíonn sí leibhéal na ndaltaí de chathair luais agus cuimhne san obair ó thaobh. Is imhoblaí mar mhúinteoir an t-oide leinn na ndaltaí sa stair agus sa t-ábhar agus leibhéal síad roimh na ndaltaí ar a bhfeidhíocht go dtí seo.

I dtéarmaí an bheith mairbh leis ama a bhainteach ar chluasóilúint agus ar sealamhóibh.

Aon ní neamhghnách a chuaigh ar obair an oide. (Adverse circumstances, if any, which affected teacher's work).

Seoil amóide

Breithmheas ar obair an oide i gcoitinne. (Estimate of teacher's work as a whole)

Sesuil

Dáta an mhóriníochtha (Date of general inspection) *24 Sam Lam 1966*

Síne *Michael S. O'Gadha* Cúige.

TUAIRISC SCOILE

T.S.2.

TUAIRISC SCOILE
(SCHOOL REPORT)Dáta..... 21 Bealtaine, 1969.....
(Date)FAOI RÚN
CONFIDENTIALContae... Tír Chonaill..... Uimhir... 15984..... Scoil... Na Cruacha.....An Príomh-Oide,
S.N. Na Cruacha,
An Cuimín,
An Clochán,
TÍR CHONAILL.Tá na sleachta thall as TUAIRISC SCOILE a soláthraíodh ag C. S. Bearnais.....
The extracts from the SCHOOL REPORT furnished byCIGIRE, á gcur ag triall ort mar colas duit.
Inspector, are forwarded for your information.SEÁN MAC GEARAILT,
Leas-Rúnaí.ROINN OIDEACHAIS,
(Department of Education),BRAINSE AN BHUNOIDEACHAIS,
(Primary Branch),

BAILE ATHA CLIATH.....

*10th Míitheamh '69*Cuirtear sleachta chuig an mBainisteoir agus chuig an bPríomhoide. An chóip a chuirtear
chuig an bPríomhoide ba cheart í a choimeád le croinici na scoile.Extracts are furnished to the Manager and to the Principal Teacher. The copy sent to the Principal
Teacher should be preserved amongst the school records.

TUAIRISC SCOILE (*ar lean*)

1. AN SCOIL.* (Ní bhaineann an mhír seo ach le scoileanna a foctar trí dheontais chaipitíochta.)
THE SCHOOL. (This section applies only to schools paid on a capitation basis.)

(a) Is é tuairim an Chigire go bhfuil an breithmheas "Sásúil" tuillte ag an scoil.

It appears to the Inspector that the school continues to warrant the estimate "Satisfactory."

(b) Is é tuairim an Chigire nach bhfuil an breithmheas "Sásúil" tuillte ag an scoil.

It appears to the Inspector that the school does not merit the estimate "Satisfactory."

*Bain amach 1(a) nó (b) de réir mar oireas.

Delete 1(a) or (b) as applicable.

2. NA HOIDÍ.

THE TEACHERS.

- (a) Oidí (agus Tuathoidí i Scoileanna a foctar trí dheontais chaipitíochta) arb é tuairim an Chigire go bhfuil an breithmheas "Sásúil" tuillte acu:—

Teachers (including Lay Assistants in schools paid on a capitation basis) who, in the opinion of the Inspector merit the estimate "Satisfactory:—

Ainm an Oide (Name of Teacher)	Post sa Scoil (Position in School)
M. Bn. Mí. Cheallaigh (Tá)	Príomh-Oide
.....
.....
.....

- (b) Oidí (agus Tuathoidí i scoileanna a foctar trí dheontais chaipitíochta) ar ar soláthraíodh Mórthuarisc ó thús na scoilbhliana reatha:—

Teachers (including Lay Assistants in schools paid on a capitation basis) on whom a General Report has been furnished in the current school year:—

Ainm an Oide (Name of Teacher)	Post sa Scoil (Position in School)
.....
.....
.....

- (c) Gearrchuntas ar obair na Scoile.
Concise report on the work of school.

Scoil bheag an-taitneamhach í seo; tá na páistí go ffor-bhéasach agus labhraíonn siad go líofa, féinmhúiníneach.

Múintear na hábhair léinn go han-chúramach agus tá idir dhul chun cinn agus imheacht an-sásúil.

SLÉIBHTE AGUS LOGAINMNEACHA NA gCRUACH

Cruach na gCearc Fraoigh
 Cruach an Airgid
 An Stucán
 An Leamhaigh Mhór
 An Leamhaigh Bheag
 An Chruach Ghorm
 An Leachta Bán
 An Dubhchruach
 Binn na Cailí
 Cruach na hIfreannaigh
 Cruach Leaca
 Gáigín
 An Deargchruach
 Cruach na Binne Móire

TAOBH ABHUS D'ABHAINN AN RÍLEÁIN

An Leathchruach
 Cruach Thiobraid
 Cruach Mhín an Fheannta
 Cnoc an Chlochair
 Na hAirde Bána

LOCHANNA

Loch Chruach Thiobraid
 Loch Pholl an Ghréasaí
 Loch Annaidh
 Loch Creamhach (ag bun na Cruaiche na Goirme)
 Loch Bhéal Séad

LOGAINMNEACHA EILE

An Clochar
 Clochar Thoir
 Poll na hAillte
 Mín na Sróna

NA SLOINNTE BA CHOITIANTA AR NA CRUACHA

Táthar den bharúil gur in aimsir Phlandáil Uladh in 1609-1612 a ndearnadh na chéad chónaithe ar na Cruacha.

Na chéad daoine a tháinig b'iad sin muintir Mhic a' Luain nó Mhic Ghiolla Eoin, a deirtear a díbríodh as Tír Eoghain agus a bhuaileofa béal a gcinn go dtí gur tháinig siad go lár na gCruach. Tá an chéad chró a chuir siad suas le feiceáil i gCruach Mhín an Fheannta go fóill. Tháinig tuilleadh daoine ina dhiaidh sin agus chuir siad suas tithé beaga thall is abhus. Bhí siad sábháilte ón namhaid i measc shléibhte na gCruach. Tá triúr den ainm sin san áit go fóill thall ar an Dubhchruach.

Tháinig muintir Mhic Fhionnghaile as Gleann Eada i gCo Liatroma agus ainneoin nach bhfuil aonduine den ainm sin ar na Cruacha le seal de bhlianta anois tá an t-ainm le fáil go fairsing i gceantar Ghleann Fhinne míle nó mar sin óna Cruacha.

Tháinig muintir Uí Dhuinnín as Co Chiarraí agus bhí trí nó ceithre theaghlach den ainm sin ann go dtí tá trí scór blianta ó shin. Chuaigh cuid mhór den bhunadh óg go Meiriceá.

Áirítear gur tháinig muintir Mhic Dhiarmada as Ros Comáin agus tá fear amháin den dream sin (Joe Pheadair) ansin go fóill i gCruach Leaca.

Tháinig muintir Uí Ghiobúin as Fánaid, chuaigh mórán acu go dtí an tOileán Úr ach tá teaghlach amháin fágtha go fóill i gceantar na gCruach.

Bhí muintir Uí Thiománaí ar na Cruacha. Ar ndóigh b'iad muintir Uí Thiománaí a bhíodh i mbun na gcaiple do Ó Domhnaill Dhún na nGall. Thug Ó Domhnaill cuid mhaith talún dóibh; níl aonduine den sloinne sin fágtha ar na Cruacha anois ach tá siad go fóill fá Chnoc Leitreach agus fá Bhaile na Finne.

Bhí Clann Mhic Aoidh i gCruach Thiobraid, na Connacháin agus na Dubhthaigh ar an Deargchruach, na Dochartaigh ar an Chlochar Thoir, muintir Uí Chadhlaigh ar an Chlochar Thiar agus muintir Uí Dhuinnín i Mín a Sróna. Tháinig Amras Ó Geibhinn isteach as Mín a' Líneacháin agus sloinnnte eile a tháinig ón taobh amuigh; Ó hEilfeartaigh as Port Nua, Ó Gallchobhair, Ó Coinn, Mac Fhionntaigh, Ó Scanláin, Mac Fhearghail, Mac a' Bhaird agus Ó Ceallaigh, uilig as paróistí na nGleanntach agus Ghleann Fhinne.

SEANCHAITHE NA gCRUACH

EOGHAN PHÁDRAIG MAC A' LUAIN

Ceoltóir iomráiteach as Cruach Mhín an Fheannta, a raibh paidreacha agus deilíní aige fosta. Ta cuid acu seo i gcló in *Dhá chéad de Cheoltaibh Uladh* ag Enrí Ó Muirgheasa. Chaith Eoghan Phádraig coicís iomlán i dTeach Lios Danaire i mBaile Dhún na nGall agus an dlíodóir P.M. Ó Gallchóir ag scríobh síos a chuid amhrán uaidh ar mhaithe le Conradh na Gaeilge.

Bhí cúigear mac agus cúigear iníonach aige ach níor fhan san áit ach triúr, Máire, Pádraig agus Conall.

Fuair sé bás i 1929 agus gan é ach i dtrátha na dtrí scór.



ANNA JOHN CHIOT NIC A' LUAIN

Rugadh Anna i gCruach Thiobraid in 1884. Pósadh í ar John Eoghain Mac a' Luain.

Thóg an bailitheoir béaloidis Sean Ó hEochaidh na céadta amhrán, scéal agus cuid mhór seanchais uaithi thar na blianta.

Chuaigh sí i bhfeidhm ar scoláiri ón iasacht, macasamhail A E Johann Wöllschlager, Gearmánach a scríobh alt fúithi ina leabhar *Irland: Heimat der Regenbogen* (*Ireland: Land of the Rainbow*)



Tharraing an t-ealaíontóir iomráiteach Simon Coleman, R.H.A. a portráid agus bhí sé crochta i Roinn Bhéaloideas Éireann ar feadh na mblianta.

Fuair Anna bás in aois a trí scór go leith i 1954 ach mairfidh a cuimhne go deo, a bhuíochas do Sheán Ó hEochaidh, an Dr Ó Duilearga agus iad siúd go léir a bhailigh an oiread eolais uaithi.

JOHNNY JOHN CHIOT

Deartháir le Anna John Chiot é Johnny. Bhí sé pósta ar Bhidí Eoghain Mhicíl.

Théadh cuid dena páistí scoile siar chuige ag éisteacht leis na scéalta agus ar ndóigh chaithfí na scéalta a insint ar an scoil lá arna mhárach!




RÓISE BN EOGHAIN MHICHÍL MHIC A' LUAIN
 “Banríon na gCruach” a thugadh Seán Ó hEochaidh uirthi.

Thug sí mórán seanchais do Sheán Ó hEochaidh agus ainneoin nach raibh scéalta fada aici bhí stór mór paidreacha agus mionscéalta aici agus saibhreas iontach ina cuid comhrá.



PEADAR Ó TIOMÁNAÍ

Fear dea-chainteach nach raibh a fhocal le cuartú aige. D'inis sé scéalta agus deilíní do Sheán Ó hEochaidh. Sár cheoltóir a bhí ann fosta. Lean an ceol agus an damhsa na Connacháin, muintir a mháthar.



JOHN AGUS PAIDÍ MAC AOIDH

Bhí cónaí ar John Rua agus Paidí Dubh Mac Aoidh ar an Chruach Thiobraid. Beirt fhear an-saoithiúla a bhí iontu agus thóg an bailitheoir béaloidis Liam Mac Meanman cuid mhór seanchais uathu.

MICÍ MHICHÍL ÓIG MAC A' LUAIN

An-seanchaí a bhí ann. Bhíodh ceol agus damhsa i gcónaí sa teach sin. Bhí Micí pósta ar Bhidí Mhánais Ní Cheallaigh agus thóg siad clann mhór. Bhí iomrá mhór ar Phádraig Rua mar bhoscadóir.

'Sé Johnny an t-aonduine acu a chaitheann am ar na Cruacha anois.



MICHEÁL PHÁDRAIG SHEÁIN MAC A' LUAIN

Ba as an Dubhchruach do Mhicheál agus tá cuid dá chuid seanchais i dtaisce i Roinn Bhéaloideas Éireann.

**PÁDRAIG EOGHAIN PHÁDRAIG MAC A' LUAIN**

Duine dena seanchaithe deireanacha ar na Cruacha.

Mac le Eoghan Phádraig Mac a' Luain a bhí ann.

Bhí stór mór scéalta aige chomh maith le paidreacha agus seanchas. Bhíodh an Dr Séamas Ó Catháin, Roinn Bhéaloideas Éireann ag Pádraig go minic agus d'fhoilsigh sé cuid dá chuid scéalta, chomh maith le caislead sa leabhar *Uair a chloig cois teallaigh / An hour by the hearth* (The Folklore of Ireland Council 1985)

Fuair Pádraig bás i 1979 agus é chóir a bheith cúig bliana déag is ceithre scór.

**MÁIRE PHEADAIR RUA MHIC A' LUAIN**

Máire Nic Fhionntaigh a bhí uirthi sular pósadh í. Bhí léann maith ag Máire, d'fhan sí ar an scoil go dtí go raibh sí sé bliana déag. Bhí scéalta agus paidreacha aici. Tá a hiníon Anna ina cónaí ar an Dubhchruach i gcónaí agus tá a hiníon Róise ar an Bhinn Mhór.

**MÁIRE RUA UÍ MHAÍ (NIC A' LUAIN)**

D'fhéadfá a rá gurb í Máire an duine deireanach de sheanchaithe na gCruach. Rugadh í i 1906. Pósadh í go hóg agus chaith sí an chuid ba mhó dá saol i mBaile Chiaragáin, Gleann Fhinne. Amhránaí breá a bhí inti fosta. Fuair Máire bás in 2001

(féach alt an Dr Seosamh Watson ar Mháire Rua)



DÁN FAOIN IMIRCE

le Sinéad Nic Mhonagail (file áitiúil)

An chéad lá a fuair sí an litir
 Mo chailín beag cineálta, mo ghrá
 Le dhul imeasc choimhthigh i dtír eile
 Is í a bheith réidh liom go brách
 A' suí dom ar uaigneas faoi chrannaibh
 Ag éisteacht le ceol binn na néan
 'sé deirim "mo thrua thú a linbh
 'sé mo thruaighe naoi nuairé mé féin"

Ní hé an lá is faide is buaine
 Ní fada go luífidh an ghrian
 Agus dá mbíodh ortsa ocras nó tinneas
 Ní dócha go mothófá an phian
 Ná bhí sí fá dtaobh dom go ceolmhar
 Agus a cosicéim go héadrom le gaoth
 Gurbh fhearr liom bheith ag éisteacht lena glór binn
 Ná bheith ag éisteacht le fidil is píob.


Ní féidir dom dearmad a choíche
 Ar gach lá aoibhinn a chaith mé is í
 Fa mhullach na nardán deas fraochaí
 Is gan tuirse nó brón ar ár gcroí
 Ach go bhfuil mé taobh thall dena blianta
 Agus níor mhothaigh mé an aois de mo chloí
 No an té a bheadh i gcuideachta Mháire
 Níorbh fhéidir dá aigne a dhul síos.

Ach mo mhallacht go brách do spraoi an tsaoil
 'Sé fhágann mórán in Éirinn faoi bhrón
 Mar a ndúil lena bhfortún a shaothrú
 Go bhfuil siad in gach áit ar an domhan
 Fa shaibhreas níorbh fhiú liom a chuntas
 Dá bhfaighinn é maidin 's neoin
 Nuair nach bhfeicim í amuigh fana cuibhrinn
 Beannacht Dé go raibh leatsa go brách.

AG FOGHLAIM GAEILGE AR NA CRUACHA

(Gearóid Clifford, Easpag Cúnta Ard Mhacha)

Thug mise mo chéad chuairt ar na Cruacha Gorma sa bhliain 1961, sílim, agus mé i m'ábhar sagairt ag gabháil den Léann Cheilteach i gColáiste Phádraig, Má Nuad. Moladh dúinn a dhul chuig an Ghaeltacht le snas a chur ar an Ghaeilge agus insíodh dúinn fan cheantar Gaeltachta seo a raibh an chuid ba deise den Ghaeilge ann- ceantar nach raibh greim ag an Bhéarlá air go fóill.



*Gearóid Clifford,
Easpag Cúnta
Ard Mhacha*

An chéad smaoinemh a rith liom agus mé ins an cheantar ná an ciúnas a bhí ann, áilleacht na háite ar ndóigh istigh faoi scáth na gcnoc ach thar aon rud eile na daoine carthannacha agus an Ghaeilge shaibhir shoiléir a bhí acu.

De réir mo chuimhne bhí comhleacaí liom i Má Nuad, Pádraig Mac Suibhne, i mo chuideachta chomh maith le Séamas Ó Catháin as an Ómaigh, Co Thír Eoghain, a bhí ag freastal ar Ollscoil na Banríona.

D'fhan mise i dteach Fanny Mhic Fhionnghaile, go ndéana Dia trócaire uirthi, an teach ba ghoire de theach na scoile. Thug Fanny an-aire dúinn, go deimhin ní thiocfadh léi go leor a dhéanamh dúinn.

Théadh sinn ag airneál go minic i dtithe na comharsan, chaith muid mórán ama i dtigh Eoghain Mhichíl agus i dtigh Eoghain Phádraig.

Ar ndóigh bhí ranganna againn ach an tráthnóna sa scoil náisiúnta leis an mhuínteoir scoile Máire Uí Cheallaigh. Is cuimhin liom gur thóg muid cuid mhór nótaí agus gur cuireadh an-bhéim ar an fhoghraíocht. Laetha iad sin a chuir aoibhneas ar mo chroí!

Suaimhneas síoraí do mhuintir na háite uilig atá ar shlí na fírinne agus rath Dé ar an bhunadh a tháinig ina ndiaidh.



*Neilí Uí Chuinn le Peadar Ó Duibheannaigh
agus Gearóid Clifford.*

NA CRUACHA

Máire Uí Cheallaigh

Ní cosúil go raibh duine ná deoraí ina gcónaí ar na Cruacha go dtí aimsir Phlandáil Uladh in 1609. Bhíodh na Fianna ag seilg carrfhia, eilití agus beithíoch eile agus iad ag trasnú na gcnoc i dtús na chéad aoiseanna roimh aimsir Naomh Pádraig.

Bhíodh Dálaigh Dhún na nGall nó a gcuid searbhóntaí ag tiomáint eallach trasna na gcnoc ag tarraingt ar thailte maithe a bhí acu fan Termann agus áiteacha eile. Ach táthar den bharúil gur in aimsir Phlandáil Uladh in 1609-1612 a tháinig na chéad chónaithe ar na Cruacha.

De réir an daonáirimh i 1901 bhí dhá chéad duine ina gcónaí ar na Cruacha, i 1911 bhí dhá chéad, scór is seisear déag ann, bhí cónaí i dtrí scór teach an uair sin ach ó shin i leith tá an daonra ag dul síos.

Níor fhág an Réabhlóid Tionsclaíoch lorg ar bith ar an áit seo siocar an iargúltais, is dócha. Chiallaigh sin gurbh éigean do mhórán an áit a fhágáil. I dtús báire chuaigh buachaillí agus cailíní go margadh an fhostaithe nó an “rabble” mar a thugtaí air i mBealach Féich agus chaith siad séasúr leis na feirmeoirí móra thíos fan Ghleann Mhór agus achan áit as sin go dtí an Lagán. Théadh mórán acu ina dhiaidh sin go Sasana, corr dhuine go hAlbain agus cuid mhaith go Meiriceá.

Nuair a d’imigh na girseachaí is cinnte nár phill siad a chónaí san áit, fuair siad blas ar shaol ní’b fhearr agus phós siad sna ceantracha maguaird agus ar ndóiche níos faide ar shiúl.

In 1952 nuair a tháinig an ESB go ceantracha tuaithe na tíre rinneadh leithcheal ar na Cruacha. Bhí séiplíneach iomráiteach ar an Éadán, an tAthair Mac Maoláin, rinne sé a sháith díchill an chumhacht áibhleise a fháil a fhad leis na Cruacha agus bhí tríocha teach fana choinne. Siocar go raibh bearna mhór gan teach na

cró idir an áit agus Gleann Fhinne bhí costas ró-mhór air agus ní thabharfadh Bord Soláthar an Leictreachais lascaine ar bith agus ní bhfuair siad an leictreachas.

Blianta fada ina dhiaidh sin i 1975 cuireadh an chumhacht leictreachais ar fáil saor in aisce!

D'oibrigh muintir na gCruach go cruaidh: tógáil caorach agus eallach an gléas beo a bhí acu le cois obair sna cuibhrinn bheaga dhómasaigh le préataí agus arbhar a chur ar fáil dá dteaghlach. Bhí iomrá leitheadach ar chaoirigh na gCruach agus thigeadh ceannaitheoirí as na sé chontae agus as Co na Mí fiú amháin le iad a cheannacht.

Bhíodh fir agus mná ag obair sna cuibhrinn agus 'sé mó bharúil féin gur oibrigh na mná níos cruaidhe ná na fir, idir istigh is amuigh.

Bhíodh obair tí le déanamh acu le cois sníomh, cardáil agus cniotáil. Bhíodh "campanna" in gach teach sa Gheimhreadh nuair a chruinníodh na mná isteach go teach amháin ar a bhall le cardáil agus sníomh a dhéanamh. Nuair a thagadh an 10 a chlog san oíche d'fhagtaí na cardaí agus túirni ar leataobh, thagadh na fir agus fidiléir nó boscadóir isteach agus thosaíodh an damhsa a mhaireadh go maidin.

Ríleanna agus cúrsaí cruinne eile a níodh siad cosúil le Highlands, Germans, Sets, Military Two Step, Mazurka, Lancers, Father O'Flynn agus Larry O'Gaff na damhsaí a bhíodh acu.

Thagadh fidiléirí siúil cosúil le muintir Simey Uí Dhochartaigh agus sheinneadh siad saor in aisce gan de dhíth orthu ach lóistín na hoíche. Bhí fidiléirí maithe ar na Cruacha cosúil le Johnny Ward, an Píobaire Rua, bhí damhsóirí maithe ann fosta agus bhí Conal Eoghain Phádraig Mac a' Luain chomh hiomráiteach sin gur tugadh anonn go hAlbain é le "Maggie Pickie" agus cornphíopa a dhamhsa ar stáitse i nDún Éidín.

Agus mé ag caint ar "campanna" cuireann sé in mo chuimhne scéal fá "camp" a bhí i dteach Mhic a' Bháird ar na Cruacha lá amháin i 1922. Tháinig beirt fhear choimhthíoch a fhad leis an doras ag cuartú bí agus dí. Bhí sin ann-neart bí- agus fuair siad a sáith. Fuair siad leaba agus chodail siad cúpla uair a chloig.

D'iarr siad arán agus tae le tabhairt amach ag a gcomrádaithe a bhí i bhfolach ar chúil an tí agus fuair siad sin fá chroí mhór mhaith. Cé a bhí ann ach díorma dena Irregulars agus iad ar a mbealach chun na nGleanntach.

Chuaigh siad siar an bealach cúil fríd Chruach an Airgid ach is cosúil gur chuala Arm na Saorstát a bhí i mbeairic na nGleanntach fúthu agus tháinig siadsan aniar an Gleann Mór agus le clapsholas thoisigh an scaoileadh ar dhá thaobh an ghleanna.

Maraíodh beirt dena Irregulars agus d'éalaigh an chuid eile, deirtear go raibh Charlie Daly ina measc. Gabhadh é go gairid ina dhiaidh sin i nDún Lúiche, tugadh ina phríosúnach é go Caisleán Dhroim Bó san áit ar cuireadh chun báis é féin agus triúr eile óglach i 1923.

Ní raibh gluaiseacht staire ar bith nár fhág a lorg ar na Cruacha ó aimsir Phlandáil Uladh. Ruaigeadh sagairt Órd na bProinsiasach amach as mainistir Dhún na nGall agus chuir siad suas áit ar bhruach Loch Iasc ar chúl na gCruach Gorm.

Tugadh cosán na mBráthar ar an seanchosán cruaidh clochach a dtigeadh na bráithre trasna na gCruach Gorm ó bhruach Loch Iasc. Bhíodh siad ar a seachnadh fríd na cnoic agus d'ofráileadh siad an tAifreann thall is abhus in áiteacha foscaíocha ar an uaigneas.

Tá cúpla carraig Aifrinn nó scáthlán ar an Leath Chruach agus ceann in aice le Scoil na gCruach.

Maidir leis an Ghorta Mhór níor chuala mé ach scéal amháin ag seanchaithe na gCruach faoi. Is cosúil gur ruaigeadh fear, bean agus triúr páistí amach as a mbaile beag féin agus chuir said fúthu ar shraith bheag talaimh in aice le abhainn an Ríleáin ar na Cruacha. Bhí siad ar an bheagán agus théadh siad amach achan lá ag cruinniú a gcoda. Is cosúil go raibh gráinnín beag scoilteán (préataí póir) leofa agus gur chuir an fear cúpla iomaire préataí. Bhí siad ag fanacht go cruaidh leis na préataí fás. Lá amháin tháinig siad abhaile agus bhí na préataí uilig tarraingthe amach as an chreáfóig agus gan oiread agus scidín fágtha.

Thoisigh an caoineadh agus chuaigh an bhean bhocht síos ar a glúine agus chuir a seacht mallacht ar cibé duine a rinne an gníomh cáidheach sin. Fuair na páistí bás den ocras agus cuireadh ar an tsraith iad. Tá na trí uaigh le feiceáil ansin go fóill agus tugtar Sraith na bPáistí ar an áit. Fuair an bhean bás go gairid ina dhiaidh sin agus níor mhaith leis an fhear í a chur i dtalamh nach raibh coisricthe.

Thóg sé an corp ar a dhroim le í a iompar go reilig an Ghleanna. Bhí sé féin lag le hocras agus le hanró agus nuair a chuaigh sé go mullach an Stucáin bhí sé ag deire na péice. Shiúileadh sé píosa agus shuíodh sé síos ag déanamh a scíth. Bhí fear de mhuintir Uí Chailleoige taobh thall den abhainn ar an Éadán Anfa. Chonaic sé an fear agus d'aithin sé go raibh sé i ndeire na péice. Tháinig sé trasna

na habhna chomh tiubh géar agus a thiocfadh leis agus chuidigh sé leis an fhear an corp a iompar agus a chur i reilig an Ghleanna. Chuaigh an créatúr bocht eile siar go Teach na mBocht ar na Gleanntaí agus fuair sé bás ansin. Sin an t-aon scéal fan Ghorta a chuala mé riamh ag seanchaithe na gCruach.

Am Chogadh na Talún ruaigeadh clann a bhí ina gcónaí trasna abhainn an Ríleáin ó mo theach féin. Tiarna Loch Iasc a chuir amach iad, tiarna de bhunadh Uí Chuinneagáin, sílim. Ní raibh áit ar bith acu le dhul agus thóg siad cró beag fóid ar an talamh s'againne trasna na habhna uathu. An oíche chéanna sin rugadh leanbh ann ach ba ghairid go dearnadh socrú agus fuair siad cead a dhul abhaile go dtína dteach féin. Tá luachair ag fás san áit a raibh an cró beag agus is iomaí duine ar inis mé an scéal dóibh agus ar thaispeáin mé an áit dóibh.

Is beag éileamh a bhí ar dhochtúir ná ar bhanaltra san áit mar bhí leigheas acu in achan luibh dá raibh ag fás agus bhí bean ghlúin ann a thug cuidiú in am an anáis.

Fa sheanchaithe de bhí siad in achan teach ar na Cruacha in m'óige. Bhíodh Pádraig Eoghain Phádraig Mac a' Luain againn ag áirneál go minic agus is aige a bhíodh na scéalta suimiúla fá ríthe agus bhanríona ar an Domhan Thoir, fá chailleachaí draíochta, fana daoine beaga agus fá na Fianna. Ansin bhí Micheál Phádraig Mac a' Luain, Pat Eoin Mhichíl, Micheál Mhichíl Óig, Clann Mhic Aodha, agus banríon na coda eile uilig Anna John Chiot a raibh a pictiúr in áirde i Roinn Bhéaloideas Éireann i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath ar feadh tamaill.

Bhí ceoltoirí ann mar a bhí Peadar Ó Tiománaí, Eoghan Phádraig Mac a' Luain a chaith coicís ag aithris amhrán do Sheosamh Laoide a bhí ag obair do Chonradh na Gaeilge ag an am. Bhíodh ceol agus damhsa sna tithe agus ba mhór an fháilte a bhí roimh mhuintir Simey Uí Dhochartaigh agus muintir Uí Ruairc agus bhíodh ceol agus pléaráca go maidin sna tithe. Bean eile nach bhfuil ach blianta beaga ar shlí na fírinne ab ea Máire Rua Uí Mhuighe a raibh ceol agus seanchas aici agus a bhí maith fá dtaobh de.

Rinne Coimisiún Béaloideas Éireann éacht agus na mílte leathanach de scéalta, seanchas agus d'amhráin a thógáil ó mhórán daoine ar na Cruacha óna tríochaidí ar aghaidh.

Tá buíochas ag gabháil do Sheán Ó hEochaidh agus do Liam Mac Meanman, go ndéana Dia grásta orthu, a bhailigh cuid mhór mhór béaloidis ó sheanchaithe na

gCruach agus don Ollamh Séamas Ó Catháin, Roinn Bhéaloideas Éireann as an mbailiúchán a rinne sé.

Tá a gcuid saothair i dtaisce i Lárionad Uí Dhuilearga do Bhéaloideas na hÉireann i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

Tháinig scoláirí Gaeilge mór le rá ó choláistí tríú leibhéal na hÉireann agus ón Mhór Roinn chun na gCruach le bualadh le leitheidí Anna John Chiot agus le héisteacht lena cuid scéalaíochta. Sa dialann a scríobh an t-ealaíontóir Simon Coleman, a bhí ag obair do Choimisiún Béaloideas Éireann scríobh sé faoi bheith sna Cruacha don chéad uair i 1949 agus fan Ghaeilge bhreá a chuala sé, teanga nach raibh aige féin “It was strange music to my ears, this long-drawn out, slow, rising and falling, rich and deep throated Irish. It was the real untouched language..... It was a stimulating experience this first night in the Cruacha. It was pregnant with atmosphere.”

Bhí fáilte agus fiche in achan teach roimh lucht bhualte an bhealaigh fá na Cruacha agus ní raibh mórán sóláistí an tsaoil seo acu féin ach an méid a bhí acu rann siad é go fial flaithiúil.



*Neili Cuinn taobh amuigh dá teach
i gCruach Mhín an Fheannta.*

Rinne an imirce bánú ar an áit, d'imigh an t-aos óg agus níor phill siad agus tá a síolrach sna tíortha coimhthíocha.

D'imigh cuid acu ar fostú síos fan tír, pósadh cuid acu thíos fá Chontaetha Thír Eoghain agus Dhoire agus tá a nólra ansin go fóill. I dtús an fhichiú haois thoisigh daoine a dh'imeacht go Meiriceá. D'imigh triúr de mo chuid aintíní féin.

Tá seandream na gCruach uilig ina luí sa chré anois agus ní troimide leo a gceann. D'oibrigh siad go cruaidh gan ach beagán ar a shon. Tá a gcuid talaimh ina luí bán, tá a gcuid tithe ina mballógaí, is beag cuimhne atá ar mhórán acu sa lá atá inniu ann ach tá mise agus corr dhuine eile anseo le iad a chaoi.

Tá mise mé féin ar dhuine den bheagán de bhunadh na gCruach atá fágtha agus smaoitím ar na focla a chum mo sheanaintín Sinéad Nic Mhonagail in amhrán Loch Aoidh:

“Sin an áit ar oil mo mhuintir mé nuair a bhí mé tréithlag bídeach,
Sin an áit ar cuireadh a chodladh mé le ceolta binne Gaeilge,
Seo an áit a bhfuil mé anois i bhfad ar shiúl ag déanamh uaignis.
Ag smaoitiú ar mo bhunadh atá ina gcodladh san uaigh ghlas”

MAIRÉAD NÍ DHUINNÍN (AN TSIÚR FINTANA)

Rugadh Mairéad Ní Dhuinnín sna Cruacha sa bhliain 1891, an duine ab óige de chúigear iníonacha, clann Phádraig Uí Dhuinnín agus a bhean Máire. Fuair a hathair bás nuair nach raibh sí ach bliain go leith d’aois. Ní raibh scoil ar bith ar na Cruacha agus í ag fás aníos. Chiollaigh sin go raibh uirthi siúl sé mhíle chun na scoile go SN an Choimín, rud nach raibh furasta agus nach ndearna sí achan lá, cé go raibh léann aici.

Nuair a bhí sí 17 bl d’aois chuaigh sí ar fostú síos fá Inis Eoghain, gar do Cheann an Droichid (bhíodh sí ar fostú roimhe sin fá Ghleann Fhinne). In áit theacht abhaile chuig a máthair, a bhí ag dréim léi, siúd ar shiúl le Mairéad go Doire, áit a bhfuair sí an bád go dtí na Stáit Aontaithe. Bhí socrú déanta aici roimhe sin le colceathrar léi i Meiriceá (Delia Mc Ginley) luach an ticéid a chur chuici.

Dfhág sí ar an bhád an “Furnessia” agus tháinig isteach go hOileán Ellis, Nua Eabhrac ar an 15ú Aibreán 1908 (féach cóip den fhoirm ar líonadh isteach di sula ndeachaigh sí ar an “Furnessia”. ’Sí Mairéad uimhir a 13 ar an liosta)

Bhí deirfiúr léi, Mary Ann, thall cheana féin i mBrooklyn ach chuaigh Mairéad chuig Delia i dtoiseach. Bhí sí ag obair léi ag coinneáil tí do theaghlach ach bhí sí an-bhuartha gur fhág sí an baile gan insint dá máthair. Deirtear go raibh sí thall i Nua Eabhrac nuair a bhuaile sé í i gceart nach bhfeicfeadh sí a máthair choíche arís. Rinne sí suas a hintinn go gcaithfeadh sí pionós a chur uirthi féin agus mhionnaigh sí go gcaithfeadh sí a saol ag obair le daoine bochta agus chuaigh sí le ord ban rialta, na “Sisters of the Poor of St Francis”. An tSiúr Fintana a tugadh uirthi ina dhiaidh sin. Bhí sí in Ohio agus ina dhiaidh sin i Nua Eabhrac. Ba

ghnách lena cuid deirfiúracha, Mary Ann agus Jane a dhul a dh'amharc uirthi cúpla uair sa bhliain i Nua Eabhrac ach blianta ina dhiaidh sin cuireadh go Kansas City í, na mílte míle ar shiúl agus ní fhaca siad í ní ba mhó, bhí a gcroíthe briste.

Fuair sí bás ansin sa bhliain 1960 agus tá sí curtha in Kansas.



Mairéad Ní Dhuinnín

Form 500 B
Department of Commerce and Labor
IMMIGRATION SERVICE

SALOON, CABIN, AND STERAGE ALIENS MUST BE COMPLETELY MANIFESTED.

LIST OR MANIFEST OF ALIEN PASSENGERS FOR THE UNITED STATES

Required by the regulations of the Secretary of Commerce and Labor of the United States, under Act of Congress approved February 20, 1907, to be delivered

S. S. FURNESS, sailing from LONDONDERRY, 1907

No. on List.	NAME IN FULL.		Age.	Sex.	Married or Single.	*Calling or Occupation.	Able to—		Nationality. (Country of which citizen or subject.)	Last Permanent Residence.		11 The name and complete address of nearest relative or friend in country whence alien came.	12 Final Destination.	
	Family Name.	Given Name.					Read.	Write.		Country.	City or Town.		State.	City or Town.
X 11	McCarthy	Jane	19	F	Single	Steward	Yes	Yes	British	Ireland	Drogheda	Rev. Mr. J. J. O'Connell	NY	Brooklyn
X 12	McCarthy	Margaret	21	F	Single	Steward	Yes	Yes	British	Ireland	Drogheda	Mr. J. J. O'Connell	NY	Brooklyn
X 13	Dunnion	Margaret	17	F	Single	Steward	Yes	Yes	British	Ireland	Drogheda	Mr. J. J. O'Connell	NY	Brooklyn
X 17	Donnott	Mollie	24	F	Single	Steward	Yes	Yes	British	Ireland	Drogheda	Mr. J. J. O'Connell	NY	Brooklyn
X 18	Clarene	Rose A	21	F	Single	Steward	Yes	Yes	British	Ireland	Drogheda	Mr. J. J. O'Connell	NY	Brooklyn

Gach eolas faoi Mhairéad (uimh 13) nuair a chuaigh si go USA. (Cuid 1)

St. Clara Convent

Hartwell

Cincinnati, Ohio

J. M. J.

Oct 14th 1920.

Dear Sister Mary:

As the happy day is near, on which
with God's holy grace I will make
my Perpetual Vows. I may write you
this little letter of invitation. The day
will be on Friday, October 29th.

Holy Mass will begin about 8:30
during which my companions and
myself will make our Perpetual Vows.
Kindly let us know if we may
expect you. Next week we will go
in Retreat in preparation for this
great grace. Pray for me dear
Sister, I will also not forget you
especially on my Profession Day.

I remain in the love of the loving
Heart of Jesus Your
most affectionate sister
Sister Fintana of St. Francis.

Litr a scríobh Sr Fintana (Mairéad) chuig a deirfiúr.

CEANTAR MO MHÁTHAR

Cuimhní Bhríd Ní Chóilín Uí Dhomhnaill (iníon Bhrighid Eoghain Phádraig)

Tháinig mo mháthair as na Cruacha le cur fúithí i gCruach an Airgid nuair a phós sí Séamus Ó Cóilín. Ba iníon í le Eoin Mac Giolla Uain a raibh cónaí air i gCruach Mhín an Fheannta sna Cruacha.

Ba mhinic a chuala mé mo mháthair ag caint, agus bród ina glór, fá Scoil na gCruach agus an Máistir Ó Colla a theagasc í.

Níor chaith sí mórán ama ar scoil ach mar sin féin bhí léann measartha maith aici agus bhí an-aird aici bheith ag foghlaim. Labhair an Máistir Ó Colla léi fá dhul go Béal Feirste le tuilleadh léinn a fháil sa dóigh is go mbeadh sí abalta teagasc agus ní thiocfadh léi fáil abhaile gasta go leor leis an scéal a inse sa bhaile. Nuair a d'inis sí an scéal dá hathair dúirt seisean nach dtiocfadh léi a dhul an fhad sin ar shiúl as baile agus dearmad a dhéanamh de!



Brighid Eoghain Phádraig

Tamall ina dhiaidh sin cuireadh an créatúr go dtí an Lagán a dh'obair ag feirmeoir agus gach maidin bhíodh uirthi dhá bhó agus fiche a bhleaghan roimh an bhricefaasta. Bhí obair chruaidh le déanamh aici agus nuair a d'éirigh an feirmeoir é féin tinn le eitinn ba í Bríd a bhíodh ag tabhairt aire dó agus é ina luí.

Thug an dochtúir í ar leataobh agus d'iarr uirthi an teach seo a fhágáil nó go raibh an dáinséar ann go dtógfadh sí an aicíd agus dúirt an dochtúir go bhfaigheadh seisean obair di in áit eile, rud a rinne sé.

Bhí Eoghan Phádraig, m'athair mór ag obair ar thógáil na scoile. Gaeilge uilig a bhí sna Cruacha an uair sin ach bhí suim ag cuid dena páistí Béarla a fhoghlaim agus a bheith abalta Béarla a léamh mar go mbeadh cuid acu ag imeacht go Meiriceá, Sasana agus go hAlbain.

Bhí an-suim ag Pádraig Mac a' Luain, uncail de mo chuid, sa Bhéarla agus chaith sé tamall ag dul chuig na ranganna oíche sa scoil. Chuaigh Bríd tamall chuig na ranganna oíche fosta.

Fear an-diaganta a bhí i bPádraig agus gach maidin chaith sé uair a chloig ar a ghlúine agus uair eile i ndiaidh an phaidrín gach oíche.

Bhí mórán paidreacha Gaeilge aige agus is trua an rud é go bhfuil na paidreacha sin cailte anois.



*Ceoltóirí móra Uí Dhochartaigh (Na Simeys)
John, Mici, Mici Óg agus ina gcuideachta Proinsias Ó
hEaghraín (as Gleann Fhinne).*

*Tógadh an pictiúr seo ag cósir do Phroinsias a bhí sa
bhaile as Meiriceá. Chaithheadh bunadh Simey cuid mhaith
ama fá na Cruacha.*

Feirmeoirí beaga ab ea bunadh na gCruach agus bhíodh siad gnóitheach i rith na bliana, ón Earrach go dtí deireadh an Fhómhair.

Ins an Gheimhreadh ní raibh an oiread le déanamh ach cothú a thabhairt dona ba agus iad a bhleaghan agus súil a choinneáil ar na caoirigh.

Bhíodh sé doiligh na hoícheanta fada Geimhridh a chur isteach, bhíodh se níos fusa ag na mná mar bhíodh siad ag cniotáil nó ag sníomh.

Chaitheadh na fir cuid den am ag casadh súpán as cochán nó as fiastalach.

Imirt chártaí, ceol agus damhsa an caitheamh aimsire a bhíodh acu sna tithe ach ba é an rud ba mhó a thóg croíthe na ndaoine nuair a thagadh an fidiléir iomráiteach Seán Simey Ó Dochartaigh ar cuairt go dtí na Cruacha.

Fear ard tanaí a bhí ann agus chaitheadh sé cóta fada dubh síos go dtí na murnáin.

“An fear fada” a thugadh bunadh na gCruach air. D’fhanadh sé i dtigh Mhic Ghiolla Uain nuair a bhíodh sé ar cuairt go dtí na Cruacha. Chífí é ag teacht anuas an cabhsa, cóta fada dubh air agus fidil ar a dhroim. “Sin an fear fada ag teacht”, a deireadh Máire nuair a bhíodh sé ag tarraingt ar an teach.

I ndiaidh braon tae a ól agus tamall comhrá a dhéanamh le bunadh an tí bhaineadh Seán an fhidil amach agus thosódh sé a’sheinm. Ní bheadh sé i bhfad go dtí go gcruinneochadh na comharsanaigh isteach agus thosódh an damhsa.

Bhí an-aird ag na daoine Seán a fheiceáil ag teacht mar go raibh se ina dhuine iontach uasal.

AN TUBAISTE EITLEÁIN

Oíche Fheil Bríde 1944 tharlaigh trágóid mhillteanach fá na Cruacha. Bhuail eitleán mór de chuid arm na Sasana mullach na Cruaiche Goirme agus chuaigh sé ar thinidh. Dhá chloigeann déag a bhí ar bord agus maraíodh seachtar.

D'éirigh le triúr a theacht anuas an cnoc ach fuair duine acu bás go gairid i ndiaidh dó theacht anuas.

Tháinig na Sairsintí Jim Gilchrist agus A Gowens a fhad le teach Mhic Dhiarmada cúpla míle ó bharr an chnoic. Fuair siad tártháil ó Chassie Bean Mhic Dhiarmada a bhfuair a fear bás go gairid roimhe sin- bhí seachtar páistí aici ach thug sí bia agus deoch dóibh agus chuir sí a mac Joe le Sgt. Gowens 'na beairice ar an Bhrocaigh.

Bhí saighdiúirí na hÉireann agus na Sasana ansin ar feadh laetha ag iompar na gcorp anuas ó bharr an chnoic agus ag déanamh scrúduithe ar an láthair. Bhí dochtúir agus banaltraí ann agus ní raibh aon duine a raibh siúl an bhealaigh ann nach ndeachaigh ag amharc ar an eitleán.

Bhí coirp ar ndóigh fágtha ar mhullach an chnoic ar feadh oíche nó dhó mar go raibh an lá gairid san am agus nach dtiocfadh iad a bhogadh sa dorchadas. Chuaigh beirt d'fhear na gCruach, Pádraig Eoghain Phádraig agus Jimí Phete suas agus shuigh siad go maidin ag déanamh faire ar na corpáin; dúirt siad nár cheart coirp a fhágáil gan chuideachta. Tá fear amháin den chriú a tháinig slán beo go fóill, an Squadron Leader Jim Gilchrist agus thugadh sé cuairt ar an Chruach Ghorm agus ar Theach Mhic Dhiarmada go minic.

Cuireadh suas leacht cuimhneacháin san áit ar thit an t-eitleán sa bhliain 1994, leathchéad bliain ón am ar tharla an tragóid.



*An Sgt. Jim Gilchrist agus
Joe Pheadair Mac Diarmada*

Pictiúr le caoinhead Keith Homer

Bhí Jim Gilchrist thuas ar an Chruach Ghorm cúpla bliain ó shin agus bhí searmanas ansin i gcúimhne na ndaoine a maraíodh. Go deimhin ba é heileacaptar de chuid Arm na hÉireann a d'fhág an tUas Gilchrist ar an Chruach Ghorm!

Bhí oíche mhór dó in óstán i mBaile Dhún na nGall an oíche sin agus bhronn sé gradaim ar dhaoine a chuidigh leis nuair a bhíodh sé ag teacht chun na háite-Cumann Sléibhe na gCruach Gorm, na gasóga áitiúla agus daoine eile. Bhí focal buíochais speisialta aige do Joe Mac Diarmada, a bhí sé bliana déag d'aois i 1944 agus a chuaigh 'na Brocaigh leis an scéal a inse don gardaí.

Is cairde móra iad ariamh ó shin.

AN DR ART HUGHES FAOI AGALLAMH

Dr Art Hughes - léachtóir sinsearach i Roinn na Gaeilge, Ollscoil Uladh, Béal Feirste ag caint le Áine Ní Dhíoraí

Áine: *Cén uair ar chuir tú spéis sa Ghaeilge i dtús báire?*

Art: Rugadh agus tógadh mé i mBéal Feirste ar an Lóiste Úr. Bhí beagán Gaeilge agam ar an bhunscoil agus ar an mheánscoil ach nuair a bhí mé i gColáiste Mhaolmhaodhóg agus mé thart ar 16 bl d'aois chuala mé buachaillí ag caint i nGaeilge. Chuir mé suim sa teanga agus an lá a raibh mise abalta “Cá bhfuil tú ag dul?” a rá agus an freagra a thuigbheáil d’athraigh mo shaol!

Bhí ranganna ag an Ath Breandán Mac Maoláin i mBéal Feirste agus i gCluain Ard ar ndóigh agus théinn ansin. Ach bhí bean ina cónaí ar an tsráid chéanna liom as Baile na Finne, Bríd

Johnny Eoin (Nic Ghaoithín) agus bhí scoth na Gaeilge aici. Bhí bean eile, Susan Martin, as Cill Ráin cóngarach den Ríleán ina cónaí cóngarach dom fosta. Ba ghnách le Bríd dul isteach chuig Susan oíche Dhomhnaigh agus ba ghnách liomsa dhul fosta le mo leabhar nótaí. Is cuimhin liom cúpla Geimhreadh a chaitheamh ag dul ar cuairt chuig na mná sin.

Bhí cur amach agam, mar sin ar Ghaeilge Lár Thír Chonaill agus mé ar scoil fiú.

Ansin nuair a bhí mé 18 bl d'aois chuaigh mé go hOllscoil Uladh, Cúil Raithin ar feadh bliana agus ansin ar aghaidh go hOllscoil na Banríona,



Dr Art Hughes

Béal Feirste. Nuair a bhí muid i gCúil Raithin bhí cúrsa Gaeltachta againn ag an Cháisc agus chuaigh muid go Béal an Atha Mhóir agus bhí muid ag stopadh ag Seán Mac Gaoithín agus a bhean Peigí i Mín na Gualainne.

Áine: Chaith tú roinnt ama ar an Choimín fosta?

Art: Sea, chuir mé aithne ar Mhicheál Ó Dochartaigh i gCúil Raithin agus théinn síos leis go dtí an Coimín ó am go chéile. Bhí aithne agam ar Annie agus Tomás Ó Dochartaigh agus Paddy Johnny. Chuir mé aithne ar John Dhónall Andy agus Úna fosta, Patrick Briney Bháin, John agus James Daniel Mac Fhionnghaile agus Paidí Ó Tiománaí.

Caithfidh mé a rá go raibh Annie agus Tomás Ó Dochartaigh thar a bheith maith dom nuair a bhí mé ag fanacht acu.

Is cuimhin liom Micí Mac an Ultaigh, fear poist na gCruach ag an am. Dá mbeadh Micí ag dul siar chun na gCruach thugadh sé suíochán dom ar an Honda 50. Ní iarradh sé mar tháille ach go ndeirinn cúpla amhrán de chuid John Johnny Phádraig ar an bhealach siar!

Áine: Inis dúinn faoin chéad uair ar chas tú le John Johnny Phádraig Mac a' Luain agus a bhean Máire.

Art: Bhí muid inár micléinn ollscoile ag fanacht sa Ghaeltacht i mBéal an Atha Mhóir i 1982 agus chuaigh muid go teach tábhairne an Droichid ar an Ríleán oíche amháin agus bhí John ansin agus hiarradh air amhrán a rá agus sheas sé agus chluinfeá pionna ag titim, chuir gach duine cluais le héisteacht orthu féin agus b'fhiú sin a dhéanamh. Bhí sé ar a phinsean ag an am sin, caithfidh sé gur dubh cheoltóir a bhí ann ina óige, bhí sé ar fheabhas Éireann. Dúirt mé le John gur mhaith liom dul ar cuairt chuige agus chuir sé fearadh na fáilte romham.

Nuair a bhí mé ag gabháil de mo thráchtas PhD (staidéar ar Ghaeilge Lár Thír Chonaill) idir 1982 agus 1986 chaith mé go leor ama ag John.

Bhí puball agam agus ba ghnách liom fanacht sa gharraí nó go minic i mála codlata ins an scioból. Bhí an- rud amhrán ag John agus bhí deis a labhartha aige.

Bhí na daoine sin níos cóngaraí dona meánaoiseanna ná mar bhí siad don "cyber cottage" nó do "mid atlanticism" an lae inniu. Bhuaileadh Máire an bainne agus bhí siad abalta go leor a dhéanamh dóibh féin.

Thagadh Willie Houston thart leis an siopa, bhí sin ina rud sóisialta.

Ar ndóigh ba as an Chluain Chlaíoch i nGleann Fhinne do Mháire agus bhí aithne aici ar Susan Martin ar labhair mé uirthi cheana féin.

Bhí an dubh Ghaeilge ag Máire agus ag John.

D'oibrigh siad go maith le chéile. Bhíodh aoibh an gháire ar Mháire i gcónaí. Duine an-réchúiseach a bhí in John, ba é an rud a deireadh Máire fá John nó gur chuma leis dá dtitfeadh an teach air! Sean ráiteas a bhí ag John "má tá uisce, min agus móin agat, tá an saol ina shuí ar a thóin agat"

Fidiléir maith a bhí ann fosta.

Nuair a fuair John bás bhí Máire léi féin agus ba ghnách liom dul ar cuairt chuici. Théinn chuici fosta nuair a bhí sí san otharlann ar an Chlochán Liath.



Áine: *Bhain tu sult mhór as na laetha sa cheantar?*

*John agus Máire
Mhic a' Luain*

Art: Ag smaoineamh ar na laetha sin ba phléisiúr mhór a bhí ann staidéar a dhéanamh ar an Ghaeilge agus bualadh leis na daoine sin.

Cuid thábhachtach de m'óige a bhí ins an am a chaith mé i gceantar na gCruach. Is boichte an tír gan na daoine sin!

Roinneadh siad a gcuid ama go fial. Sean sibhialtacht a bhí ann. Rinneadh scuabadh mór ar an áit le scór blianta anuas.

Go raibh Dia maith d'achan duine acu atá ar shlí na fírinne.

MÁIRE RUA (BN UÍ MHAÍ)

NIC A' LUAIN (1906-2001)

Seosamh Watson

Bhí an t-ádh orm gur chuir mé eolas ar Ghaeltacht Ghleann Fhinne i dtosach nuair a bhí sí ina neart go fóill i dtús na bliana 1980. Tigh Anna bean Uí Dhochartaigh ar an Choimín a bhí mé ag fanacht an chéad uair dár chuir mé tuairisc na háite ar chomhairle mo sheancharad, an tOllamh Séamas Ó Catháin, a bhí eolach go maith ann. Ní dhéanfaidh mé dearmad a choíche den oíche bhreá cheoil agus damhsaí a bhí ar an Bhrocaigh le linn na céad chuairte úd: Johnny Óg 'ac a' Luain ag rá 'Amhrán na Rosann' agus 'Coinnleach Ghlas an Fhómhair', John Mag Fhionntaigh agus a bhean Úna, gan lá aoise ag luí orthu, agus iad ag greadadh urláir go dícheallach agus is iomaí damhsóir eile ann nach iad. Le linn an ama sin fosta a chéadchuir mé aithne ar bheirt eile a chabhraigh go mór liom ina dhiaidh sin, agus mé ag triall ar an cheantar i gcuideachta na mac léinn ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus mhuintir Oideas Gael. Ba iad sin Máire bean Uí Cheallaigh, máistreás scoile deiridh i mbunscoil na gCruach agus Pádraig Mag Fhloinn, file agus staraí áitiúil, grásta air! a rinne fear an tí dúinn go mion minic le linn ár gcuid imeachtaí ina dhiaidh sin ar an Choimín. Nuair a mhínigh mé don dís réamhráite gur theastaigh uaim beagán de sheanchas na háite a bhlaiseadh ní raibh moill ar bith orthu mé a sheoladh go dtí an treas comrádaí lenar chruthaigh mé ceangal caradais an uair úd a raibh sé i ndán dó mairstin ar feadh corradh agus scór bliain. Is í Maire Rua Nic a' Luain (bean Uí Mhaí) atá mé a mhaíomh, a bhí beagán le cois ceithre bliana déag is trí fichead nuair a tharraing mé uirthi an t-am sin den chéad uair. Chuir Máire, a hiníon is óige, Síle, agus a mac, Pádraig, fáilte fhíorchroíúil romham ar an ócáid sin – rud a rinne chomh carthanach céanna go minic ina dhiaidh – agus ansin,

mar a deirtear i seanchas, ‘ní raibh i bhfad gur thúsaigh an scéalaíocht’ agus, ar ndóigh, an amhránaíocht lena cois, nó bhí oiread clú ar Mháire mar amhránaí agus a bhí mar scéalaí san áit.

AN SCÉALAÍOCHT

Níor éirigh liom taifeadadh a dhéanamh ar Mháire an bhliain áirithe sin, ach ba ghairid ina dhiaidh gur thosaigh agus tá téipeanna luatha agam uaithi dar dáta Feabhra 1981 agus i rith na mblianta a lean b’iomaí sin scéal a chuir mé ar an taifead óna haithris mháistriúil: cinn fhada iomráiteacha mar ‘Maighdean an tSolais’, ‘Scian in aghaidh Toinne’, ‘An Fear nach raibh Scéal aige’ agus ‘Jack na Luaithe Buí’ agus scéilíní gearra, idir ghonta – macasamhail ‘Buachaill Uí Dhomhnaill’, agus ghleoite – leithéid ‘An Buachaill a tháinig ar ais ina Cholmán’. Dar liomsa, cé bith sin de, gur sna scéalta cráifeacha ba mhó a bhí dúil ag Máire. Bhí meas ar leith aici ar an Athair Gibbons agus d’inis sí scéalta go leor faoi na cumhachtaí míorúilteacha a bhí ag an sagart céanna: é ag tabhairt ar athair tiarna talaimh thíoránta a bhealach a dhéanamh ar ais ó leaca ifrinn mar fhreagra ar a scairt, ag cur ar chumas an té a raibh sé ag dul chuige ar airteagal, ach nár éirigh leis a bhaint amach in am, aiséirí a dhéanamh le go gcuirfí an ola dhéanach air roimh bhás a fháil an dara *heat*. Níl bealach is fearr agam ann le haitheantas a thabhairt do scéalaíocht Mháire ná an eachtra thuasluaite a athinsint anseo díreach mar a fuair mé féin aici í:

Bhail, tá sé ráite – ní raibh sé in m’amsa, ar ndóigh, nó tá sé ráite go raibh fear thiar anseo os ár gcionn ar an Ghleann sin thiar – go raibh fear ann a bhí ag éileamh, ar ndóigh, agus is é an sagart Gibbons a bhí anseo san am. Ach cibé bhí cearr ag an tsagart, chuaigh teachtaire fána choinne agus dúirt an sagart go mbeadh sé ansin a leithéid seo a am. Ach ní tháinig an sagart agus bhí an darna teachtaire ansin, d’imigh sé fána choinne ar ais. Agus nuair a tháinig sé sin chuig an tsagart:

‘Ó, beidh mise ansin,’ arsa seisean, ‘in am.’

Agus nuair a chuaigh sé chun an tí bhí an fear marbh. Agus bhí traidhfíil daoíní istigh sa teach ceart go leor. Ach nuair a chuaigh an sagart chun an tí ansin bhí an fear marbh agus d’fhiafraigh sé cá huair a fuair se bás agus hinseadh dó, agus:

‘Bhuel,’ a dúirt sé, ‘tchífidh mise,’ a dúirt seisean, ‘ceart go leor,’ a dúirt sé.

An méid a bhí sa teach chuir sé amach uilig go léir iad ach fear amháin agus choinnigh sé an fear sin istigh agus bhí an fear sin dá dhéanamh féin gurb (ann) é fosta. Agus thug sé coinneall dósan agus thug sé -- air seasamh ag taoibh na leapa agus thúsaigh sé a léamh os cionn an duine mharbh – an sagart. Agus léigh sé agus,


go deireanach, thúsaigh an fhuil a theacht ina phluca agus thúsaigh na puisíní a dhul a -- dhul a labhairt, go deireanach agus chuir sé amach an fear ansin. D'iarr sé airsan a bheith amuigh ansin, go raibh seisean ag dul a labhairt leis seo. Agus chuaigh seisean amach agus bhí siad a rá gur thóbaire go rachadh sé i laige leis an scanradh a chonaic sé istigh.

Ach bhí an chaint air, ceart go leor, nó bhí an bunadh a bhí amuigh fán tsráid, bhí siad ábalta cluinistin. Bhí an chaint istigh agus nuair a fuair sé deireadh déanta leis an fhear a bhí istigh chuir sé ar shiúl é ar an dóigh chéanna agus níor tháinig sé amach. Dúirt sé leofa a dhul isteach anois, go raibh achan rud ceart go leor. Agus d'imigh an sagart agus bhí achan rud go breá. Cóiríodh ansin é is rinneadh achan rud leis. Bhí faire is cuireadh é is ní raibh aon iomrá i dtír ná i dtalamh ní ba mhó ar ghnoithí an tsagairt ná ar an fhear. Sin mar a mhothaigh mise an scéal – cé bith mar mhothaigh tusa é!

Ach rud aisteach faoin chléireach beannaithe úd, mar a dhearbhaigh Máire dom, ní cheadódh sé do dhuine ar bith barr méire a leagan ar luchóg mhór, de réir cosúlachta. Is é rud a bhí sé féin ag léamh cois tine oíche amháin, agus na leabhair nach raibh ina luí timpeall air bhí siad ar sheilfeanna ar na ballaí taobh thiar de, cuid acu cóngarach go leor don tine. Nár lig sé don cheann a bhí sé a léamh titim as a lámh go ndeachaigh sé le thine i ngan fhios dó agus, ach ab é gur chuir luchóg mhór a bhí ag éalú ón bhladhair an sagart ina dhúiseacht, bhí sé dóite ina bheatha. Bhí a ábhar ag Máire í féin fosta meas a bheith aici ar chine na luchóg mór nó, de réir a seanchais, fhad is a bhí a fear agus comrádaí leis ag obair ag cairéal in Albain ba ghnáth leo giota de cheapaire a chaitheamh fhad le luchóg mhór a thigeadh a smúrthacht thart fán áit i dtrátha am bídh agus thug sí seo rabhadh dóibh lá go raibh taobh an chnoic mar a mbíodh siad ag píocóidíocht ar tí tabhairt uaidh. Chítear dom tríd is tríd go raibh bá ar leith ag an bhean chéanna le beithígh an dúlra ina n-iomláine. Le linn ár seisiún seanchais uilig, ní raibh deireadh ar bith leis na cuntais a thugadh sí ar a mbíodh ar bun ag pór i ndiaidh póir acu. Bhí ar chumas na gcriogall, dar léi, duine ar bith a bhíodh á ndíothú ar an tinteán a aithint mar is iad stocaí a leithéide sin a strócadh na feithidí sin ar an láthair chéanna thar chuid aon dream eile; agus bhí de nós ag na heasóga sochraidí a chur ar bun do ghaolta ar bith dá gcuid dá n-éagadh – gnás a bhíodh ag ainmhithe eile chomh maith, de réir bharúil Mháire.

AN AMHRÁNAÍOCHT

Is mó an cháil a bhí ar Mháire Rua i dtosach i measc mhuintir Ghleann Fhinne mar amhránaí ná mar scéalaí agus, gidh go raibh gearr-aois mheasarta aici nuair a casadh orm féin i dtosach í, níl aon amhras ach go raibh guth aici i gcónaí a bhí



*Seosamh Watson, Máire Rua & Domhnall
Eairsidh Domhnallach (an pictiúr ar
chlúdach eagrán d'iris "ceilteach" Am
Bràighe, Ceanada*

(uimh thag. M004-06-0003)

An pictiúr le caoinchead an Stiúrthóra, Lárionad Uí Dhuilearga do Bhéaloideas na hÉireann agus Cnuasach Bhéaloideas Éireann, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

binn agus álainn thar an choitiantacht: chuireadh tuin a glóir agus stíl na hamhránaíochta a bhí aici glór cinn Róise bn Mhic Grianna i gcuimhne dom féin, cibé ar bith, de réir mo mheasa ar a ceirnín iomráiteach siúd.' I measc na n-amhrán a chuala mé ag Máire bhí: 'Sliabh an Liag', 'Art Ó Ceallaigh', 'Iolar Mór na Spáige', 'Caisleán na Finne' agus 'Bó Pharthaláin Ruaidh' agus go dtí go raibh sí anonn go maith sna hochtóidí ní ligeadh sí seisíun seanchais thairsti gan amhrán nó dhó a cheol dá raibh i láthair ina teach beag aoibhinn, álainn a bhí neadaithe leis go seascair i mBaile Uí Chiaragáin, áit ar mhinic a d'fhear sí féin,

Síle agus Pádraig aíocht den scoth ar fáil dom féin, do chairde eile agus do mo chuid clainne – a gcuirteá dream óg acu chun suain i seomra cúil an tí seal tamaill an t-am a mairfeadh ár n-áirneán go huair mhairbh na hoíche. Fuair Síle chóir bás in Eanáir 1998, go ndéana Dia a mhaith uirthi! dhá bhliain roimh a máthair agus, scéal intuigthe go maith, ba bheag fonn ceoil a bhí ar Mháire riamh ón uair sin. Bhíodh oiread lúcháire i gcónaí ar Mháire nuair a bhíodh cairde ar cuairt, agus í ag seanchas léi chomh haigeanta, aerach ar ócáid dá leithéid, gur doiligh do dhuine a thuigbheáil cá mhéad den chruatan a bhlaís sí thar na blianta ó thosach go deireadh a saoil. Is cuimhin liom gur inis sí dom tráth mar a chaith sí í féin síos ar a dá ghlúin a dhéanamh urnaí i ndiaidh don triuch beirt dá hiníonacha a bhualadh agus gan iad ach an-óg – cailín acu ina tachrán beag agus an duine eile ina naíonán ar a brollach aici ar fad. Bhíothas i ndiaidh dul dian ar an dochtúir a dhearbhu go mairfeadh ceachtar acu seo agus shíl Máire bhocht go gcaithfeadh sí a reicneáil féin a dhéanamh: is é a chuir sí faoi bhráid na Maighdine Beannaithe, de réir mar a d'aithris sí féin, mura raibh siad beirt insábhála gur measa léi an tachrán imeacht agus í ar bhealach a tógála cheana féin. Samhlaím gur cuimhne é sin a thigeadh chuig Máire go minic arís i ndiaidh do Shíle síothlú roimh a ham.

D'ainneoin na cáile a bhí ar Mháire mar amhránaí, ba mhó an aird a bhí aici féin i gcónaí ar an scéalaíocht ná ar 'an cheol', mar a d'admhaíodh sí go réidh. Bhí meas ar leith aici ar Mhicí Sheáin Néill Ó Baoill as Rann na Feirste, 'fear na scéaltaí', mar a thugadh sí air. Casadh Micí uirthi ag an Oireachtas bliain amháin agus, i láthair an chomórtais a bhí ann, ar ndóigh, níor chuala cách ach cuid de scéal gach iarrthóir, rud a d'fhág Máire bhocht ag briseadh a croí le neart aithreachais nuair nár éirigh léi deireadh scéal fhear Rann na Feirste a chluinstin ar an ócáid sin.³ Fuair mé féin léargas ar an dúil iontach seo a bhí aici sa scéalaíocht oíche amháin a raibh duine as oileán Leòdhais na hAlban ar cuairt aici, fear a bhí ag fanacht i gcomharsanacht Ghleann Fhinne ag an am. Thosaigh sé seo a insint sheanchas a mhuintire dúinn ina chanúint dúchais féin agus, gidh nach bhfuil fhios agam cá mhéad den chuntas a thuig Máire, ba léir dom go raibh sí ag tabhairt cluas an-ghéar don scéalaíocht ó thus deireadh agus lean sí féin ar aghaidh ina diaidh lena seanchas féin, faoi mar a bheadh eachtra dá leithéid ag tarlú gach lá den tseachtain i nGleann Fhinne.

A FEAR CÉILE

'Micí Mór' Mac a' Luain a bhí ar athair Mháire Rua, fear láidir, misniúil a raibh sé amuigh air gur ina aonar a théadh sé a iompar as a gcuid tithe corp na ndaoine a cailleadh in aimsir an fliú mhóir. Rugadh Máire ar 4 Eanáir 1906 agus nuair

nach raibh sí ach trí mhí d'aois cailleadh a máthair, Anna Ní Eilfearthaigh. Ba ghairid i ndiaidh d'athair Mháire pósadh an dara huair a chuaigh sí féin, agus gan inti ach girseach an-óg i dtrátha an ama sin, chun cónaí lena máthair mhór agus b'í an bhean seo, Neansaí bn Uí Eilfearthaigh, príomhfhoinsé cuid amhrán Mháire, agus mórán dá scéaltaí gan amhras, de réir mar ba chuimhin lena hiníonacha féin is le muintir na háite. Ach i dtaca leis an scéalaíocht de, b'é an fhoinsé ba mhó dá raibh aici a fear céile féin – faoi mar a d'inis sí féin dom: b'uaidhsean a fuarthas cuid de na scéalta ab fhaide dá raibh ar eolas aici. In aois a 19 bliana a bhí sí nuair a pósadh í 7 Meán Fómhair 1926 ar Phádraig Ó Maí (Paidí Neidí Mhicheáil). Ar 15 Lúnasa 1891 a rugadh Pádraig agus faoin am ar pósadh iad bhí obair aige ar an Ríleán mar mhaor abhann, rud ba chiontaí le go dtugtaí 'Paidí an Bháirseora' air mar leasainm. Bhí cáil mhór air seo, fad a mhair, mar scéalaí i gceantar cáiliúil na gCruach agus chruinnigh Liam Mac Meanman, bailitheoir lánaimseartha le Coimisiún Béaloideasa Éireann, ábhar uaidh thar ceann an Choimisiúin.³

Níl amhras ar bith ach gur bhain dúshlán ar leith le hobair Phádraig agus mhaireadh a chúram in amanna go scairt choiligh, ach b'annamh a thugadh a bhean aghaidh ar an leabaidh go dtí go bhfeicfeadh sí fear an tí i ndiaidh filleadh ar an teach slán sábháilte agus an obair curtha i gcrích aige mar ba mhian leis. Chuala mé féin na blianta fada ó shin ó sheandúine san áit mar a d'éirigh leis féin, ina óige, comrádaithe dá chuid a bhí ag iascaireacht faoi choim a shaoradh ar an bháirseoir oíche áirithe. Bhí sé seo ag teannadh leosan i ngan fhios faoi dhorchadas na hoíche nuair a scaoil mo dhuine, a bhí giota maith uathu uilig, urchar le haird an mhaoir a tharraingt air féin agus le seans a thabhairt don bhaicle eile éalú leo. Ar an lámh eile, cé bith, d'inis Máire féin dom mar a bhíodh ag Pádraig le dul chun na cúirte, nuair ba ghá, le fianaise a thabhairt in aghaidh póitseálaithe a mbéarfaí orthu agus iad i mbun a ngnó, agus thug sí léi an freagra searúsach a bhí ag an bhreitheamh ar dhrong dá leithéidí a fuair iad féin os a chomhair tráth dá raibh. Is é rud a mhaígh siad gur aicearrach bhí siad a ghabháil bealach na habhann agus iad ag triall ar bhainis nuair a cuireadh stop leo.

'Is cinnte,' arsa an breitheamh, 'go raibh géarghá ag lucht na bainse leis an gheaf agus leis na gléasraí eile a bhí ar iompar agaibh ansin!'

Samhlaím dom féin gur leis an chumha a bhaint di i rith na n-uaireanta fada, déanacha úd, í féin ag fanacht go himníoch le fear an tí agus na páistí ina gcodladh go sámh, a théadh sí a chleachtadh di féin na n-amhrán agus na seanscéalta úd go léir a raibh oiread ceana aici orthu agus dá mba sheanchairde maithe aici iad.

I mblianta tosaigh an phósta bhíodh an teaghlach ag imeacht leo ó theach cíosa go chéile in aice na habhann céanna go dtí, sa deireadh, gur aimsigh siad cónaí buan in aitreabh i mBaile Uí Chiaragáin a dtugtaí ‘teach John’ air. Dóigh bhocht amach a bhí ar an áras céanna tráth a cuireadh ar fáil do Phádraig é ach tugadh cead don teaghlach é a chóiriú ar a mian féin agus tá cuimhne ag cuid den chlann go fóill ar an damhsa meidhreach a rinne Máire ar fud na cistine le tréan lúcháire an lá ar cuireadh deireadh le cóiriú dhíon an tí. Ba ann a mhair sí féin go deireadh a laetha, sa teach inar saolaíodh an triúr iníonacha ab óige agus an t-aon mhac amháin dá raibh aici. Sin an áit fosta a bhfuair an t-athair bás ar 17 Bealtaine 1973, agus, 25 bliain ina dhiaidh sin, mar a luadh, an cailín ab óige, Síle. Ba teach é ar a raibh siúl na ndaoine thar na blianta agus, le cois na ngnáthchuirteoirí, is iomaí scoláire, bailitheoir béaloidis, agus foghlaimeoir Gaeilge a gcuirtí fáilte charthanach roimhe i ‘dtigh John’ le linn an ama.

OIDHREACTH MHÁIRE

Cara ceanúil, dílis a bhí i Máire: ba mhór agamsa mar a rinne sí féin agus a teaghlach cara díom agus mheas mé ina onóir ar leith é a bheith i measc na n-aíonna úd, le cois a teaghlaigh féin, a fuair cuireadh chuig cóisir chomórtha a 90ú lá breithe ar an Bhrocaigh, oíche a raibh sé de dhánacht ionam ‘Na Smugacháin’ a cheol, amhrán a chuir mé ar téip ó Johnny Óg ‘ac a’ Luain an chéad uair a leag mé cos ar a urlár siúd ar na Cruacha an tamall úd de bhlianta ó shin. Is iomaí uair a bhí mé i gcomhluadar Mháire ó shin agus b’annamh le linn na gcuirteanna céanna nach gcluinninn uaithi ábhar úr a thugadh sásamh ar leith dom agus a mheabhródh dom arís cad chuige ar mealladh mé i dtosach le taitneamh a thabhairt do theanga agus d’oidhreacht na Gaeilge. Tá cuimhne agam a bheith ar cuairt aici uair, tigh a hiníne i Séipéal Íosóid, agus Séamas Ó Catháin mar aon le cara linn, an scoláire béaloidis Albanach, Dòmhnall Eàirdsidh Dòmhnallach ó Sgoil Eòlais na h-Alba, inár gcuideachta. Ba ar an ócáid sin a chuala mé uaithi den chéad uair riamh scéal (a insítear fosta faoin Deánach Swift) faoi bhuaichaill aimsire a mhínigh dá mháistir cad é mar a tharlaíonn cuid de na cearca a bheith ar leathchois, agus an gasúr céanna i ndiaidh cos a ithe de chearc rósta sa chistin sular cuireadh amach ar thábla an dinnéir í.

Chuireadh Máire suim mhór i gcónaí sna cairde seo agus sna mic léinn ollscoile a thigeadh ar cuairt aici i gcosamar mo leithéide agus is iomaí uair a cuireadh sin fáilte, féasta bídh agus seanchais ar fáil dúinn i ‘dtigh John’ thar an scór áirithe bliain a bhfuil cur amach agam féin orthu. Níl aon amhras ach go raibh cáil ar an teach céanna go fada, leitheadach roimhe sin fhad is a bhí a céile fí, ar sheanchaí

iomráiteach é féin, ar shlua na mbeo. Ba chúis ar leith bróid do Mháire, mar sin, Oideas Gael a theacht chun an cheantair. Beidh cuimhne ag foireann an eagrais sin go ceann na mblianta ar an uair a tháinig sí féin, Annie Mhór Uí Dhochartaigh agus cuid eile den lucht tacaíochta a bhí againn thíos i nGleann Fhinne ar cuairt chugainn, i mblianta tosaigh ár gcuid imeachtaí, aníos go Gleann Cholm Cille – ag teacht agus ag filleadh bealach Ghleann Gheise, turas a chuir saothar go leor ar sheandaoine agus iad faoi ghéibheann i mionbhus nach raibh ach beag, bídeach. Bíodh sin mar atá, ní aithneofaí pioc de sin orthu mar mheitheal siamsóirí lena fheabhas a chuir an méid sin de phobal Finne blas ar ár gcoirm cheoil thiar an oíche sin agus a lán-lasta leo de cheol, d'amhránaíocht is de scéalaíocht a gceantair dhúchais, agus ba ghairid ina dhiaidh gur bunaíodh cúrsaí Oideas Gael i nGleann Fhinne féin.

Tá comóradh á dhéanamh anseo ar Mháire a bheith ar scoláirí luatha Bhunscoil na gCruach agus i dtaca leis sin de, cuimhneofar i gcónaí ar a dílseacht féin d'oidhreacht a paróiste féin, ar an méid a thug sí léi dá dhúchas sin agus mar a bhí sí ar a dícheall riamh agus choíche ag roinnt a saibhris le bailitheoirí agus leis na glúinte san áit a tháinig ina diaidh – agus í ag feidhmiú, sa tslí sin, mar a bheadh 'scoláire' ann sa bhrí is iomláine. D'éag Máire Rua ar 4 Eanáir 2001 agus ba chúí mar a bhí cuid den dream a d'fhreastail tráth ar ollscoil 'Thigh John' i mBaile Uí Chiaragáin le háireamh ar lucht a caointe lá a tórraimh agus mar a cheol ina cuimhne, ag an chruinniú ar an Bhrocaigh i ndiaidh an tórraimh, beirt acu sin, an tOllamh Séamas Ó Catháin agus an Dr Art Hughes ceathrúna den amhrán, 'Iolar Mór na Spáige', a chuala sinn go léir chomh minic sin i nguth binn Mháire féin. Solas na bhFlaitheas dá hanam uasal!

(Tá an Dr Watson ina Ollamh le Nua Ghaeilge agus Litríochta i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.)

- 1 Goan, C. *Róise na nAmhrán: songs of a Donegal woman*, Baile Átha Cliath, 1994.
- 2 Táim ag déanamh de réir an chuntais a bhí ag Máire air, gur leagan de 'Fuadach Chlann Rí na Tuaithe' a bhí i gceist, mar atá sa chnuasach a fuarthas ó Mhicí: Ó Searcaigh, An tAth. L., *Lá de na laethaibh*, Muineachán (1983) 80-5.
- 3 Tá sé seo ar coimeád anois i gCnuasach Bhéaloideas Éireann i Lárionad Uí Dhuilearga do Bhéaloideas na hÉireann i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

MY YEAR AT CROAGHS SCHOOL

(1959/60)

(Anne Alexander Mc Loone)

Although my parents were fairly well placed as principals of primary schools my rearing fell somewhere between “gentle” and “bare hands”.

“Gentle” ceased when our housekeeper Molly Mc Ginley left to get married and a replacement could not be found. So the cow was sold, the door was locked and I started school at three and a half. My mother was no fool and my Irish was not up to scratch for an all-Irish boarding school so I was sent to Croaghs school for a year when I was twelve.



Anne Alexander Mc Loone

Mrs Kelly was in charge and her reputation as a diligent teacher among the teaching fraternity was excellent. Better than that she was a nice person and I cannot recall any corporal punishment or as the Christian Brothers described it the “modh díreach” being used in the Croaghs though the slaps were common enough in other schools at the time. The kindly Mrs John Boyle in Garvin housed me well and I was picked up after little Aidan Gallagher every morning and Mrs Kelly negotiated the potholes, humps and bends of Commeen, Ballinaman and Falgarrow before turning into a meaner, rougher track etched into the rough heathery hillside. On the far side the Blue Stacks towered over the river that seemed to sink into the valley. Over half of the pupils were on board at this stage and a few bright faces waited at the schooldoor.

The classroom was bright and airy with a turf fire and the cloakroom provided space for us to have lunch and shelter from the elements as need be.

Water was sourced from a spring nearby. Life was easy, friendly and basic on the outside but inside was a hive of learning activity from start to finish with everyone working at their respective levels simultaneously. The boundless energy and enthusiasm of the teacher was remarkable and it continued well into the evening doing housework for her beloved father and brothers. En route back to Glenfin we were treated to a gripping folklore story! Goldsmith springs to mind.... "The more we gazed the more our wonder grew that one small head could carry all (s)he knew"... we learned in spite of ourselves. Mickey the Post was a welcome breather as he delivered the mail and the news.

After school Rose Mc Loone and I were left in the school for an hour or so to do our homework. We had great chats and my first move was to take off the de riguerre wellies and warm my feet. The biting cold wind of the Croaghs were getting to me as I lacked the flannel underlayers to cope. Rose gave me a pair of homespun socks she had knitted and my quality of life was much better, Highly intelligent Rose's beautiful English earned her first prize in the Harvest Fair of Glenties essay competition. Thanks to expert tuition my Irish improved enough to scoop the "aiste Ghaeilge" prize and it was a pleasant surprise when Fr Furey landed to present us with our prizes of five shillings each.

Croaghs culture was rich in folklore, stories, music, great social interaction and the purest Irish. Living there demanded resilience, hard work and amazing selfsufficiency. Wool was carded, spun and knitted; hay, corn, potatoes and vegetables were grown in challenging conditions; milk was churned, hens were kept as well as cattle, goats and sheep and the turf was saved from the hill. That clothes were darned or patched, sometimes beyond recognition, did not detract from their dignity, pride and kindness but enhanced it. Despite all efforts many were obliged to emigrate and that they fared so well abroad over the years owes no small measure of credit to the school that equipped and inspired them. Last year my husband's cousin from the States, Eugene Mc Loone, spent a few days with us. His father Peter and uncle Owen had emigrated from Croaghs way back, settled and did well. Peter conceived the "Mc Loone Graph" in mathematics. Our unassuming guest was a retired university lecturer and had worked in the White House as an advisor to John F Kennedy. At first uneasy, I apologised for the shortcomings of our abode but the tall dark bespectacled man turned around and whispered "You know, I spent ten days in the Croaghs thirty years ago!"

My year at Croaghs was filled with heatwarming memories as well as a great education. The cheery waves between us and all along the road, the goats grazing on Biddy's thatch roof, the blind-man's buff for all ages, the stories, the cards, the raking, the magic of John Simey's fiddle by oil-lamp and blazing hearth, the creels of turf from the hill, the humour, the struggle and care for their cattle, sheep, dogs, children and elders and the genuine friendship made it the best year of my life.

The school stands empty with windows bricked up but its story must be told.

(Tá Anne pósta ar Eoin Mac a' Luain, mac le Micheál, an chéad bhuachaill a cláraíodh sa scoil)



Micí Mac an Ultaigh

Fear an phoist go dtí na hochtóidí agus bhí a uncail Micí Mac an Ultaigh ina fhear poist sna Cruacha roimhe sin ó 1937.

ANNA NÍ GHEIBHINN

Bean óg as Mín na Sróna a fuair bás agus gan í ach naoi mbliana déag d'aois. Bhí sí i ndiaidh scrúdú an “King’s Scholarship” a dhéanamh i gColáiste na Finne, Bealach Féich agus áit faighte aici i gColáiste Oideachais Bhantiarna na Trócaire, Baile Átha Cliath le bheith ina maistreas scoile nuair a chuaigh sí a dh’éagchaint agus scairt Dia uirthi.

Seo litir a scríobh sí chuig aintín léi i Meiriceá bliain sula bhfuair sí bás.



Anna Ní Gheibhinn

Jenn College
 Ballinacorney
 19th March '20.

My Dear Auntie.

It is surely time for me to write to you but I hope you will excuse me since I was so busy the last two terms getting my Programae finished as well as possible before Easter, I always left off the writing and ~~really I didn't write a scrape~~ to anyone since Sept last.

I am getting on well enough thank goodness sure so long as one has the health we cannot complain. I worked very hard this six months - indeed you were very silly to think we had nothing to do but spend our time idly. Honestly I be up and was up many a time to three o'clock at night trying to study. Mind you its no joke to be looking at books from morning to night. However my trouble

will be soon over. Our Exam. is just taking place tomorrow week. It is held in Derry and always lasts a week. So I hope you will pray hard for my success that week. It is terribly hard to get along now and there are eleven more going from this College but they were all in twice before: so that they have a better chance.

Now I have nothing new to tell you. We are all well at home thank God. Well Auntie we cannot thank you and (Jane) Mary for all the money you sent. Indeed we were not expecting it and do not need it. Even if I'm away itself they can afford well to pay my expenses and dont be so foolish sending you money every day. You have worked hard for it yourself and its too much of you to be sending it in such a way. Now I must finish. I got my photograph taken so I'm sending you one. I'm sitting and the other girl is Gallegher a neighbour of mine. Now I must finish. Write soon again.
 From your Niece Annie Liven.

SEANMÓIR NA NAITHREACH NAOFA

Ar chuala sibh Seanmóir na nAithreach Naofa
 Páis ro-mhór a d'fhulaing Críost ar son shíol Eabha
 Fearg mhór a ghlac an tAthair nuair a chonaic sé
 Uabhar an aingil
 Shín sé corn sa deas-lámh
 Agus ar an ábhar sin a bánaíodh na Flaithis
 Nuair a cuireadh lucht na seacht naicme
 Amach as na flaithis, cuid san aer, cuid san uisce
 Cuid i bpríosún na ndeamhan aerdha
 Agus cuid eile i bpríosún dhubh dhorcha an talaimh.

A Athair ghrástúil cén seasamh a ghlacfas tú
 Ar son Shíol Eabha
 Ní ghlacfaidh mé duais ar bith nó sásamh
 Tá mé réidh leofa go lá na bráiche
 Ach fuil Mhic Rí gan cheilt gan cháineadh
 A dhoirteadh ar a son sula bhfaighidh siad párdún.
 Gheobhaidh tú sin, a Athair, más é a thig liomsa a dhéanamh

Ansin sciorr planda an aingil as Párthas
 Agus chónaigh sé fá dhídeán Mháire
 Mar gha ghréine ag soilsíú ar an fhearsaid
 Gur iompair sí é trí ráithe go stuama múinteach aireach
 Go dtáinig an mhaighdean, gur ghlac sí áit sa stábla
 Gan tine, gan leaba, gan bean a' cuartaíocht
 Go bhfuair sí Aon Mhac Dé ar an uaigneas.

Ba ghairid ina dhiaidh sin go raibh sí buartha
 Nuair a tháinig Rí Herod uirthi agus é luaite
 Gur mharaigh sé naoi míle dena naoimh bheaga an uair sin
 Mar shúil go bhfaigheadh sé Críost ina gcuallacht
 Nuair a tháinig Críost i méid is i misneach
 Chuaigh Sé a' beannú na ndaoine is dá mbaisteadh
 Ag siúl an tsaoil, é féin is na haspail.

Chuaigh Críost chun an gharraí agus ghuigh sé
 Gan aon stad ná faoiseamh
 Tháinig allas fola as a mhailíocha bána
 A Athair, ar seisean, tá mo chorp ag creathnú
 Agus tá mo bhaill á scanradh
 Ar mhéid an stróiceadh a gheobhas mé amárach
 A mhic, nár gheall tú go bhfulaingeofá an Pháis seo
 Ar eagla na dtinteacha móra láidre
 Gheall mé sin a Athair, agus caithfidh mé é a dhéanamh.

Ansin ghoil Peadar agus ghoil Eoin go cráite
 Ghoil Sé féin, is aige a bhí an t-ábhar
 A Eoin, a rún, ar seisean an bhfaca tú mo mháthair
 Má chí tú í bíodh sí leat amárach
 Chuaigh Eoin ins an áit a raibh Muire
 Agus labhair sé léi i gcómhrá dheismir.
 A Eoin, a rún, ar sise, an bhfaca tú mo leanbh
 Chonaic mé é, a dhé bhean bheannaithe
 Agus tá sé faoi lámha an namhaid inniu gaibhte
 D'éirigh Muire go foighdeach misniúil
 Níor fhan sí lena cóiriú ná lena deisiú
 Bhí a cois gan bhróg agus a cíoch nochtaithe
 Níor mhothaigh sí clocha na mbóthar dá gortú
 Go raibh sí san áit a raibh na gardaí dá shocrú

A Eoin, a rún, arsa sise agus í ar lámh leis
 Cé siúd thuas i gcrann na Páise?
 Ó, a Mháthair ó, nach naithníonn tú mise
 A Mháthair ó, is maith a aithnínmse thusa

Is iomaí oíche fhada agus lá tuirseach
a shiúil tú an saol liom is mé gan bhrí gan mhisneach
mé a' diúl do chíche agus mo cheann i d'ascaill
is tú ag iarraidh mé a shábháil ar an Pháis atá mé inniu a fhuilstean

Is doiligh domsa mo leanbh a aithne
A shrón briste agus a bhéal stróicthe
Agus an cnoc seo uilig lán dá chuid fola
A Mháthair ó, ná goil go cráite
Gheobhaidh tú cuidiú ón Athair Neimhe
Níl aonduine a ngoilfidh aon deoir fá mo Pháis- se
Nach bhfaighidh a chuid den chathair Neimhe.

SÚIL ANIAR AR NA CRUACHA Ó SHLÉIBHTE NA NANDES

An tSiúr Máire Ní Chuire

Níl a fhios agam an bhfuil mórán daoine ann anois a bhfuil cuimhne acu ar Fanny Mc Ginley? Sa bhliain 1962 chaith mé lá iontach sa teach s'aici taobh thíos den tseanscoil ar na Cruacha ag caint léi agus ag éisteacht leis an Ghaeilge álainn a bhí aici agus í ag dioscaireacht ar fud na cistine. Ach s'é an rud is mó a fhanann i mo chuimhne ná an t-arán, an t-arán a rinne sí in oighean a chroch sí os cionn na tine agus aibleogaí dearga anuas ina mhullach. Níor ith mise a leithéid roimhe nó ina dhiaidh.



An tSiúr Máire Ní Chuire

Bhí oíche eile, b'fhéidir sé bliana roimhe sin, a raibh mé sa teach céanna faoi choinne cóisire, an oíche sular imigh duine dá clann thar sáile, creidim. Bhí mé i mo shuí in airde ar leaba a raibh cúirtíní thart air ag baint lán na súl as achan rud agus as achan duine. Tá mé ag smaoineamh go raibh damhsa ann agus ceol siúralta, ach thit mé féin i mo chodladh agus chuir sin deireadh leis an oíche dúinne mar thug mo mháthair 'na bhaile sinn, mé féin agus mo dheartháir Micheál.

Bhí mo mháthair ann an oíche sin mar, ar ndóigh, bhí an-aithne aici ar mhuintir na gCruach agus an-mheas aici orthu fosta. Níorbh aon ionadh é sin mar bhí naoi mbliana déag tugtha aici ag múineadh ansin. Ar feadh ocht mbliana roimh phósadh di d'fanadh sí i dteach Dhomhnaill Mhic Fhionnghaile ó oíche Dhomhnaigh go dtí tráthnóna Dé hAoine nuair a d'fhilleadh sí ar Chill Riaghain.

Uaireanta, creidim go bhfilleadh sí ar an traein bheag ó stáisiún an Chlocháin fríd Bhaile na Finne go dtí na Gleanntaí.

Ach mar a déarfá, bhí a mhalairt ar fad de shaol ann an uair sin. Rud a bhíodh ann na blianta sin murab ionann is inniu, ná an sneachta a mhaireadh ar feadh seachtainí, rud a rinne an taisteal an-chontúirteach. Ní raibh bealach na gCruach ró-mhaith am ar bith mar is cuimhin liom m'athair ag clamhsán faoi minic go leor. Chuireadh sé slabhraí ar rothaí an ghluaisteáin ag dul isteach chun na gCruach nuair a bhíodh an sneachta ann. Tá cuimhne agam ar lá eile ní b'fhaide siar a chaith mé i dteach Amrais Uí Gheibhinn, lá olltoghcháin; bhí an scoil ina ionad vótála agus bhí mo mháthair ar dhuine de na daoine a bhí ag freastal. Bhí Máire (bean Sheáin Uí Cheallaigh), ina bean óg ag an am sin, ag tabhairt aire domsa an lá sin; an-chara linn í Máire ar feadh na mblianta fada go dtí an lá inniu.

Tá mé á scríobh seo i mbaile beag i measc shléibhte eile, sléibhte na nAndes i bPeru, i Meiriceá Theas. Is iomaí uair, ó tháinig mé anseo, tá dhá bhliain ó shin, ag smaoiteamh dom ar mhuintir na gCruach, mar a bhíodh siad na blianta ó shin. Caitheann na mná seálanna dubha anseo fosta in amannaí, ar ócáidí eile an poncho, mar a chaitheann na fir. Agus iad ag gabháil an bhóthair bíonn siad de shíor ag sníomh na holla. Taobh amuigh de na tithe bíonn siad ag cróiseáil agus ag cniotáil sna tráthnóntaí agus is fiodóirí críochnaithe iad, cuid acu. Agus diomaite de sin uilig tá siad lách, cineálta, cúirtéiseach mar a bhíodh muintir na gCruach i mo chuimhnese. Tá ráiteas beag greannmhar ag teacht chugam óna laethe sin agus creidim gur óna Cruacha é: “Is trua nach dtig ‘ní minic a thig’ chomh minic le ‘minic a dtig’.” Bhíodh mórán cuartaíochta ar ndóigh ag na daoine an t-am sin. Is iontach mar a thiontaíonn rotha an tsaoil.

Cuid de na cuimhní is luaithe atá agam is óna Cruacha iad. Seo arís mé, seasca bliain níos faide anonn, agus mé arís i measc na sléibhte, sléibhte na nAndes an iarraidh seo, agus súil aniar agam ar Chruacha Thír Chonail. Ach caithfidh mé a rá go bhfuil an barr bainte ag na hAndes i rud amháin: tá na bóithre anseo míle uair níos measa ná mar a bhí bóthar na gCruach riamh!

(Iníon le Máire Bn Uí Chuirc í an tSiúr Máire.)

THE CROWS!

“The Crows”! Nuair a chuala mé don chéad uair faoin áit is faoin ainm sin a bhí sé agus is dócha, cosúil le gach duine den dream óg Gaeilgeoirí i nDoire a bhíodh mar chairde agam gur shamhlaigh mé gurbh áit í a bhí lán de phréacháin ar chúis éigin.

Ag an am sin, ní bhíodh ach Gaeltacht amháin i mbéal na ndéagóirí a chuir suim sa teanga fán chathair s’againne agus b’shin Rann na Feirste.

Bhí cuairt nó dhó tugtha ag an gcuid is mó againn ar Rann na Feirste agus b’iontach go deo an áit í le teacht in inimhe fada go leor ó shúile fiosracha na dtuismitheoirí.

Ach chualamar an dream níos sine a bhíodh ar an ollscoil ag caint mar gheall ar na “Crows” agus chonacthas dúinn go raibh rud éigin faoina sléibhte seo a bhí níos draíochtúla ná an scolaíocht laethúil i gcoláiste Rann na Feirste.



Seán Ó hÉaláir, RTÉ RnaG

Daoine ar nós Sheáin Uí Chasaide, Risteard Mhic Ghabhainn agus Shéamais Uí Chnáimhsí a bhíodh ag cur síos ar an bhfáinne seo de shléibhte ina gcónaíodh pobal ar leith a mbíodh canúint éagsúil Ghaeilge acu, canúint dá gcuid féin agus a bhíodh chomh scoite sin amach ón saol mór thart orthu go mbíodh daoine ina measc nach mbíodh Béarla ar bith acu. Chualamar trácht freisin ar an “Reelin Bridge”, an teach tábhairne a mbíodh scioból in aice leis a húsáidí mar halla céilí nuair a bhíodh an ceol ar fáil. Agus cé hiad a chuireadh an ceol ar fáil go rialta ach duine de chlann chlúiteach Uí Dhochartaigh— go minic an rí-cheoltóir é féin, John Simey Ó Dhochartaigh.

Chomh maith leis an dream ollscoile sin, an chéad ghlúin de dhaltaí Dhoire chun deis a fháil ar oideachas tríú léibhéal cé gur tugadh isteach saor-oideachas i

1948, mhealladh an cur síos a chluineadh muid ó Sheán Ó Gallchóir (Johnny), sean-Phoblachtóir, faoin áit.

Bhí cuid mhaith dá shaol caite ag Johnny i bpríosún sa mBreatain agus sa Tuaisceart as a chuid oibre ar son an IRA agus bhíodh Gaeilge phaiteanta aige. Chuireadh sé an-suim sa gceol agus is uaidh-sean a d'fhaigheadh an t-amhránaí traidisiúnta Kevin Mitchell a chuid amhrán.

Bhuel is é an Johnny céanna a bheathaíodh samhlaíocht dream óig Dhoire lena scéalta faoi na hoícheanta go maidin i scioból an “Reelin Bridge” agus John Simey ag seinm fós le héirí na gréine.

Ar chúis éigin, mheall íomhá John Simey muid, an duine deireanach den aos ealaíon sin a théadh ag taisteal ó áit go háit mar a bheadh file na seanaimsire ann, é ag brath go hiomlán ar a cheol chun slí bheatha a bhaint amach. É ag siúl na mbóithre faoi achan chineál fearthainne agus sneachta agus doras fágtha le hoscailt ag muintir na gCruach dó ar eagla go dtiocfadh sé faoi choim na hoíche agus achan duine ina luí.

Pictiúr románsúil den saol in Éirinn roimh imeacht na nIarlaí gan dabht ar bith! Shocraigh ceathrar againn go gcaithfeadh muid an áit seo, Na Cruacha Gorma, a fheiceáil agus roghnaigh muid an Cháisc lenár gcéad chuairt a thabhairt orthu.

D'fhan beirt againn i dteach amháin, teach Fanny Mhic Fhionnghaile agus beirt i dteach Mhic a'Luain leath-mhíle nó mar sin siar an bóthair. De bharr gur tháinig muid san oíche, ní fhaca muid mórán. Ach, an mhaidin ina dhiaidh sin, a mhaighdeáin, a leitheid de radharc! Crúb capaill de shléibte atá sna Cruacha, bóthar amháin ag rith fríd agus tithe ceann tuí in aice an bhealaigh mhóir nó scaipthe ar fhabhraí na genoc. Cibé rud a shamhlaigh muid agus muid ag caint faoina “Crows”, ní raibh se chomh drámatúil leis an radharc a fuairamar romhainn.

Do dhream óg as an chathair, bhí saol mhuintir na gCruach chomh héagsúil le rud ar bith dá raibh taithí againn orthu. Bhí orainn éirí cleachtaithe leis na tithe beaga traidisiúnta a mbíodh ballaí tiubha cosúil le dún orthu. Rud níos deacra le héirí cleachtaithe leis ab ea an “teach beag” a bhí tamall beag ón teach. Ach ar a laghad ar bith, ní bhfuairamar an freagra a fuair carachtar i gceann dena scéalta ag Johnny Gallagher. Mhaígh Johnny gur fhiafraigh duine soineanta d'fhear a'tí sna Cruacha “cá bhfuil an leithreas?” agus go bhfuair sé mar fhreagra “Nach bhfuil Condae Thír Chonaill fút?”

Baintreach a bhí i bhFanny Mhic Fhionnghaile, í sna seascaidí, mac amháin sa bhaile, Paddy, a bhí thart ar an dá scór agus beirt ghirseach, Mairéad agus Angela sa teach léi fosta. Bhí siadsan an-óg agus chuidíodh siad le hobair an tí agus na n-ainmhithe a choinníte gar don teach, na cearca agus mar sin de.

Ach an rud a chuireadh iontas orainne go mbíodh an tslí chéanna oibre ag Paddy agus a bhíodh ag na glúnta roimhe. Is saol “pastoral” a bhí ann a tháinig anuas chugainn as na meánaoiseanna. Go simplí, théadh Paddy suas ar na sléibhte leis na ba ar maidin agus ní thagadh sé arais go dtí go raibh an ghrian ag dul faoi. Théadh sé amach ansin le prátaí a fháil amach as an ngarraí beag agus bhíodh dinnéar ansin againn —go minic is prátaí agus uibheacha a bhíodh againn. Ó am go chéile bhíodh slisín bagúin nó dhó ar fáil.

Ó thaobh bí de, bhí an teaghlach beagnach neamhspleách. D’fhasadh Fanny a cuid glasraí féin, bhíodh bainne agus im óna ba agus móin don tine as an bportach. An chuimhne is mó atá agam de Fanny ná í cromtha síos ag tabhairt aire do cheann de na potaí móra dubha a bhíodh crochta ar chrann aici.

Dhéanadh sí arán ar an ngriddle agus is é a bhíodh blasta. Is sna Cruacha gur bhlais mé boxtaí don chéad uair. Ní i dteach Fanny a bhlais mé iad ach tí Mhic a’ Luain áit a dtagadh muid le chéile fá choinne oíche cheoil nuair a sheinneadh Joe Beag, mac an tí, an fhidil.

Thairg bean a’ tí pláta den boxtaí seo domh agus níor thaitin an chuma uisciúil liath liom. Ach dúirt fear an tí liom gur chóir domh triail a bhaint astu mar nach minic go bhfeicfinn arís iad agus buíochas le Dia gur bhain mar bhí siad iontach iontach blasta le giota ime agus níor bhuail mé le boxtaí áit ar bith ó shin.

Agus ó thaobh aimsire de, bhí an t-am ceart roghnaithe againn le cuairt a thabhairt ar na Cruacha!

Maidin amháin mhúscaíl muid agus bhí na sléibhte agus na tithe faoi bhrat sneachta. Agus ní clúdach beag sneachta a bhí i gceist, bhí sé chomh domhain sin nach bhféadfaí idirdhealú a dhéanamh idir an bóthar agus na díogacha ar gach taobh. Go tobann, bhí muid go léir inár bpríosúnaigh sa teach.

San iarnóin, d’fhiafraigh Fanny dúinn ar mhaith linn éisteacht le ceol, rud a chuir iontas orm mar ní raibh aon ghléas feicthe againn sa teach agus ní raibh aon leictreachas ann. Dúirt muid gur mhaith linn agus chuir sí Angela suas go dtí an lafta, an spás faoin díon. Tháinig Angela ar ais le sean-ghramafón adhmhaid a raibh “handle” air agus dornán ceirníní.

Shuigh muid ansin thart ar an tine mhór teolaí ag éisteacht le meascán de cheol damhsa agus John McCormack ag craicleáil fríd an teach a fhad is a luigh an saol amuigh faoi bhrat bán ciúináis!

Tá cuimhní eile againn ar an gcuart sin... an tsiúlóid suas an Chruach Ghorm féin chun smionagar an eitleáin cogaidh a fheiceáil a bhuail isteach inti sna daicheadaí... “soitheach aeir” a thug Fanny ar an gcuariteoir gan choinne. Nach deas sin!

Cuimhneoidh muid freisin ar an lá iascaireachta san abhainn nuair a d'ith na míoltóigí inár mbeatha muid. Ach ní dóigh liom go ndéanfaidh muid dearmad go deo den lá mór sneachta sin. Bhí idir aisteacht agus áilleacht ag baint leis. Chuaigh mé féin ar ais chun na gCruach cúpla uair ina dhiaidh sin agus chuir an fháilte mhór chroíúil romham i gcónaí. Muintir chóir chineálta a bhí iontu riamh agus má tháinig mé gan choinne uaireanta chuir an tsráideog ar fáil dom. Bhí sé de phribhléid agam aithne a chur orthu agus a bheith mar aoi acu. Roinneadh siad a gcuid, idir bhia, ól agus cheol liom gan trácht ar an teanga shaibhir a choinníodh siad beo mar sheoid ina ndún sléibhtiúil don té a thagadh ar a lorg.

Blas de shaol ár sinsear a thug siad don chuairoteoir, blas d'Éire nach mbeidh a choíche ann arís.

(Tá Seán Ó hÉalaí ina iriseoir le RTÉ RnaG i mBaile Átha Cliath.)



Grúpa iarscoláirí

Tógadh an pictiúr seo in 1998 nuair a craoladh an clár "Barrscéalta", RTÉ RnaG beo as tí Joe agus John Pheadair Mhic Dhiarmada, Cruach Leaca.

Ar chúl, ó chlé: Anna Nic a' Luain, Máire Uí Cheallaigh, Lavina Ní Earcain Temple, agus John Pheadair Mac Diarmada.

Chun tosaigh, ó chlé: Róise Nic a' Luain, Máire Nic Fhionnghaile Uí Dhochartaigh agus Aodán Ó Gallchóir.

SNA CRUACHA GORMA DOMH (1965/66)

Séamus Mac Mathúna

Ní minic a théann taobh tíre agus dream daoine i bhfeidhm ar dhuine a oiread agus a chuaigh ceantar na gCruach Gorm i bhfeidhm ormsa nuair a bhí mé i mo scoláire óg tá níos mó ná dhá scór bliain ó shoin. Bhí mé in Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste ag an am ag déanamh staidéir ar na teangacha Ceilteacha faoi stiúir an Ollaimh Heinrich Wagner. Bhí an tOllamh Wagner i ndiaidh ábhar don *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects* a bhailiú sna Cruacha sna caogaidí agus dúirt sé go raibh saibhreas iontach Gaeilge san áit agus daoine ann i gcónaí ar bheagán Béarla nó gan Béarla ar bith. Chomh maith leis sin, bhí Seán Ó Heochaidh, an bailitheoir clúiteach béaloidis, ag tabhairt léachtaí dúinn san Ollscoil ag an am agus rinne sé cur síos ar an cheantar agus ar mhuintir na háite a chuir na scoláirí óga uile go léir faoi dhraíocht. Bhí an-rud ábhair bailithe ag Seán fá na Cruacha thar na blianta: ní hé amháin go raibh an leabhar *Sean-chainnt na gCruach* foilsithe aige in *Zeitschrift für celtische Philologie* 29 (1962, 1-90; foilsithe fosta go neamhspleách ag Niemeyer, 1963) mar aon le foghraíocht curtha ag Heinrich Wagner ar na téacsanna (rud a bhí déanta aige roimhe sin ar leabhar eile de chuid Sheáin, *Sean-chainnt Theilinn, Baile Átha Cliath*, 1955), bhí aiste den scoith scríofa aige ar dhuine de na seanchaithe is mó sa tír seo ariamh anall, mar atá Anna Nic a' Luain. Deir Seán an méid seo fá na Cruacha ina chuid 'Cuimhní Cinn ar Heinrich Wagner':

Bhí ceantar an-tábhachtach le cumhdach againn go fóill agus ba sin ceantar na gCruach Gorm. Dar liomsa agus dúirt mé sin go minic fán áit seo gurb ann a bhí an t-aon fíorGhaeltacht a bhí fágtha i dTír Chonaill agus ba é an t-ábhar sin mar go raibh mórán daoine fágtha ann go fóill

nach raibh focal Béarla acu. Chuaigh muid chun na gCruach agus d'fhan muid i dToigh Chlann Mhic Giolla Dhiarmada. Chuir mé in aithne é do na seanchaithe uilig ar oibir mé leo agus bhí sé iontach sásta. (*Miscellanea Celtica in Memoriam Heinrich Wagner* (in eagar ag S. Mac Mathúna agus A. Ó Corráin, Uppsala 1997)

Bhí scoláire óg eile san Ollscoil san am sin i seascaidí na haoise seo caite a bhí cúpla bliain chun tosaigh orm féin agus a bhí i ndiaidh a intinn a shocrú ar chéim na Máistreachta a dhéanamh ar áitainmneacha na gCruach agus an cheantair máguaird. Bhí an-spéis go deo ag an fhear óg céanna sin sa traidisiún béil agus san teangeolaíocht agus bhí sé tosaithe cheana féin ar scéalta agus seanchas na háite a bhailiú. Ba é an duine sin an scoláire mór béaloidis, an Dr Séamas Ó Catháin, Ollamh le Béaloideas na hÉireann i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Rinne mé mo chomhrá leis an Ollamh Heinrich agus le Séamas agus mhol siad go láidir domh tamall a chaitheamh san áit.

An chéad sciúird a thug mé ar na Cruacha, is in éineacht le Séamas agus Peadar Ó Duibheannaigh a bhí mé. Scoláire óg eile ab ea Peadar a bhí ag déanamh staidéir i gColáiste na Banríona ag an am; duine meabhrach ba ea Peadar a raibh an-spéis aige i dtraidisiún na Gaeltachta. Bhí sé mór le Séamas ó bhí sé ina lead óg mar go dteachaigh an bheirt acu ar scoil ar an Ómaigh ag an am chéanna. Ní dhéanfaidh mé dearmad a choíche go deo den turas sin.

Chas muid ar dtús leis an bhean uasal álainn sin a rinne a oiread sin leis an oideachas a chur chun cinn sa cheantar agus le tábhacht na gCruach a chur in iúl do mhuintir an tuaiscirt ag an am, Máire Bean Uí Cheallaigh, Maistreas Bhunscoil na gCruach. Agus tá cuimhne mhaith agam go háithrid ar an chuairt a thug muid ina dhiaidh sin ar an scéalaí agus seanchaí Pádraig Eoghain Phádraig 'ac a' Luain, a dheartháir Conall, agus a dheirfiúr Máire. Chan é amháin go dtug Pádraig cuid mhór seanchais agus scéalta dúinn, rinne Conall damhsaí ar an tsean-nós agus d'fhreastail Máire go caoin cairdiúil orainn agus choinnigh stiúir siosmaideach ar na himeachtaí uilig. Chaith muid bunús na hoíche fosta sa teach béal dorais ag muintir Mhicí Mhichíl Óig Mhic a' Luain, teach mór airneáil eile de chuid an bhaile, áit a raibh lear mór daoine óga, cailíní deasa óga dóighiúla ina measc agus fear bosca den scoith, mar atá Patrick Rua 'ac a' Luain.

Chuir Séamas leabhar breá agus caiséad amach roinnt blianta ina dhiaidh sin de sheanchas Phádraig Eoghain Phádraig (*Uair an Chloig Cois Teallaigh*, Comhairle Béaloideas Éireann) agus tá muid iontach buíoch de go dtearn sé sin mar bhí

saibhreas as an choitiantacht agus fairsingeacht neamhghnáth san oidhreacht luachmhar traidisiúin a bhí á iompar agus á chaomhnú ag Pádraig: fathach fir ba ea é, go ndéana Dia a mhaith air.

Bheartaigh mé go rachainn ar ais agus go gcaithfinn tréimhse níos faide sa cheantar a luaithe agus a bheadh deis agam chuige. Chuaigh mé ann ar mo chonlán féin mar sin fá Cháisc na bliana 1966 le go bhfuighinn blas ceart na háite agus le go dtoiseochainn féin a bhailiú ábhair a bheadh mar chorpas agam fá choinne tráchtas dochtúireachta ar Ghaeilge na háite nuair a bheadh an bhunchéim críochnaithe agam.

Chaith mé sealanna eile san áit agus daoine eile i mo chuideachta, ina measc, scoláire óg eile a bhí ag dul do chéim na Máistreachta i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, an Dr Diarmaid Ó Doibhlin. Bhí Diarmaid i ndiaidh teacht faoi thionchar an Ollaimh Bhreandáin Uí Dhoibhlin, an criticeoir agus an scoláire mór litríochta a raibh cuid dá aistí réabhlóideacha léite agam agus mé ag freastal ar an Ollscoil. Phléigh mé féin agus Diarmaid teoiricí Bhreandáin agus rinne Diarmaid mionléamh ar chuid de dhánta an Ríordánaigh, Uí Dhireáin agus Aogáin Uí Raithile liom le go dtuigfinn cad é an mianach a bhí san fhilíocht seo agus i litríocht an seachtú agus an ochtú céad déag. Bhí mé ariamh buíoch dó ar a shon sin. Is cuimhneach go maith liom, cuirim i gcás, a bheith ag léamh dánta macasamhail ‘An Doircheacht’ i mo leaba i gCró Leac go mall san oíche i séasúr an gheimhridh. Agus sílim gur bhlaiss mé b’fhéidir don chéad uair i mo shaol ó bhí mé i mo pháiste cad é an rud é dorchadas. Duine ar bith a chaith seal i gcoim na sléibhte seo, tuigeann sé nach dorchadas é go dorchadas na gCruach Gorm i ndúluachair an gheimhridh!

D’fhan mé ag Eoghan agus Bríd Moy i gCró Leac agus caithfidh mé a rá go raibh siad thar a bheith cineálta linn. Thug Bríd an-aire go deo dúinn agus beidh áit inár gcroí di i gcónaí. Bhíodh daoine ag bualadh isteach chun toighe go rialta, idir mhuintir na háite agus cuairteoirí ag iarraidh tuilleadh eolais a fháil fán cheantar álainn seo. Muna raibh mé féin agus Diarmaid ag Droichead na Rithlinne ag ól pionnta nó dhó, ba ghnáth liom na hoícheanta fada a chaitheamh i dtoigh Eoghain Mhichíl Mhic a’Luain i gCruach Mhín an Fheannta, an teach is mó airneáil agus seanchais sa chomharsanacht ag an am. Ar ndóigh ba dhoiligh an comharsa béal dorais, Pádraig Eoghain Phádraig, a bhualadh de thairbhe an tseanchais dó. Tá sin fíor go cinnte. Ach bhí draíocht speisialta i dtoigh Eoghain Mhichíl mar go raibh an-éagsúlacht chuideachta sa teach i gcónaí; chuir sé teach an bhughaidh i seantraidisiún na hÉireann i gcuimhne dom, teach ina mbíodh

solas san fhuinneog i dtólamh, craos tineadh ar lasadh, agus an pota bídh ag síorbhruith ann. Bhí an fhlaithiúlacht, an ceol, agus cothú an dúchais agus an traidisiúin ag siúl taobh lena chéile i gcroí-lár an toighe sin.

Bhí bean darb ainm Róise sa teach, bean mhín dheisbhéalach, agus Johnny Ward, nó Johnny John Kit mar a tugadh air, baintreach Bhidí Eoghain Mhichíl a thainig go teach Eoghain Mhichíl nuair a fuair Bidí bás. Bhí Johnny sna hochtóidí anois ach bhí scéalta breátha aige i gcónaí. Bhí daoine galánta eile sa teach, Joe Mór agus Joe Beag, agus bean an toighe, ar ndóigh, Máire, bean álainn sheiftiúil a chuireadh fearadh na fáilte roimh achan duine a thioctadh an bealach.

Fear an toighe, ba sin Pat Eoghain Mhichíl. Ní hiontas ar bith é gur tugadh ‘Rí na gCruach’ ar Phat, agus ní miste a rá nach ar shaibhreas na gcaorach amháin a bhí an t-ainm sin tuillte aige. Níor sheanchaí ar bith é Pat Eoghain ach bhí buanna aige a bhí lán chomh tábhachtach leis sin. Gidh nach bhfuair sé mórán scolaíochta é féin, shíl mé go raibh sé ar dhuine chomh cliste éirimiúil agus a casadh orm ariamh. Bhí teanga Ghaeilge aige a bhí mar a bheadh criostal ann: ceardaí mór focal ba ea é. Thuig sé tábhacht na bhfocal: thug sé isteach ina bhéal iad, bhlais iad, agus mheáigh go tomhaiste iad go dtí gur thosaigh an ceistiú agus an cheastóireacht Níor ligeadh le focal ar bith sa chomhrá go raibh a fhiúntas cruthaithe agus a áit tuillte aige. Thosaíodh an cheastóireacht go minic leis na focla: ‘Bhal, a stócaigh ...’.

Ansin bhí Johnny John Kit ann ón ar bhailigh mé leaganacha de chuid mhór de na scéalta a bhí bailithe ag Seán Ó Heochaidh aroimhe sin uaidh féin agus ó Anna Nic an Luain sna caogaidí, scéalta breátha greannmhara macasamhail ‘Bréag Mhór Éireannach’ agus ‘Nuair a chuaigh mise go hAlbain’. Nuair a d’fheallfadh a chuimhne ar Johnny bhí Róise agus muintir eile an toighe ábalta cuidiú leis agus ba léir go raibh na scéalta de ghlanmheabhair, a bheag nó a mhór, ag gach uile dhuine sa teach. D’fhoilsigh Áine Ní Dhíoraí cuid mhór de na scéalta sin sa leabhar bhreá a chuir sí le chéile roinnt blianta ó shoin, *Na Cruacha: Scéalta agus Seanchas* (An Clóchomhar). Thug an leabhar sin pléisiúr mór dom agus bhí mé ábalta a dhul siar ar bhóithre na smaointe agus mo chuid leaganacha féin de na scéalta a chur i gcomórtas leofa sin i leabhar Áine.

Bhínnse ag iarraidh a bheith ag seinm ar an fhidil ag an am sin agus bhí ceol breá ag Joe Beag agus Patrick Rua, Joe ar an fhidil agus Patrick ar an bhosca ceoil. Ba ghnáth leofa a bheith ag seinm ag damhsaí i mBaile na Finne agus in áiteacha eile

sa chomharsanacht. Oíche amháin nuair a chuaigh mé a dh'áirneál toigh Eoghain Mhichíl, bhí fear mór fada ciúin, fear uasal múinte modhúil, sa teach romham. Níor aithin mé é. Cuireadh in aithne dom é agus ba é an t-ainm agus an sloinneadh a bhí air, Johnny Doherty. Bhí clú, ar ndóigh, ar Dhochartaigh Ghleann Fhinne sa chomharsanacht agus in áiteacha eile i nDún na nGall, ach ní raibh cáil ar Johnny go fóill ar fud na hÉireann mar dhuine de na fídléirí a ba mhó ariamh anall i stair na tíre seo. I gcás ar bith, d'iarr sé ormsa agus ar Joe port a bhualadh ar an fhidil agus thosaigh mé féin ag scríobadh liom mar, chun na fírinne a rá, ní raibh lámh iontach agam ar an ghléas ag an am. Bhal, chan é amháin nach raibh a fhios agam cérbh é Johnny Doherty, ní raibh a fhios agam gur fídléir ba ea é ar chor ar bith. Nuair a bhí mé féin agus Joe réidh leis an scríobadh, hiarradh ar Johnny rud inteacht a sheinm. Féadaim a rá gur baineadh siar ar fad asam mar níor chuala mé a leithéid de cheol ariamh roimhe ná ina dhiaidh: bhí cumhacht as power sa seinm, fidil-dhomhan dá chuid féin á chruthú os comhair ár gcuid súl, tonnta tréana draíochtúla osréalacha ag titim anuas orainn ina rabhartaí móra ceoil, plobaireacht agus splaisearnacht ar fud an toighe, an chonairt ag béicigh agus ag scréachaigh agus an sionnach ar a dhícheall ag iarraidh éalú uathu. Chaith muid oíche go maidin ag éisteacht le Johnny agus mórán oícheanta eile ina dhiaidh sin agus ar ócáidí eile nuair a thiginn ar ais chun na gCruach a bhailiú seanchais, amanta i gcuideachta mo chara Colm Ó Donnghaile.

Bhí muintir na gCruach uilig go léir ar dhaoine chomh deas modhúil pléisiúrtha agus a chasfaí ort i siúl lae. Bhí siad thar a bheith fial flaithiúil linn. Bíodh go raibh de chóir iomlán Ghaeltacht Dhún na nGall siúlta agam féin faoin am seo agus cainteoirí an-bhreátha go deo cloiste agam, shíl mé nár chuala mé an teanga á labhairt chomh réidh mín saibhir sin ag aon dream daoine ariamh ná ó shoin agus a chuala mé í á labhairt ag gach uile bhall de phobal na gCruach.

Chas mé lá amháin ar Jimmy 'Ac Aoidh i lár Aonach an Bhrocaigh agus chuir mé forrán cainte air as Gaeilge. Bhí sé ar an taobh eile den tsráid ag an am agus, de ghlór ard soiléir, scairtigh sé ar ais orm: 'Be it known to you', a deir sé, 'that the Callaghans have English'. Ba é seo domhan an Bhéarla agus ba mhian le Jimmy go dtuigfinn go raibh cuid de theanga sin an dul chun cinn aige féin agus ag a mhuintir. Tá Jimmy agus bunús na seandaoine a raibh mé ag caint orthu anseo imithe ar shlí na fírinne le fada an lá.

Ballóga is ea cuid mhór de na tithe anois. Chuaigh mé ar cuairt tá cúpla bliain ó shoin a dh'amharc ar theach Eoghain Mhichíl ag smaointeamh go bhfeicfinn Joe

Beag arís agus go ndéanfainn mo chomhrá leis. Bhí droch-bhail ar an teach agus chonaic mé Joe uaim ar na cnoic ag tabhairt aire do na caoirigh - Oisín i ndiaidh na bhFiann. Chuir sé tocht i mo chroí. Creidim go bhfuair sé bás go gairid ina dhiaidh sin, go dtuga Dia solas na bhflaitheas dó.

Maireann maorgacht agus uaisleacht agus sceirdiúlacht na gCruach iad féin agus a fhad agus a mhairfeas na sléibhte sin agus a fhad a mhairfeas cuimhne na ndaoine, ní dhéanfar dearmad de mhuintir uasal na gCruach Gorm.

(Tá Séamus ina Ollamh leis an Léann Cheilteach in Ollscoil Uladh, Cúil Raithin.)



Oíche airneáil ar na Cruacha 1949 (grianghraf Caoimhín Ó Danachair)

AG FÁNAÍOCHT FÁ NA CRUACHA

le Séamas Ó Catháin

“Daoíní an-séimhe carthannacha bunadh na gCruach atá an-fhearadh-fháilteach. Tá sé 'na ghrás acu dá dtéigheadh an strainseáir 'un toighe chucú trí h-uaire sa tseachtmhain go gcraithidh siad lámh leis comh maith agus dá mbéadh siad gan amharc a fheiceáil air le bliadhain.” – Seán Ó hEochaidh

Is é an trua é nach bhfuil bunadh na gCruach chomh fairsing anois ann agus a bhí siad le linn d'fhear Theilinn a bheith ag bailiú béaloidis uathu sa cheantar sin i ndeireadh na 1940í. Ní inniu ná inné a thoisigh “Fómhar na bliana ag dul in aghaidh na mban óg” – mar a dúirt an t-amhrán – ar na Cruacha agus sa chomharsantacht maguaird, ach i gcomórtas leis an lá atá inniú ann bhí pobal breá fearadh-fháilteach daoine ina gcónaí ar na bailte sin nuair a tháinig Seán ina measc mar bhailitheoir béaloideas do Choimisiún Béaloideas Éireann. Tá an lear mór scéalta agus amhráin a bhailigh sé sna blianta sin i dtaisce i gCnuasach Bhéaloideas Éireann sa Lárionad de chuid Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath – is é sin Lárionad Uí Dhuilearga do Bhéaloideas na hÉireann – atá ainmnithe as an fhear (Séamus Ó Duilearga) a d'ordaigh do Sheán aghaidh a thabhairt ar na Cruacha an chéad lá riamh. Tá fáil ar chuid den tsaibhreas sin i bprionta sna haltanna éagsúla a d'fhoilsigh Seán sna tréimhseacháin, *Béaloideas* agus *Zeitschrift für celtische Philologie* agus sa leabhar bhreá a chuir Áine Ní Dhíoraí amach tamall de bhlianta ó shin.

Má bhí Seán Ó hEochaidh moltach ar bhunadh na gCruach, ní lú ná sin an meas a bhí acusan airsean. Chuala mé ó Phat Goibín ar an Deargcruaich, mar shampla, faoin turas a thug Seán siar go Teileann samhradh amháin ina charr féin agus



Seamas Ó Catháin agus Gearóid Glifford

cuid d'fhir an cheantair leis ina chuideachta (agus Pat mar dhuine acu) chun lámh chuidithe a thabhairt dó an féar a shábháil. Ba bheag bailitheoir béaloidis, déarfainn, go raibh oiread dáimhe aige lena chuid fáisnéiseoirí agus lucht seanchais is a bhí ag Seán – seanascaire agus fear cladaigh – le sléibhteánaigh na gCruach, eadar fhir agus mhná, a bhí ina gcairde gaoil aige.

Bhí Seán bailithe leis síos go Cloich an Fhaolaidh agus Gort an Choirce le fada faoin am a dtáinig mise an bealach sin. Ach ina dhiaidh sin is uile, d'fhéadfá talamh slán a dhéanamh de go dtrachtfaí air féin agus a chuid eachtraí luath nó mall is cuma cén teach de chuid na gCruach a rachfá isteach ar cuairt ann.

I dteach de na tithe sin – teach Chloinn a de Dhiarmada i gCró Leac a chuir Seán faoi agus ba ansin a bhí mé féin ar lóistín ina dhiaidh sin ag Bríd agus Eoghan Muí agus seal de laethanta m'óige á gcaitheamh agam i mbun na Gaeilge idir fhoghlaim agus thaighde. Ba ghroíúil agus ba lách an lánúin iad agus ba bhlasta a gcanúint Ghaeilge.

Chaith mé giota de gheimhreadh agus d'earrach na bliana 1964 fá na Cruacha agus fá dhá cheann de na trí paróistí lena mbaineann siad – Paróiste Inis Caoil agus Paróiste Chill Taobhóige (nó Paróiste na nGleanntach agus Paróiste Ghleann Fhinne mar a bheirtear orthu). Ach oiread le bunús na gcomharsan, bhí dúil mhillteanach ag Bríd agus Eoghan sna cártaí agus ba mhinic na cartáí amuigh ar an bhord acu oícheanta geimhridh sa teach sin agus sport go maidin againn ann.

Bhí lámh mheasartha agam féin ar na cartáí – fiche cúig agus fuist go speisialta – ó tharla dúil nimhe a bheith ag mo mhuintir féin sa bhaile i dTír Eoghain iontu. Is maith a sheas an méid sin dom ach ba bheag de mhaith an Béarla breá a chleachtaí sa bhaile le linn cearrbhachais gona natháin bheaga ghonta agus a chuid chomharthaí cliste agus treoirínteachtaí rúndiamhracha faoi anáil, cuid acu nach mbeadh mórán níos mó i gceist iontu ach gnúsachtaí aonsiollacha, ach gnúsachtaí beaga a bhí lán de bhrí.

Ní raibh feidhm ar bith leis an Bhéarla sin, ar ndóiche, san áit sin; printíseacht eile in imirt chartaí a bhí i ndán dom más ea, agus b'éigean dom luí isteach ar na nósanna agus na nathanna a bhain le himirt chartaí a fhoghlaim i nGaeilge chun páirt iomlán a ghlacadh sa sport. Chuir na ceachtanna teangan sin ar mo chumas gnéithe den chanúint a thabhairt liom go paiteanta agus d'fhág go raibh glacadh liom mar chearrbhach de na cearrbhaigh sa chomhluadar ghealgháireach sin.

Níorbh é sin an t-aon rang teangan a d'fhreastail mé agus mé ag fánaíocht fá na Cruacha mar, cúpla bliain roimhe siúd, bhí de phribhléid agamsa agus dream beag eile mic léinn Máire Bean Uí Cheallaigh – Mary Amrais – bean uasal de chuid na háite, a bheith ina maistreas orainn i seanscoil na gCruach, áit a raibh sí ina príomhoide san am. Ba é Comhaltas Uladh a d'eagraigh an cúrsa sin i ndiaidh do bhaicle bheag againn a bhí ag freastal ar Ollscoil na Ríona i mBéal Feirste a dhul chun cainte le Gearóid Mac Giolla Domhnaigh, Rúnaí an Chomhaltais, fán dúil a bhí againn seal a chaitheamh fá na Cruacha chun feabhas a chur ar ár gcuid Gaeilge.

Ba mhór a chuaigh an cúrsa samhraidh sin a thug Máire chun tairbhe dúinn uilig ar an uile dhóigh. Ar an chéad dul síos, bhí muid cíocrach chun eolais agus bhí múinteoir ar dóigh againn, duine a bhí ar maos ina dúchas féin, dúchas na gCruach. Anuas air sin, bhí na ranganna ar ard-chaighdeán – go deimhin féin, féadaim a rá gur ar leibhéal ollscoile a bhí siad, mar is léir ó na nótaí eolgaiseacha a breacadh síos iontu.

Ba mhinic fosta Máire ag cur comhairle mhaith ormsa faoi chúrsaí logainmneacha agus ábhar eile den chineál sin agus mé i mbun taighde ar logainmneacha Inis Caoil agus Cill Taobhóige i lár na 1960í don tráchtas MA a bhí ar siúl agam faoi stiúir Heinrich Wagner, an tOllamh le Ceiltís in Ollscoil na Ríona. Bhí an-mheas ag Heinrich ar Ghaeilge Dhún na nGall agus bhí sin, canúint Theilinn, ar a thoil aige agus gan lorg dá laghad de Ghearmáinis na hEilbhéise uirthi – murab ionann agus a chuid Béarla.

Agus bunús leathbhliana caite agam ag taisteal ó bhaile go baile sa dá pharóiste sin, bhí neart amach le rá agam nuair a bhuaill mé isteach san ollscoil chun tuairisc a thabhairt do Heinrich faoina raibh déanta agam go dtí sin. Thoisigh mé orm a dh'insint fá seo agus fá siúd agus shuigh Heinrich ag éisteacht liom ar feadh i bhfad gan gíog ná míog as. Shíl mé gur le tréan mí-shástachta liom a bhí sé ag fanacht ina thost i rith an ama agus choinnigh mé orm ag inean agus ag inean go dtí go raibh mé spíonta. Ar a dheireadh thiar, tháinig druid ar mo bhéal agus ag an bhomaite sin lig Heinrich osna bheag agus dúirt – “Caithfidh mé a dhul ar ais go Dún na nGall!”

Ní cuimhneach liom anois cad é an breithiúnas a thug sé ar mo chuid iarrachtaí i réimse na taighde ach thuig mé ar an toirt gur sa chanúint Ghaeilge a bhí ar ais ar bharr mo theanga liom seachas san eolas a bhí bailithe agam a bhí a spéis.

Ní raibh sna cuairteanna a thug mé ar na Cruacha i ndiaidh an ama sin ach ruaigeanna gearra seal lae nó oíche le linn dom a bheith ar ais sa bhaile i dTír Eoghain ag amharc ar mo mhuintir. Baineann scéal oíche de na hoícheanta sin le dhá thaobh na teorann ar bhealach greannmhar agus b'fhéidir nach dtógfaí orm é dá ndéanfainn é a ríomh anois ó tharla gur ar shlí na firinne atá cuid mhaith de na daoine a raibh páirt acu ann.

Oíche Nollag a bhí ann agus, mar ba mhinic dom san am, i dtoigh Eoghain Phádraig i gCruach Mhín an Fheannta a bhí mé, mé féin agus deartháir dom Declan a bhí ina thiománaí agam ar an turas sin. Ba le deartháir eile dom, Seán, an carr a bhí linn, carr mór trom a raibh giarbhocsa uathoibríoch ann. Bhí na gártha fáilte romhainn agus ó tharla stór na Nollag a bheith istigh ag an tseanbhunadh – Máire, Conall agus Pádraig – tharla go raibh buidéal nó dhó de leann dubh fán teach acu le dáileadh ar na cuairteoirí. Bhí, mar a tharla, leathphionta fuiscí liomsa i mo phóca le roinnt orthusan ach, ar chúis amháin nó ar chúis eile, ní raibh sé sin ag fóirstean don ócáid agus ní ansin ach ina dhiadh sin an oíche chéanna a bearnaíodh mo bhuidéal-sa. Seo mar tharla.

Thart fán haon dhéag, d'fhág muid slán ag an triúr seanóir agus siúd aníos an casán linn ionns ar an áit a raibh an carr fágtha againn ar thaobh an bhealaigh mhóir. Ach splanc nó casadh ar bith ní raibh san inneall mar go raibh an cadhnra ídithe ag gléas a choinnigh teas leis an fhuinneog chúil. Bhí siocán crua ann an oíche sin agus bhí an gléas seo fágtha air ag Declan i ngan fhios dó féin agus an cadhnra reaite amach as cumhacht aige le linn an áirneáil. Is é nádur mhótair a bhfuil giarbhocsa den déanamh sin iontu nach féidir iad a chur a dh'imeacht le fána an chnoic, rud a d'fhág muid go maolchluasach gan gléas iompair ar thaobh an bhealaigh mhóir i ndoimhneacht na hoíche agus in iargcúl na gcnoc. Ní raibh aon mhaith pilleadh ar an teach a bhí fágtha inár ndiaidh againn agus, dá réir sin, ní raibh an darna suí sa bhuaile againn ann ach tabhairt do na bonnaí soir an bealach mór ag tarraingt ar Bhealach na gCreach.

Bhí oíche bhreá chíuin spéirghealaí ann agus na céadta míle réalta ag lonnruí agus ag glioscarnach os ár gcionn agus imlíne chruacha sléibhe ag ardú suas go bun na spéire ar an dá thaobh ag dul soir dúinn. Tharraing mise an leathphionta as mo phóca agus le scéal fada a dhéanamh gairid níorbh fhada uilig go raibh an buidéal diúgtha ag an bheirt againn. Fán am sin, bhí seanscoil na gCruach agus Teach Eoghan Mhicheáil bainte amach againn agus, le misneach an óil, siúd síos muid ag déanamh dánachta ar Joe Beag bocht, an duine deireanach den dream uasal a raibh cónaí orthu tráth den tsaol sa teach sin.

Bíodh a fhios gur in antráth na hóiche a bhí sé agus gan coinne ag Joe bocht le Daidí na Nollag nó le héinne eile, fáiltíodh romhainn isteach. Nuair a mhínigh muid an cruachás ina raibh muid, thoiligh Joe muid a thiomáint a fhad leis an Ríleann áit a raibh both telefóin suite agus deis dá réir sin againn fónáil abhaile go Tír Eoghain le fios a chur ar chadhnra eile.

Seo linn sa tsean-veain a bhí ag Joe síos go Droichead an Ríleann agus isteach liomsa sa bhoth chun dul a choraíocht leis an chóras telefóin a bhí ann san am. Ar amharaí an tsaol, d'éirigh liom breith ar bhall teaghlaigh a bhí ar a choiscéim amach an doras chuig Aifreann na Gine sa bhaile i bParóiste na Leamhchoille agus d'fhág scéala fán chruachás ina raibh mé féin agus Declan agus fán rud a theastaigh chun tarrtháil a thabhairt orainn .i. cadhnra.

Bhí sé ina mheánoíche agus bhí muid préachta leis an fhuacht san am sin agus gan aon áit ar bith againn le dul ar dídean ann ach isteach ar ais in veain Joe mar go rabh an teach tábhairne druidte agus Josie Bonnar agus a líon toighe imithe soir iad féin go hAifreann na Gine i nGleann Fhinne. Fán am ar thoisigh na

carranna a shoilsiú leofa anoir ar ais ón Aifreann, bhí tart as cuimse ormsa, an tart sin a bhíonn ar dhaoine i ndiaidh óil. I gcionn an ama sin, bhéarfainn-se mo phaidrín ar dheoch uisce nó bainne dá bhfaighinn é.

D'iarr mé sin ar Josie nuair a tháinig sé ar an fhód agus scaoileadh isteach muid sa tseomra cúil a bhí aige le taobh na cisteanadh. Go gairid ina dhiaidh sin glanadh amach na luatha agus cuireadh síos tine agus go gairid ina dhiaidh sin arís tugadh faoin tart a mhúchadh agus, go maramas tú, ní le huisce nó le bainne a bhfuarthas an lámh in uachtar air ar deireadh.

“Tá Jimí Ó Gallchobhair istigh sa chisteanach,” a dúirt Josie ar ball ina dhiaidh sin. “An bhfuil an bocsa leat?” Ní raibh an bocsa liom, ach bhí cairdín mór ag Josie féin agus siúd Jimí (a bhí ina ard-fhidiléir) agus mise, agus Declan eadar amanna (bhí lámh mhaith aigesean ar an fhideal fosta), a bhualadh ceoil. Bhí muid ansin go sona sásta ag seinm go bríomhar ós comhair na tine nuair a nocht Seán, fear an chadhnra, sa doras anonn san oíche agus bhuail faoi. Chríochnaigh an port sin suas agus labhair Seán den chéad uair, deoch ina lámh agus aoibh air fán am sin, agus dúirt – “Cad a thugann sibh ar an cheann sin a bhuachaillí?” “Sin é an port a dtugann said ‘An Breakdown’ air,” a dúirt mise leis. Bhris an gáire orainn uilig.

Siar chun na gCruach linn moch maidine ina dhiaidh sin leis an chadhnra a chur sa charr agus ar ais arís ina dhiaidh sin go Tír Eoghain linn le bodhránacht an lae maidin Lae Nollag.

Bhí Séamas Ó Catháin ina Ollamh le Béaloideas na hÉireann i Lárionad Uí Dhuilearga do Bhéaloideas na hÉireann agus Cnuasach Bhéaloideas Éireann UCD. go dtí deire 2007. Tá sé ar pinsean anois. Go n-éirí sin leis.

NÓTAÍ PHEADAIR UÍ DHUIBHEANNAIGH

Samplai ó leabhar nótaí Pheadair Uí Duibheannaigh ón Ómaigh, Tír Eoghain, nótaí a thóg sé ón mhaistreas Máire Uí Cheallaigh agus ranganna á dtabhairt aici do mhicléinn ollscoile i Scoil na gCruach sna seascaidí.

Bhí Peadar in Ollscoil na Ríona i mBéal Feirste ag an am.

Chaith sé cuid mhaith dá shaol oibre ag teagasc Gaeilge i gClochar Loreto, An Ómaigh.



An sagart Tomás Ó Beartlaoi, nach maireann; Peadar Ó Duibheannaigh; Bríd Muighe agus Gearóid Clifford ar na Cruacha.



Joe Ó Giobúin,
máthair P Uí
Dhuibheannaigh, Pat
Ó Giobúin, Ródaí Uí
Ghiobúin ag an túirne
agus beirt as Tír
Eoghain ar an
Deargchruach.

an galar caot = Pining in sheep.
 dall na mullóg = galar ar súil caora.
 putónach = foot-rot
 grúig = ^{small} lump.
 grugán = small lump.
 slucháin = ~~small~~ small horns on milky cow.
 capall = mare
 stair = Stallion
 cliobóg = colt.
 ladhóg = ruball beag ag imthocht de grinnle
 teamóg = corimail de sail, nó cota etc. ^(sron a ghlenn)
 bíonglám = prong
 báinne tó bleachtáin = honeysuckle.
 pleascán beal na bó = cows lip
 súlóg pí = bubble.
 * Dail éanacha = lichen, green stuff on water.
 Tá sé ina chuid mántíní = ~~gan~~ he has no
 good clothes.
 Tá a chuid mántíní síos leis
 His coat isn't
 K 12

reatrach
 righte = tight
 ceangal righte = tie it tight.
 tá a rása thart = his days are done.
 feadhgnógaí = panners (on donkey)
 cor thuatail = whirlpool.
 cail eamagach = glar or kitchen
 caomach = moss.
 corimthúch is used the same as an-
 lathair sa corimthúch géista.
 bleaghain = milking.
 ní rabh tuinte éadaigh air.
 He hadn't much clothes.
 buille féir = swathe.
 gualach = smut dubh ar do aghaidh.
 bonn-thalladh = stone bruise.
 síleadh = puss (boil etc).
 shilsheá gur fá chomhe aibhéige
 a tháinig tú = Thug tú cuíle goirid.

MO CHAIRDE AR NA CRUACHA

(An tAth Breandán Mac Maoláin, Béal Feirste)

Le ceithre ghlúin anuas bíonn “lucht na Gaeilge” fríd Chúige Uladh ag tarraingt ar na ceantair Ghaeltachta i dTír Chonaill le “feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge” Ach de réir mar atá an saol nua ag teannadh isteach ar an tír tá an sean saol ag imeacht faoina shaibhreas dúchais agus teangan.



Ní hamhlaidh a bhí an scéal ins na Cruacha Gorma nuair a thosaigh mise ag dul ansin ins na seascaidí.

Idir chruinneas cainte agus foclóir fhairsing bhí ansin an taisce luachmhar a thógfadh croí an té a

An tAth Breandán Mac Maoláin

raibh grá aige don teanga mar a labhartaí í ins na blianta a chuaigh thart.

“Gaeilge na Leabhar” a bhí ann i ndáiríre ach ní Gaeilge na leabhar scoile ach leabhair Sheáin Mhic Meanman agus “Mháire”.

Bhí focla in úsáid gach lá nach gcluinféá áit ar bith eile taobh amuigh den litríocht nó de phaidreacha agus focla ó Ghaeltachtaí atá anois marbh. Cois na farraige atá an chuid is mo dena ceantair Ghaeltachta i dTír Chonaill agus is é seanchas na farraige atá i mbéal na ndaoine ach ins na Cruacha seanchas na gcnoc atá i réim. Ag siúl na gcnoc dom ní fheicinnse ar an talamh ach an féar glas go dtí gur thaispeáin Joe Beag Mac a’ Luain dom an biolar agus an feannán agus luibheanna nach iad.

An chéad amharc a fuair mé ar na Cruacha Pádraig Eoghain Mhichíl agus é ag lomadh caorach ar thaobh sléibhe. Achar beag suas an bealach bhí teach Uí Choinn.

Bhí túirne mhór ag Nellie. Ghníodh sí a cuid olann a chardáil, a chíoradh agus a shníomh agus níor imigh an snáth óna cnoic go dtí go raibh sé ina ghiosáin cniotáilte ag Nellie í féin.

Bhí sí ina cónaí lena deartháireacha Neddy agus Condaí i dteachín a tógadh ar urlár créafóige. Mé féin agus beirt ógánach as Gaoth Dobhair chaith muid oíche aoibhiúil ag plé na n-acraí sonraíocha a bhí acu, Nellie sa tóir orainn, ní ar eagla go raibh muid ag dul a ghoid ach ar eagla go “salófá do lamha”. Cluinim a glór ard, géar go fóill agus í ag fuaimniú achan litir den fhocal “lámha”, fiú an “m” a bhí séimhithe!

Ba bhreá an scaifte a bhí i dtigh Mhic a’ Luain (Eoghain Mhichíl), Pádraig agus Joe Mór, Joe Beag, Anna agus Máire (bean chéile Phádraig), John Ward, agus ó am go ham, John Doherty, an fidiléir mór. Is iomaí pláta bracháin a fuair mé sa teach sin, agus cuimhním an dóigh ar fhan siad go raibh mo chuid déanta agam sular shuigh siad chun boird- na fir ar dtús agus ansin na mná.

Ba ghnáthach le Pádraig crois Bhríde a chur chugam achan bhliain, ceann beag go leor le dul isteach i gclúdach litreach.

An ceann deireanach a chuir sé chugam rinne sé é díreach sula bhfuair sé bás. Ní raibh Béarla ar bith ag Anna (shíl sí gur “créatur bocht” an té nach raibh Gaeilge aige amhail is gur balbhán a bhí ann!) Ba bheag Béarla a bhí ag Joe Mór ach an oiread. Nuair a bhí seisean ar leaba an bháis tharla go raibh mise sa teach. Tháinig an bhanaltra chuige agus chuala mé Joe ag scairteadh amach “gabh aníos anseo, a Mháire, níl fhios agam caidé atá sí seo ag rá. Níl Béarla agam”

An chéad uair a chuaigh scaifte beag ó Choláiste Mhá Nuat chuig na Cruacha, an mhaistreasc scoile Máire Uí Cheallaigh, chuir sí rang ar siúl dúinn i dteach na scoile. An córas a bhí againn maidin agus tráthnóna a chaitheamh le bunadh na gCruach agus oíche airneáil a bheith againn ag deireadh an lae.

Thigeadh sinn le chéile ardtráthnóna sa teach scoile agus labhramis le Máire faoina rudaí a chonaic muid agus a chuala muid i rith an lae. Is aici a bhí, agus creidim go bhfuil go fóill, sár Ghaeilge, saibhreas seanchais agus flúirseach léinn. Le linn dom a bheith ag scríobh na nótaí seo tá mo chuimní cinn ag cruinniú isteach go fras orm- Máire, neacht le Pádraig agus Joe, ag léamh scéalta dona seandaoine agus iad ina suí thart uirthi, Conal Eoghain Phádraig ag gearradh coiscéimeanna damhsa ina bhuataisí, na cúirtíní bána thart fana leapacha i dtigh Fanny Mc Ginley, píosa d’eitleán a tháinig anuas ar na sléibhte aimsir an

chogaidh ag déanamh geafta feirme, géim easa mar bheadh toirneach ann, na sléibhte chomh fairising le tonnta ar an fharraige, ómós don sagart le ceann crom ag an fhear agus umhlú glúine ag an bhean, mo chéad amharc ar mhadadh rua, na caoirigh ag útamáil faoi urlár mo charavan i gCruach Mhín an Fheannta.

Creidim gur beag teach anois nach bhfuil bánaithe ó Bhealach na gCreach go dtí an Stucán. Is cuimhin liom fear ag inse dom go raibh an t-am ann go raibh “ceithre chónaí dhéag ar an taobh thall den abhainn”.

’Sé mo léan nach raibh mé féin ann ag an am sin!


CUID DENA SAGAIRT A BHÍODH AG BAINISTIÚ NA SCOILE



*An Sagart
Tomás Ó Frighil*



*An Sagart
E.J. Mullen*



*An Sagart
Seamus Meehan*

Pictiúirí le caoinchead Choiste Cheiliúradh Céid
Theach Pobail an Teaghlaigh Naofa, Éadán Fhionn Fraoich.

BEALACH NA gCREACH (‘THE WAY OF THE PLUNDER’)

An tSiúr Máire Ní Chuiric

The moon is standing on tiptoe.
‘It’s a bad moon.’ they are saying, ‘For rain, aye, for rain.’

The ridge of hills cuts the air cleanly
in the winter afternoon’s light.
Clear as the lark’s song, high above the bog;
Clear as the brook’s ripple and mumble,
It’s secret words of moment, spoken in a hidden world, unknown.

In the cold blue sky barred clouds of jet stream, as by a giant ruler drawn,
contain the mountain’s curve and randomness.
And at my feet, the brown brook water echoes the rose colour lent to the clouds
by a hidden western sun,
There are echoes, too, in the biscuit-coloured moor grass.

I look for a way to speak of the light in the air, pale, pale blue,
to tell of the life in the colours, in textured beige and brown and moss.
Today, there are no summer purples or deep dusty blues.
Today is Winter.

But there is no winter here like the prisoning of earth beneath streets and neon
signs and sounding trains.
Here are blanket rolls of mist between the hills

and mountains clad in films of vapour, like candy floss, or a bridal veil.
Here the sounds are voice from deep within and a breath of movement.
And the sun's echo is touching all for one last moment, one last caress.
At last, as the colours fade, the stillness deepens.

Here, Earth stands and tells that she is mother,
that she was first
that we, her plundering children,
came after an eon of gestation.
Patiently she endures,
breathes for us,
waits for our awakening.

The school stands empty now, the door ajar.
Young animals graze up to the very threshold.
Theirs, too, the mossed flints, which once spoke 'draíocht' to a child.
Theirs the purpled light from the ring of mountains on a summer's evening.

But mine to come again and
breathe the bog and pine and
hear the bleat of sheep and
feel the moss spring under my feet.
These are mine, I theirs, these hills,
Their colours mine, their patient waiting, their yielding and receiving.
Their winding ways more mine than arrow motorways.

NA LAETHA A BHÍ

An tSiúr Immaculata (Ellen Ní Ghallchobhair, Mín na Sróna)

Is iomaí lá i gcéad bliain agus is iomaí athrú a tháinig ar an domhan idir an dá linn agus tháinig a athrú féin ar an cheantar ina bhfuil Scoil na gCruach.

I 1907 bhí líon mór daoine ar na Cruacha ach bhí an ceantar i bhfad ar gcúl - i bhfad ó theach pobail agus i bhfad ó scoil.

Bhí ar na daoine sé mhíle a shiúl go teach pobail an Éadáin, deich míle aicearra ar chnoic go Baile na Finne agus deich míle eile go teach pobail Bhaile an Dúin nó Ghleann Fhinne mar a thugtar air anois.

Ach má bhí an ceantar iargúlta ná síl go raibh na daoine iargúlta. Ní raibh Béarla acu ach bhí Gaeilge bhreá acu agus deis a labhartha fosta. Bhí meas acu ar fhilíocht, ar Fhiannaíocht, ar cheol agus ar dhamhsa agus de thairbhe creidimh de bhí sin acu go láidir. Ní raibh aonduine ariamh as na Cruacha i bpríosún.

Roimh 1907, i bhfad sula dtáinig an scoil thigeadh an t-easpag achan 3ú bliain 'na nGleanntach leis an tSacraimint a thabhairt dona páistí. Cé a d'ullmhaigh páistí na gCruach nuair nach raibh scoil ann? Bhí daoine cráifeacha i gcónaí le fáil le freastal ar an riachtanas.

Ar an taobh thiar bhí cónaí ar Eoghan Phádraig Mac a' Luain. Bhí léann maith ag Máire Nic Fhionnghaile a bhí ina cónaí ar an taobh thoir. Chuaigh sise go scoil an Choimín ina hóige. Thigeadh páistí na taoibhe sin isteach chuici agus níor theip ar cheachtar acu ariamh i scrúdú an Easpaig.

I lár cheantar na gCruach bhí Bn Mhic a' Bhaird (bean William Bhilly). Bhí scoil scairte acusan chomh maith le scoil creidimh agus fuair bunadh an Chlochair teagasc ó Mháire Ní Dhuinnín i Mín na Sróna. Chuaigh sise ar scoil an Éadáin ina hóige. Ar an taobh thall den abhainn bhí a scoil féin ag Bn Phádraig Uí



*Máire Ní Gheibhinn, An tSiúr
Immaculata (Ellen) & Ann
Furey*

do dhaoine ar na Cruacha ina dhiaidh sin.

Dar leis go gcaithfí scoil a fháil ar na Cruacha ionas go mbeadh na daoine óga ar neamhacra nuair a d'imeodh siad i gcéin agus ba é a labhair leis an Easpag fá dtaobh de.

Tógadh an scoil le hobair in aisce, thug muintir Mhic Fhionnghaile, An Fál Garbh suíomh saor in aisce.

Ins na fichidí agus go dtí an Dara Cogadh Domhanda ní raibh obair nó airgead le fáil in Éirinn. D'imigh daoine óga na háite go Meiriceá agus d'éirigh go han-mhaith leo ach chuaigh daonra an cheantair síos.

Ba chúis bróin dúinn uilig nuair a druideadh an scoil i 1971 mar ba inti a fuair muid an chéad scolaíocht.

Agus na daoine uilig a chuir an scoil ar fáil agus a d'oibrigh go cruaidh le beagán léinn a thabhairt dúinne cá bhfuil siad anois? Ta siad uilig ar shlí na Firinne.

Solas na bhFlaitheas agus amharc na Tríonóide dá nanamnacha go brách agus dúinne ar ball!

Ghiobúin. Chaith na daoine maithe sin am agus saothar, gan pingin gan bonn a fháil ar a shon ach amháin é a dhéanamh de ghrá Dé.

Ar an chéad seachtain de mhí Eanáir 1901 tháinig m'athair Séamus Ó Gallchobhair agus a bhean Máire Nic Mhonagail chun na gCruach. Chaith an fear sin a óige ag obair in Albain roimhe sin. Ocht nuair déag a chuaigh sé ar an bhád ó Dhoire go hAlbain agus ná labhair ar an chabhair bidh agus leapan a cuireadh orthu thall!! Ach sin scéal eile.

Bhí conamar léinn aige a fuair sé ar scoil Ghleann Léithín agus scríobhadh sé litreacha do dhaoine as na Rosa nach raibh léann acu agus scríobhadh sé litreacha fosta

TEITHEADH NA nIARLAÍ

(Pádraig Ó Broin)

Ba bhrónach dubh 'bhí Éire nuair a d'imigh scoth a clann,
 Nuair a d'imigh plúr a prionsaí
 Mar chaoirigh a' dul ar fán,
 Nuair a dfhág na laochra tréanmhar í
 a throid a cás go fíór
 Is scaipeadh iad mar cháith roimh ghaoth
 anonn agus aniar.

Ba ghruama grian na hÉireann
 An lá a dfhág siad í,
 an lá a sheol siad uaithi
 gan aon tsúil le pilleadh a choích',
 Ba dhubhach cúis na tíre
 ó bharr go dtí a bun
 óir thit an brat an lá sin
 a bhí le blianta os a cionn

Ba dhoiléir donn na néalta
 a bhí an lá sin ins an spéir,
 agus tá na néalta céanna fós
 gan glanadh ins an aer.
 O tá siad pas níos troime
 'gus níos duibhe lá le lá.
 ó tugadh uainn an solas sin
 a ghlanfadh iad go brách.

Ba ghéar is ba hard an caoineadh
 a bhí an lá sin ins an ghaoth

sa domhan seo riamh níor chuala cluais
aon chaoineadh géar mar í,
Ba chaoineadh é a d'éirigh suas
ó chroíthe briste trom,
ba chaoineadh é ó dhaoine
a bhí faoi smacht a namhaid throm.

Mo mhallacht ar an tSasanach
mo mhallacht ar a shliocht
a dhíbir uainn gach treoraí fíor
is d'fhág sinn lag is bocht.
Is trua, trua atá muid anois
is trua atá ár gcás
ó díbríodh uainn ár dtaoiseachaí
Ó, tá ár mbrón ag fás

Nach brónach é an smaoineamh dúinn
gur ruaigeadh iad amach,
amach as tír a ndúchais féin
go tíortha coimhthíoch'
gur díbríodh iad ón oileán
ina raibh a sinsear beo
gur scaradh iad ó Éire bhocht
a choíche is go deo.

Uí Néill a stór, go suaimhní tú
i síocháin chiúin a choíche,
I bhfad ón tír ba dílse 'gus ab ansa le do chroí.
An tír sin a d'fhág tú deorach, lag
faoi dhólas agus brón.
Is fada atá do leabaidh anois
ó chnocaibh ghlas Thír Eoghain.

Agus le do thaobh atá sínte síos
sa chréafóg fhuar úd thall,
O Domhnaill mór na loingis
ardfhlaith tréanmhar Dhún na nGall,
Is minic a ghlan sibh taobh le taobh
an namhaid as bhur slí,
Agus taobh le taobh atá sibh anois
san uaigh amháin in bhur luí.

“BALL” SCOIL NA gCRUACH

ag Gráinne Ní Eaghraín (Gracie an Táilliúra nach maireann)

(scríobh Gracie seo 10 mbliana ó shin)

Chaith mise bliain agus ráithe ar na Cruacha tá corradh le trí scór blianta ó shin. Bhí mé ar lóistín an chuid is mó den am ag mo cholceathrar Amras Ó Geibhinn. Bhí Amras agus a bhean chéile Ann, go ndéana Dia trócaire orthu, go han-mhaith dom. Fuair mé bia agus leaba saor in aisce agus d’amharc siad orm mar dhuine den teaghlach. Ann bheag a ba shine, ansin tháinig beirt ghasúr, Proinsias agus Seán agus ansin “croitheadh an phocáin” Máire bheag, nach raibh ach ina tachtán.

Bhí an-dúil acu uilig i gceol agus i ndamhsa. Bhínnse ag seinm ar an orgán béil agus is iomaí “batter” maith damhsa a ghníodh Amras agus Anna ar an urlár créafóige a bhí in achan chistineach ag an am.

Thagadh Tommy an Chléibh aníos as an Ríleán agus é ag díol mionghaisí. Bhí seisean feidhmiúil ar an orgán béil agus ba chuma lá Earraigh nó Fómhair ann nuair a thagadh Tommy chruinníodh iomlán isteach ’un tí agus thosaíodh an damhsa. Bhí saol suailceach ar na Cruacha san am sin.

Nuair a thagadh an lucht siúil nó na tincléirí, mar a bheirtí orthu, an bealach bhíodh bunadh na gCruach ag coimhlint le chéile cé ab fhaide a choinneodh iad. Bhíodh conairt, aisle agus gabhair leofa ach bhíodh fídléirí agus píobairí ina measc agus cé bith teach a mbíodh siad ag cur fúthu ann bhíodh scéalaíocht, ceol agus damhsa ann gach oíche go maidin.

Is minic a chaith an lucht siúil mí nó beirt fana Cruacha.

Caithfidh mé tagairt a dhéanamh do Chailleach an Stucáin. Go mall san oíche thosaíodh sí ag mairgní agus ag osnaí. Bhí an Stucán giota maith ó theach Amrais ach bhíodh an caoineadh le cluinstitín go soiléir againne. Is iomaí oíche a chuir mé féin agus Ann bheag, go ndéana Dia trócaire ar a hanam, na plaincéid amach ar mhullach ár gcinn le neart eagla roimh “Chailleach an Stucáin”.

Deireadh Amras linn gur "coisidh" John Ruaidh a chuala muid ag tafann leis an ghealaigh ach bhí ár mbarúil féin againne!

An Geimhreadh a raibh mise ar na Cruacha bhí damhsa nó "ball", mar a thugtaí air i dteach na scoile le hairgead a bhailiú le hábhar tineadh a fháil don scoil. Ard tráthnóna tháinig bunadh Ghleann Einigh &rl anuas aicearra na gcnoc, a gcuid bróg ar a nguailleacha leofa, iad ag bocléimní ó thúrtóg go túrtóg agus achan "huh" acu!

Tháinig rincooirí aniar ó Chruach an Airgid, isteach ón Éadán agus ó Chnoc Leitreach agus aníos as Gleann Fhinne agus ní raibh fear, bean nó páiste fana Cruacha nach raibh ag an "ball" an oíche sin.

Cruinníodh na lampaí agus líonadh le hola iad. Glanadh na glóbaí agus bearradh na buacais.

Ag clapsholas thosaigh na daoine ag cruinniú. Lasadh na lampaí agus crochadh in airde ar na ballaí iad.

Ba iad a thug an solas breá agus dúirt Bidy the Cope go sílfeá gur sna Flaithis a bhí tú!

Tháinig fídléirí na Glaisigh agus Paidí Bheairtle agus shuigh siad thuas i gceann dena fuinneoga. Bhí damhsa agus fiche ar an chlár agus damhsaíodh achan cheann acu. Nuair a d'éirigh Conall Eoghan Phádraig, Mánaí Burke, Pat Eoghain Mhicheáil, agus cailín rua na gConnachán le ríl Ghleann Einidh a dhéanamh bhí siad ag baint splancacha as an urlár agus bhí na lampaí ag damhsa ar na ballaí!

Leath am codlata tháinig Amras isteach agus thug sé leis trian dena damhsóirí síos 'un tí fá choinne tae.

Thug Pat Eoghain Mhicheáil leis trian eile agus thug Pádraig Eoghan Phádraig agus Hughie an Fáil Ghairbh leofa a raibh fágtha.

Fuair siad neart tae, arán agus braon poitín nó nuair a phill siad ar an damhsa bhí siad thar a bheith aigeantach!

Dhamsaigh siad leofa go dtáinig ball bán ar an lá agus bhí na héanacha agus na giorriacha ar a gcois nuair a bhí Dan Breslin agus Conall Eoghain Phádraig ag damhsa an "Templehouse" deireanach.

Ó, bhí an croí san áit cheart i mbunadh na gCruach san am sin. Tá mé cinnte go bhfuil siad uilig ag ceol agus ag damhsa sna Flaithis anocht!




Gracie agus Máire Uí Cheallaigh

LEABHAR NA BHÉARSAÍ



An Dr Seosamh
Watson, Máire agus an
Dr Séamas Ó Catháin



Leabhar na Bhéarsaí (Beatha Chríost)

Cáipéis ina bhfuil 120 véarsa. Tá an lámhscríbhinn seo dhá chéad bliain d'aois ar a laghad. Bhí sé i seilbh mhuintir Mhic an Ultaigh, An Coimín aríamh anall.

Beatha Chríost Dáta 20/1/35.

Óráidíocht fheasta do speicé bneithe
 Do mo loíca agus do mo eastiadaí céille
 Bíodfaid mé cúl le dúil a ndíomhas
 mo cúl le h-ól le ceól as le díomhas
 bíodfaid mé maíodfaid go bneithe cráifeise
 le mo cráicea spíne do Rí na n-Éireann
 1 ndúil go bneithe mo n-ádh agus mo zúire

Ádh-Rí sofhese deallnaí h-éadaí
 Zúire fíallíon, ciallíon, péantáí, reabáí
 Cum dé carraige, ceanncear
 Tabair dáin cabair o zláise go neifese
 A cús an corpseí an Cráideora zlóiríon
 O cús go depread cumadair m-obaí
 Cum na bpláips agus na h-ádhle r-sáiríon

Ádhle ádhle íosa a ndíse beása

Dia agus a Dúire a ceanncear Síol Ceáir

Beatha na h-ádhle 's íolus na zúirí

Roinnt véarsaí ón lámhscríbhinn "Beatha Chríost" scríofa ag
 Máire Nic Fhionntaigh (Máire Pheadar Rua Mhic a' Luain) i
 1935.



Ceacht II

SACRAMAINT NA hAICRÍ

57. CAD É A CIALLUIGEAS SACRAMAINT NA hAICRÍ?

Cialluigeann SACRAMAINT NA hAICRÍ AN TSACRAMAINT INA MAITEAR DÚINN NA PEACAÍO A NÍMIÓ I NDIAÍO AR MDAISTÍO.

58. CAD É AN T-ULLMÚ BA CÓIR DÚINN A DÉANAMH FÁ COINNE SACRAMAINT NA hAICRÍ?

LE H-ULLMÚ FÁ COINNE SACRAMAINT NA hAICRÍ BA CÓIR DÚINN GRÁSTA A IARRAÍ AR DÍO CUN Í A GLACAÓ SO FIÚNTAC, AR SCOINSIAS A SCRÚDÚ CUN AR bPEACAÍO A TABAIRT I SCUIMNE, AGUS A FÉACÁIL LE CROÍ-

[30]

BRÚGAD FÍOR A SPREADAD IONAINN FÉIN FÁNÁR bPEACAÍO.


59. CAD É A TUIGEAS TÚ LE CROÍ-BRÚGAD?

TUIGIM FUAÉ DÁR bPEACAÍO AGUS FÍOR-DÓLÁS CROÍ MAR GEALL ORDA AS SIOCAIR SO SCUIREANN SÍAD MÍ-SÁSAMH AR DÍO, AGUS RÚN DAINGEAN SAN PEACAÍO A DÉANAMH NÍOS MÓ.

60. CAD É AN TÓIG A bFÉADAMUIO FÍOR-DÓLÁS FÁNÁR bPEACAÍO A SPREADAD IONAINN FÉIN?

FÉADAMUIO FÍOR-DÓLÁS FÁNÁR bPEACAÍO A SPREADAD IONAINN FÉIN TRÉ SMAOINEAD AR MAITEAS DÉ, AR AN GRÁ A LÉIRIG AR SLÁNUITEOIR DÍAGA DÚINN INA PÁIS AGUS INA BÁS, AGUS CUIMNIÚ SO SCUIREANN NA PEACAÍO NA FLAITIS DE DÍO ORAINN,

[31]



24 leabhar urnaíste na bpáistí

URNAIŠTE AN TRÁCTHÓNA.

1 n-ainm an Astar, agus an Míic, agus an Spioraid Naomh. Amén.

Cuirimis sinn féin i bprádnaise Dé, agus déanamais gníom adarta. Abair an "Gníom adarta" mar atá i n-urnaíste na mairne.

GNÍOM BUIDEACAS

Bheim m'le buideacas tuic, a D'ia, ar son sác tiotlaicte agus sásta dár bhonn tú orm ó cáimic mé ar an tsaozal seo, agus so n-áiríte fá mo tabairt slán so dtí an oíche anocht.

Abair "Urnaíste an tigearna," "Fáilte an aingil," agus "Cré na n-abstal," mar atá siad i n-urnaíste na mairne.

SCRÚTUŠAD COINŠIAIS

Dearc siar ar cúrsaí an lae atá caicte, agus fiafruig díot féin an dearn tú peacad ar bit ó t'áirig tú ar maidin. Ar óubairt tú rud ar bit, ar smaoidis tú ar rud ar bit, ar dearn tú rud ar bit nac raib ceart, nó ar fáis tú san déanam

LEABAR URNAIŠTE NA BPÁISTÍ 25
 RUD A BA CÓIR TUIC A DÉANAM? IARR AR D'IA FÍOR-
 DÓLÁS A TABAIR TUIC, AGUS FUAÉ AR DO PEACADÓE
 HILIS.
 ANSIM AB AIR AN "FÁOISIOIN CORTÉAMN," MAR
 ATÁ I N-URNAIŠTE NA MAIRNE.

GNÍOM DÓLÁIS

Ó, a D'ia, tá dólás croide orm fá na
 eile dá mdearna sin, agus fá sác peacad
 tsaozal. Tá fuaé asam ort a ós cáimic mé ar an
 uile n'ó, de bris so bfuil siad ós cionn sác
 neamnac i do léicair-se, a D'ia, óir is tú an
 maic san ceora agus tuilleam tú mo fáil-
 so n-íomlán. Tá rún damsean asam sác
 ócáio peacad a sheachad as seo amac, agus
 san fearg a cur ort so bráic arís.

AB AIR "URNAIŠTE DO'N ANGEAL COINŠIAIS,"
 MAR ATÁ I N-URNAIŠTE NA MAIRNE.

CÁIMIC ANGEAL AN TIGEARNA LE TEACTAIREACHT
 CUIS MUIRE, 7C.
 AB AIR TRÍ ABE MARIA, AGUS: A MUIRE, A SEIMEAD
 SAN SMÁL, 7C.

A IOSA, A MUIRE, AGUS A IOSEP, 7C.,
 MAR ATÁ I N-URNAIŠTE NA MAIRNE.

Table pinnsí.

16

d.	s.	d.	d.	s.	d.	d.	£	s.	d.
12	1	0	84	7	0	160	0	13	4
20	1	8	90	7	6	168	0	14	0
24	2	0	96	8	0	170	0	14	2
30	2	6	100	8	4	180	0	15	0
36	3	0	108	9	0	192	0	16	0
40	3	4	110	9	2	200	0	16	8
48	4	0	120	10	0	204	0	17	0
50	4	2	130	10	10	216	0	18	0
60	5	0	132	11	0	220	0	18	4
70	5	10	144	12	0	228	0	19	0
72	6	0	150	12	6	230	0	19	2
80	6	8	156	12	0	240	1	0	0

Table uithreaca

Table Ssílíní.

s.	£	s.	s.	£	s.	s.	£	s.
20	1	0	130	6	10	400	20	0
30	1	10	140	7	0	450	22	10
40	2	0	150	7	10	500	25	0
50	2	10	160	8	0	550	27	10
60	3	0	170	8	10	600	30	0
70	3	10	180	9	0	700	35	0
80	4	0	190	9	10	800	40	0
90	4	10	200	10	0	900	45	0
100	5	0	250	12	10	1000	50	0
110	5	10	300	15	0	2000	100	0
120	6	0	350	17	10	5000	250	0

Table uithreaca

17



2. níor cónaíḡ an t-ARÓ - RÍ 1
oḡeamaíḡ a tuille.
3. Bí briste ar an gcéangal roir
cúise Connacht agus cúise na
míḡe.

DORÚ LAIGEAN

Cúis acraimn in éirinn faoḡ abea
an Dorú Laigean. Úiolao Rí Laigean
ceas ború—beitiḡ ve ḡnát—leis
an ARÓ-RÍ. Úiúltaíḡ na laiginiḡ go
mínic an ború a íoc agus earlaíḡ
caḡanna roir an dá ḡaoib mar ḡealaíḡ.

na loḡlannaíḡ (795-1014)

CÉRB IAD

Treab ve páḡánaíḡ fíocmara a
raib cónaí oḡcu san Ioruaíḡ, sa
tsuaíamn agus sa Danmáiriḡ agus a
éamniḡ as ionsaí na héireann agus
tíoraḡa eile in iarlḡar na heorpa.

FÁÉANNA SUIR IONSAIḡ SIAO ÉIRE

1. ní raib ina oḡtíoraḡa féin ac
talaíḡ boḡt lom—san oḡeam bíḡ
oon líon móḡ oaoime iontu.
2. Bí úil san eaḡtraíḡḡt agus sa
croio acu.
3. ní raib sa oḡmhan máirnéalaíḡ ná
luḡt tḡḡaíl long ab fearr ná iad.
4. Maimistreaḡa saibre na héireann
agus san luḡt cosanta sa tíḡ—
meall na ruḡaí sin go héirinn
iad.

MAḡ A ÉANGADAR

1. ina noreamanna beaḡa ar oḡúis,
seolaíḡis suas na haibne go
sroisḡois maimistir, creacaíḡis
an maimistir agus ḡlanáíḡis leo
leis an tsláio.
2. Éangadár ansan ina noreamanna
móra agus oéineadár iarraḡt ar
cúḡ pútu sa tíḡ. Stadaḡadár den
tsláio, saotraíḡadár ḡleannta
méite na n-abann agus oéineadár
tráḡtáil leis an mór-roinn.

Cúirḡeís: loḡlannaḡ cáilidil.
U'ionsaíḡ sé tuaisceart na
héireann 832.

1. Seoil sé suas an Danna go loḡ
neacaḡ, ḡaib sé aró maḡa agus
scrios sé an tuaisceart.

2. Seoil sé suas an tSionna go loḡ
Ríḡ, ḡaib sé maimistreaḡa cḡuain
fearra agus cḡuain mic nois.
Maolseaclann, Rí na míḡe, a
ḡaib agus a cúḡ cun báis é.

FÁÉANNA NÁR CÖSAIN NA SAEIL

IAD FÉIN

1. ní raḡadár ullam in aon cör le
haḡaíḡ coḡaíḡ—na céadaḡa blian
caite go síocanta acu.
2. éire ar feaḡ na ḡcádaḡa mblian
as ḡabáil oo léann agus cultúr—
ní raib arm ná caḡlaḡ sa tíḡ.
3. San móḡán cómaḡta as na haḡo-
Ríḡe—na ríḡe a bí sa tíḡ bí
acraimn agus éao eaḡarḡu agus
níor éiriḡ leo aontú i ḡcoinne
na n-allmuraḡ.

DRIAN DORÚ

Timpeall lár na naoú aoise tḡsnaíḡ
na Saeil ar cúḡ in aḡaíḡ na loḡ-
lannaḡ. Drian Dorú a ruaiḡ as
éirinn iad sa veire as caḡ cḡuain
tarb 1014. Cúḡ Drian féin sa caḡ.

DRIAN INA ARÓ-RÍ

1. ḡluais sé timpeall na héireann
agus ḡeall ríḡe na ḡcúisi beit
umal oo.
2. Caḡraíḡ sé go móḡ le cursaí
tráḡtála a cúḡ cun cinn.
3. Cḡḡ sé oḡoicío, bóiteḡe agus
caisleáin in áiteanna tábaḡtaḡa
ar fuair na tíḡe.
4. O'áḡbunaíḡ sé na maimistreaḡa
agus na heaḡláiḡ agus cúḡ sé
ar páil arís na leabaíḡ a bí
scriosta as na loḡlannaíḡ.

Na Causica ,
An Coimín ,
Leibeara .

10.6.54

An Púncí Conoae ,
Leibeara ,

A Cíara ,

ba mair hom oá orab arfae
cead saán a cur ar fáil oo
scoil na gCruach cupla mí eile.
Mar ará fíor aghar ní b'fuar
muid é i mbluana go deiread
ní na Nollag agus ba iear
oúinn i a fáil ag deiread
ní méan fionara. Mar sin bí raí
ní raí b'fuar sinn saán ar b'í
son scoil seo ar ba iear
mar sin béili oile a iua
ar fáil raí ní eile
ar an raob is lé.
Tá muid an-buioi son

Comairle Conoae ar son na béili
a cur ar fáil oo scolairí na
pion gaelicra tá oúil aghar
go orab arfae ní cead mair
ar mo leia. Cur an ceolas
in iúl don com gaelic is ré
leat, le oo coil.

le mór buioas,

le Múse,

le Meas,

le mair Mac Luain .

Obair bhaile: Eoin Mac a' Luain

Dí uair an meán oice ann ---

5. 12. 62

Dí uair an meán oice ann oice
 Domnug tuair a bí mise. Sz me
 teac. anur ori "bagar". Sil mé
 go mbéid tullead cuideacta cuir
 as na Cruaca se ní raib dune
 ar bié. Nuair a bí deiread tarí
 o'kag me fein smr agus nil
 deabail ar bié na bí oice réab.
 zedag ann.

Nuair a bí mé

sz teac isese mullac an
 Seucain sil me gur mozig mé
 cind zornain se nór iur me
 sumi ar bié se boó zeall gur
 cuir me staim ann ar bail. Dí
 an zornán sz teac ..comgarac

dom ar fad agus slan a samalt
 i-silpeaf gur zornain beateic capall
 a boó agus bí fids azam go maí
 nac rud soolta a bí ann. Dí
 an zornan sz suil leis isese
 ar mó gndainn nac go ozainy
 mé go zornain na b'fáan. Cuir
 mé mó lám in mo póca agus
 iuz (me) smac mo puidin se
 cuire reiza bí mé sbalta Abe Maria
 a rá.

D'umiz an zornán

anors (agus) se nuar a bí mé
 sz teac. anur sz na carrigac
 zosa (agus) chis me in mó scanad
 go core D'ezgan dom sui sios ar
 isob an clai agus seise a
 deannin mar bí mé com laz agus

Obar bhaile: Réise Nic a' Luain

coin seanraice leis sré cé mhé-
 uinn ag ceall agam ac Miceál
 Mór ag curraimze (omn) ar an
 baile moisió a béic cóir ag an
 damso a lé ag an Droicéad agus
 e bóyz álca. D'innis mé mo cós
 do agus ní dearm se ac zionna
 ar a sául agus me a páigil sa
 baile. Ní raicid mise an Seucán
 más mó gan cuidescto béic tuom.

níl dabé ar. bíe óla cneal.
 níl dabé ar. bíe óla cneal.
 níl dabé ar. bíe óla cneal.
 níl dabé ar. bíe óla cneal.

Obair bhaile: Róise Nic a' Luain (ar lean)

Ceist ar feir. 14 Deas Fomair 1964

Ní bionn eagla ar an promair sáca tuair na
Dionn eagla ar an beirfadé gaoi ríne
agus go scappó na corai féid an
táil ar oíe róine bíom bea an
ní ghráicéi as deánari tuiríní uairín
agus as cur rísiní ionair. Cuirceann
sí na prícei ríe na comair.
as rairéid fear fa cónair. ceiric an féir
a deánari

Ar maidin éiríonn an feiric
go luí ar maidin agus bíom sí as
cóméad sar agus siar. Is bípripé sí an
mbéid la nair an nó bpuil cumo paráma
arú comaircinn sí a cúas. Is nair
le canairceir na h amair. Is gúmpid
sí gáde an saré lae a bíos ann

agus ná bea ar ceiricann go mbéid droí
le an ní bíom an feirce sáca. Zygann
na fas róine éirí na gáine i gúil
Zágin. Bíom fear an ní amúg as saré
áir na ceirice. Cuirceann sí laibair bíom
agus easair agus saofa ceiric fear áir
na ceirice ar eagla go raipid usca usca
fear áir na ceirice. Bíom bea an ní ce
rofa ansin agus beirceann sí an roba
dó na fir ansin agus caiceann siad coí
Donú própa. Teann siad araic ansin agus
ceirceann siad bur na ceirice ina súi.
ceiric an féir agus ceiric bea fíde
siar ar an ceiric agus bíom bea fea
eile as caicéid suas an féir agus fea
eile as scobáid. Bíom rairéid as fea
an ní as rairéid usca (an féir) na

Obar bhaile: Gráinne Ní Dhocharthaigh

Éireáil agus as deánam fáine dofa éire
 fá áic na ceoise. Nuair a dtíonn an
 ceoise déanta go dtí an scéiméal tugtar
 iscaic do é arsin agus cuitear an ríon
 uir. Arsin táin na fu iscaic as na
 ndéanar agus íosann siad a saig péicé
 agus ime agus íosann siad a saig bóina
 Coiscéann siad coice doh píopa indiad an
 té agus éarín siad amac agus fá
 íosne tí a cur ar an ceoise.
 Geibean siad draméa
 agus éicéinn siad a cur ontl. Dónn fear
 as áian roob don ceoise as cur tí agus
 ná dtíonn siad u ípad as cur uí
 uir. Dónn fear u mbéad na ceoise
 as Geibean siagáin agus na páiseí as
 cosad as a seal le coice. Siagáin dtíonn
 an fear ceasáin moib siagáin fá cáine

na ceoise. Nuair a dtí an tí ar an ceoise
 cuiteann siad siagáin uir agus coice. Mógáil
 fosa. Geibean an fearnao dtíocas do na
 fu ansin agus is é a (beá) dtíonn síca
 go dtí ceoise an fear deáic ag fá
 íosne an Ginead.

.6 - -

Obair bhaile: Gránne Ní Dhochartaigh (ar lean)

Common
 Bloghan
 to Donegal.

26 - 6 - 1969

Dear Reverend Father,

I wish to send for a reference from you as I am applying for a position as a model in Dublin. My father's name is Edward Deery and my mother's maiden name was Ann Kelly. Thanking you in anticipation.

I am
 Yours Respectfully
 Ann Deery

number wearing adv. ✓
 number wearing adv. advertisement ✓
 number wearing adv. advertisement ✓



▲ Obair bhaile: Anna Ní Dhíoraí

◀ Cailíní
 Scoil na gCruach 1967
 Ar chúl, ó chlé: Laina Ní Earcain, Aingeal Ní Chuitseáin, Anna Ní Dhíoraí agus Máire Ní Earcain.
 Chun tosaigh: Nuala Ní Earcain (nach maireann), Máiread Ní Meanman agus Anna Ní Dhómhnaill.



AN CHÉAD CHOMAOINEACH AGUS DUL FAOI LÁMH EASPAIG





- A *Brid Nic an Ultaigh (Uli Mhuighe)*
 B *Josephine Mhici Mhichil*
 C *Brid Ní Dhochartaigh agus a deartháir Jimí*
 D *Róise Nic a' Luain*
 E *Séamus Ó Canainn*
 F *Mairéad Ní Chanainn*
 G *Aodán Ó Gallchobhair*
 H *Labhina Ní Earcain*
 I *Éamon Ó Dioraigh*
 J *Aine Ní Dhiorai & Proinsias Ó hEarcain*
 K *Josie Mac Phóil & Máire Ní Earcain*
 L *Nuala Ní Earcain*
 M *Mairéad Nic Meanman*
 N *Anna Ní Dhomhnaill*
 O *Joe Ó hEarcain*

CUID DE IAR DHALTAÍ NA SCOILE



A Joe Beag Mac a' Luain

B Concepta Ní Chanáin

C Anna Nic a' Luain

D Micheál Mac a' Luain

E Anna Nic Alasdair

F Liam Ó Canáin

G Mairéad Ní Chanáin

H Séamus Ó Canáin

(I) Eoghan Mac a' Luain

J An lá ar dhruid an scoil don uair dheireanach i mí Iúil 1971 (Lorina agus Áine ar cuairt)



*Grúpaí ina bhfuil
bunadh Uí Earcáin, Uí
Dhónaill, Uí Dhíoraí,
A Ó Gallchóir, M
Nic Meanman, A Nic
Chuitseáin, J Mac
Phóil.*



MUINTIR UÍ DHOCHARTAIGH, AN CLOCHAR



A



B



C



D



E



F



G

A Máire Mhic Fhearghail
(Ní Dhochartaigh agus a
hinion Gracie Mhic
Fhloinn. Fuair Máire bás
in 2006, bhí sí 105 bliain.

B Máire agus a máthair
Gráinne

C Nancy, a fear Patrick
agus Amras.

D Jimi Ó Dhochartaigh

E Gracie Ní Dhochartaigh Uí Ghiobúin

F Mary bheag, Nancy agus Gracie

G Bainís Ghráinne agus Gerry Ward, Brid, Siún agus Brian.

BIDÍ JIMÍ ANTOINE



Bidí

Ingeborg May
Siebenplaneten 44
5810 Witten

10th January, 1978

Dear Mrs. Glebbons,

Very cordial regards from the 3 ladies who looked for the house of Anna Nica Luain in August, 1977. We met you in your own old house and you showed us then Anna's house.

We like to thank you very much for your kindness to talk to us about Anna Nica Luain and to accompany us to her house.

The picture has been taken from the German book of the travel author A.E. Johann "Homeland of the Rainbow, Ireland, the most beautiful country of Europe".

In reading this book, many people in Germany learned about the visit he paid to Anna Nica Luain together with an Irish friend. He has been so impressed and he mentioned so much about her that nobody who read it once is unable to forget it. For this reason, we at least wanted to look for the district and the house during our stay in Donegal. And we owe it to your kind assistance that we found it.

Best regards ,

Ingeborg May

*Litr a scríobh Gearmánaigh chuig Bidí Jimmy Antoine
Ní Ghiobúin a bhí ina cónaí ar an Chlochár.*

BUNADH UÍ GHIOBÚIN, AN DEARGCHRUACH



A



B



C



D



E

A Rédaí agus Pat óg agus
Réise (clann Joe)

B Joe

C Neidí

D Rédaí agus Pat

e Bridie

BUNADH MHC FHIONNGHAILE & CAIRDE, AN FÁL GARBH & MÍN NA SRÓNA



A Hughie, Máire agus Pádraig

B Fanny

C Fanny, James Ward, Fanny éag, Bn Ward agus a hiníon, Máire, Paidí, Pádraig Mac Suibhne agus Angela Mc Cutcheon, Mairéad bheag Nic Meanman sa tosach.

BUNADH EOGHAIN PHÁDRAIG MHC A' LUAIN, CRUACH MHÍN AN FHEANNTA



A Eoghain Phádraig agus a bhean Máire

B Bidi Eoghain Phádraig

C Conal

D Eoghain, Peadar, Gene (mac Pheadair), bean chéile Pheadair agus Micheál

E Máire

F Pádraig

BUNADH EOGHAIN MHICHÍL MHIC A' LUAIN & EILE, CRUACH MHÍN AN FHEANNTA




A Ina sui: Niall a' Búrca, Joe Mór, John, Joe Beag, Máire & Pat
Ina sheasamh: Dr Seán Ó hEochaidh, bailitheoir béaloidis.

B Peadar

C Bidi

D Micheál Pheadair Rua, Ródaí, Joe, Anna, Doiminic Ó Ceallaigh, Bridie,
Joe Beag, Máire & Pat.

BUNADH MHCÍ MHCÍL MHC A' LUAIN, CRUACH MHÍN AN FHEANTA



- A Mici Mhichil, Bidí, Neidí Mac Aoidh agus Pádraig Rua
 B Pádraig Rua
 C Hughie
 D Johnny
 E Bidí
 F Pádraig Rua, Annie agus Máire Rua
 G Nóra
 H Mary agus Ian (clann Johnny a tógadh i Sasana)

CLANN MHC AOIDH, CRUACH THIOBRAID



*John Mac Aoidh
agus a mhac*



Jimi Mac Aoidh

CLANN MHC DHIARMADA, AN CHRUACH LEACA



*Ar barr, ó chlé:
Cassie agus John
Cassie ag maistriú
In iochtar, ó chlé:
Peadar
Pádraig*

MUINTIR PHAIDÍ PHETIE MHC A' LUAIN,
AN DUBHCHRUACH



Brid, Máire, Peadar, Anna agus Ann Furey



Na cailíní lena n-aintín An tSiúr Immaculata

JIMMY RUA AGUS BHEAN



*Jimmy Rua Mac
Diarmada
& a bhean Ellen,
Cruach Leaca*

CLANN UÍ GHEIBHINN, MÍN NA SRÓNA



A



B



C



E



D



F

A Amras agus a bhean Anna

B Ann

C Máire

D Francie


E John agus Amras

F John, Anna agus Amras

MUINTIR UÍ DHUINNÍN, MÍN NA SRÓNA




A



B



C



D



E



F

A Mairéad

B Anna & Mary Ann

C Mairéad, Mary Ann, agus Anna

D Jane & Mary Ann

E Mairéad & Bidí

F An tSiúr Fintana (Mairéad)



*John Chambers,
Cruach Leaca*



Pat Mac a' Bhaird (Pat William Bhilly), a bheirt mhac agus a inion. B'iad clann William Bhilly Mhic a' Bhaird an t-aon chlann iomlán a d'fhág na Cruacha le cuimhne na ndaoine. Chuaigh siad go Baile Átha Cliath. Bhi beirt mhac leis James agus Charlie sna Gardaí i mBaile Átha Cliath. Bhi Peter, Willie, agus Mary sa chlann fosta.

BUNADH PHEADAIR RUA MHC A' LUAIN, AN DUBHCHRUACH



A Réise agus a máthair (agus Brandy)

B Anna

C Joe Beag

D Micheál

E Mici Mac Fhionntaigh

MUINTIR UÍ GHALLCHÓIR, MÍN NA SRÓNA



Séamus Ó Gallchobhair, Mín na Sróna.



An tSiúr Immaculata (Ellen) & An tSiúr Ethne (Cassie)

Ba é Séamus Ó Gallchóir a labhair leis an Easpag Ó Dónaill faoi scoil a fháil don Cruacha.

SAMPLA Ó SCÉIM NA SCOL

Mhaire nac bfuil ar an scoil seo se
 3 oileáir i ranga na sinseara dinnis
 na paisóirí (anair) na m'áca) na áca agus scríob
 mí éin síos mar d'innis. O.
 Scríob síad in a h-áca cōip-leabair
 fíin, agus cá gac ruid a bfuil
 síad ins an leabair
 Mháire C. Ní Chinnéid.

CO.: DÚN NA NGALL

BAR.: BOYLUGH

PAR.: INIS CHAOIL

SCOIL: NA CRUACHA

OIDE: MÁIRG C. NÍ CHINNÉID

Lull Ríngan, Na Gleannta

22. 11. 37 — 16. 12. 38

I Sgeist - tóic beist Séad

Ainm an t-áca - Peadaar Mac Donnú
 An Caolac
 An t-áca
 leabair.

Mháire C. Ní Chinnéid.
 Tógad é agus cáic sé a suigal agus cōip-leabair tús,
 Mháire C. Ní Chinnéid an a áca
 Tá áca d'áca an ó sorn.

Tá tóic ann ar an scoil na
 oileáir i ranga na sinseara dinnis
 na paisóirí (anair) na m'áca) na áca agus scríob
 mí éin síos mar d'innis. O.
 Scríob síad in a h-áca cōip-leabair
 fíin, agus cá gac ruid a bfuil
 síad ins an leabair
 Mháire C. Ní Chinnéid.

Cuireadh tús le Scéim na Scol sa bhliain 1937.

Iarradh ar pháistí seanchas a bhailiú óna mbunadh agus é a thabhairt na scoile le cur go Roinn Bhéalóideas Éireann i mBaile Átha Cliath.

DEILÍN NA MBACACH

(Ramás a deirtear a scríobh fear siúil nuair a diúltaíodh déirc dó. Ní fios cé a chum ach seo an leagan a bhí coitianta i seanchas na gCruach is Ghleann Fhinne le fada, fada an lá. Ní raibh sé ar chlár na scoile!)

Go mbeannaí Dia daoibhse, a chomhluadair bheannaithe an tí seo
Tá mise ag teacht leis na trí ghártha is mó a bhí i mbaile nó in áit ariamh
Mar atá na gártha gairme, na gártha molta agus na gártha paidreacha
le bheith ag guí oraibhse ag leic sin Dhonnchaidh
An áit a mbíonn an crann críon ar maidin agus an t-úll glas tráthnóna

Sheinnfinnse ar shonachaidh, ar bhonnachaidh, ar lúth na gclog,
ar labhraí luirc
Fear a shín a thaobh, a léigh a lámh
A d'fhulaing naoi neoin roimhe agus naoi neoin ina dhiaidh
Agus bearradh sciúirse ina lámh le gach neoin acu
le sibhse bhur dtubaiste a chur ar bhord na mbocht, ar bhord na nocht, ar
Philip Uí Ghlais,
ar Philip Uí Fhloinn agus ar Philip an chopain Choinn
agus ó sin siar go Carraig an Mhonamair.

Nach trua don fhear bhocht atá gan chur Earraigh, gan mhaoin Fhómhair,
gan bhliocht Samhraidh nó bainne Geimhridh.
Le sibhse a bheith seacht n-uaire níos fearr bliain ó inniu nó mar atá sibh,
Amuigh is istigh, i gcuid is i gcostas, i maoin is in airnéis,
i ngarraí is i marcaíocht, i gcreáfog is i bportach, i dtom is i léana.

Éirigh i do shuí, a bhean a tí agus nach cráigheadh an Rí do chroí
Agus nár luí tú ar leaba chruaidh gan tuí agus nár chaill tú fear an tí
Agus nár thug an diabhal nó an deamhan uait é
Mar a thug an préachán fada an t-éan gearr ón chirc bhuí.

Tabhair domsa beagán den bheagán is mórán den mhórán
Léim ghiorria d'im, lán babhla uibheacha cearc
tachtadh na muice fireann den ghruth, lán doirn tobaca,
mias mine agus meadar leanna
Agus má d'fhág mise dada i mo dhiaidh beir féin leat é.

Bhail, dúirt sí nach raibh aici ach naoi shreamaide gamhna
 agus naoi ngamhna baineann ag diúl orthu
 Agus nach mblítí iad sin ach i gceann achan naoi lá
 Agus dá bhfanfainn go bhfaighinn braon dá gcuid bainne
 Ach nach sin inné ná inniu ná amárach...


Déarfadh cailleacha loma, leisciúla liomsa
 Nach mbeadh bainne ag ba seasca nó ag a dhath dá mbainfeadh dóibh
 Ach dá mbuailfinnse buille den sticky, den bhruitín, den scafóg chróin,
 den bhonnsóg mhór os cionn poll a tóna uirthi bhainfinn siúl
 agus aistear aisti is bheadh cuid dá cuid cófraí liom.

Is iomaí cineál lucht siúil ann, a bhean a tí cé nach daofa sin mise.
 Bíonn lonnairí, langairí, gingirí, gangairí, soicirí, sacairí, priocairí, brocairí
 Léim láir, gearrchailleach, tóin le Samhradh(?) agus mná tincléara.

An t-aon rud a thug an bealach seo mise, a bhean an tí
 Cailín ar thug mé grá di, b'fhéidir go bhfaca tú ag dul an bealach í.
 Cailín beag íseal, daingean, deas, scailleagánta fada buí
 Cuislí ina súile, céim leata ar a ladhra
 Agus milleadh bróig ar a gorún.
 Dúil mhór aici i dtine, i dtochas agus i sceallogaí tobac

An chéad uair lean mé í i bhfad ó cheann go ceann ó thús na seachtaine
 An dara huair a lean mé í stróic sí ó thaobh na Finne go dtí Laois
 An tríú huair lean mé í go Ceanada agus ar ais chun an Mhuilinn Cerr
 Rugadh ar mo chosa agus b'éigean dom bualadh ar an déirc seo.

Is iomaí mála sin ormsa a bhean a tí cé nár léir duitse mo dheacracht
 Mar atá mála an tslinneáin, mála an bhuinneáin, mála na hiosgaide
 agus mála na hascaille,
 an wool bag, an receiver, a penny come quick, gob na déirce agus an butter box
 D'fhág mé slán ag bunadh an tí sin agus chuaigh go teach eile.





Is é atá sa leabhar seo stair Scoil na gCruach atá suite i nGaeltacht Láir Thír Chonaill, scoil a bunaíodh sa bhliain 1907 agus a druideadh i 1971.

Tá mórán eolais agus seanchais ann fosta ar cheantar na gCruach i gcoitinne chomh maith le cuimhní cinn iar-dhaltáí scoile agus scoláirí Gaeilge a thugann léargas ar an dóigh a ndeachaigh an fhíor-ghaeltacht seo i bhfeidhm orthu féin.

Áine Ní Dhíoraí